Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

*Safer Better Care*

# Réamhfhocal leis an gCathaoirleach



**An tOll. Pat O'Mahony**
Cathaoirleach

**Tá áthas orm réamheolas a thabhairt maidir le Tuarascáil Bhliantúil 2018 an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. Tugtar breac-chuntas leis an doiciméad seo ar an méid a bhaint an tÚdarás amach agus an bhliain dheireanach dár bPlean Corparáideach 2016-2018 á chomhlíonadh againn.**

In 2018, chuir ár Stiúrthóireacht Rialúcháin níos mó ná 1,500 iniúchadh i gcrích chun cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí a mhonatóiriú agus a rialáil. Le linn ár gcuid oibre, leanamar dár gcaidreamh gníomhach a mhéadú leis na daoine a úsáideann na seirbhísí sin, lena dteaghlaigh agus lena gcairde. Beidh rannpháirtíocht le húsáideoirí seirbhísí maidir lena n-eispéireas ar chúram fós ina príomhchuspóir straitéiseach don Údarás thar na trí bliana le teacht. Sonraítear leis an tuarascáil seo leibhéil na gníomhaíochta agus torthaí ár n-oibre rialála thar shuíomhanna cónaithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas.

D'fhoilsíomar freisin ár n-imscrúdú i mbainistíocht Tusla ar líomhaintí de dhrochúsáid ghnéasach leanaí, mar a d'iarr an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Mar thoradh air sin rinneadh raon moltaí ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta, agus réimsí á dtabhairt chun suntais go sainiúil inar féidir leis an Údarás oibriú leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le caighdeáin a fhorbairt agus seirbhísí a rialú do chuid dár leanaí is leochailí. Táimid ag súil le caighdeáin uileghabhálacha a fhorbairt do sheirbhísí sóisialta do leanaí in 2019 agus leanfaimid le cosaint agus cumhdach leanaí a mhonatóiriú laistigh de Tusla de réir mar a chuireann siad ár moltaí i bhfeidhm.

D'fhoilsíomar Dréachtchaighdeáin Náisiúnta nua do Lárionaid Chónaithe do Leanaíagus Caighdeáin Náisiúnta maidir le cosc agus rialú ionfhabhtuithe i seirbhísí pobail in 2018, lena gcuirtear síos ar an méid ba cheart a bheith á dhéanamh trí sheirbhísí sábháilte, éifeachtacha agus ardcháilíochta chun freastail ar riachtanais daoine agus chun iad a chosaint ar dhochar.


Tá cumhdach aosach i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta fós ina phríomhchuspóir do HIQA. In 2018, chuireamar forbairt i gcrích maidir le Caighdeáin Náisiúnta le haghaidh Aosaigh a Chumhdach, i gcomhar leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte. Táimid ag súil le faomhadh an phíosa oibre thábhachtaigh sin ag an Aire Sláinte agus lena ghlacadh thar sheirbhísí sláinte, meabhairshláinte agus cúraim shóisialta.
Sa bhreis air sin, chuir ár bhFoireann Caighdeán tús le hobair le raon de chomhpháirtithe d'fhonn treoir a fhorbairt le haghaidh soláthraithe seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta bunaithe ar chearta. Beidh forbairt treorach agus uirlisí eile chun tacú le caighdeáin a chur i bhfeidhm ina cuid shuntasach dár gcuid oibre thar na trí bliana.

Is príomhchuspóir de chuid HIQA cinnteoireacht a chumasú bunaithe ar fhianaise agus ar thaighde. In 2018, chuireamar comhairle ar fáil don Aire Sláinte agus don tseirbhís sláinte maidir leis an vacsaín HPV (papalómaivíreas daonna) a shíneadh go buachaillí. Leanaimid freisin ag comhoibriú le comhlachtaí eile agus le príomhpháirtithe leasmhara ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tacú le cinnteoireacht cúraim sláinte agus chun í a threorú, go háirithe faoin bhfeidhm HRB-CICER (An Bord Taighde Sláinte-Comhoibriú in Éirinn um Athbhreithnithe ar Éifeachtúlacht Chliniciúil) dár gcuid. Is cuid chriticiúil d'obair HIQA bonn fianaise fónta a chinntiú maidir le forbairt beartas agus forbairt caighdeán agus treoirlínte. Sonraítear inár bPlean Corparáideach 2019-2021 nua an dóigh a bhfuil sé beartaithe againn obair a dhéanamh le comhpháirtithe acadúla agus beartais agus le comhpháirtithe maoinithe eile chun cumas taighde a fhorbairt i ngach réimse dár gcuid oibre.

I Straitéis Cur Chun Feidhm Sláintecare liostaítear cur chun feidhme achoimrí othar leictreonacha in éineacht le seirbhís ordaithe oideas leictreonach mar cheann de na 10 bpríomhghníomhaíocht straitéiseacha dá cuid. Leanamar ag tacú le tabhairt isteach achoimrí othar leictreonacha agus Ríomhordú oideas in Éirinn trí athbhreithnithe idirnáisiúnta, moltaí don Aire agus caighdeáin náisiúnta maidir le riachtanais faisnéise a fhorbairt a theastaíonn chun na tionscadail a fheidhmiú go céimneach.

D'fhonn cáilíocht na sonraí arna dtaifeadadh sa chóras sláinte a fheabhsú, d'fhoilsíomar creat um cháilíocht sonraí chun tacú le heagraíochtaí sláinte agus cúraim shóisialta cáilíocht na sonraí agus na faisnéise sláinte a bhailíonn siad a mheasúnú agus a fheabhsú. Chuireamar tús le clár athbhreithnithe freisin ar chleachtais um bainistíocht faisnéise ag bailiúcháin sonraí náisiúnta arna reáchtáil ag FSS. Is é aidhm na hoibre sin cáilíocht na sonraí agus na faisnéise sláinte náisiúnta a fheabhsú, agus ar deireadh thiar cur le seachadadh cúraim sláinte agus shóisialta in Éirinn atá sábháilte agus iontaofa.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann uile HIQA as a n-obair dhian agus as a dtiomantas chun a chinntiú gur chomhlíonamar ár misean agus ár luachanna le linn 2018, agus le comhaltaí an Bhoird as an gcomhairle agus as an treoir a chuir siad ar fáil. Tá mé ag súil le seachadadh na gcuspóirí atá leagtha amach inár bPlean Corparáideach nua lena gcinnteofar go leanann HIQA le rannchuidiú dearfach agus cuiditheach a dhéanamh le cáilíocht agus le sábháilteacht sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.



**An tOll. Pat O'Mahony**
**Cathaoirleach**

# Clár ábhar


**Réamhfhocal leis an gCathaoirleach** 3

**1 Eolas faoin Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte** 7

1.1 Réamhrá 7

1.2 Ár sainchúram agus ár ngníomhaíochtaí 7

1.3 Ráiteas misin agus luachanna corparáideacha 8

**2 Rialachas agus bainistíocht** 10

2.1 An Bord 10

2.2 Cruinnithe Boird 11

2.3 Coistí Boird 13

2.4 Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin 13

**3 Cuspóirí straitéiseacha agus an méid a baineadh amach** 15

3.1 Cuspóirí straitéiseacha 15

3.2 Achoimre ar an méid a baineadh amach ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018 16

**4 Tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí** 20

4.1 Regulation and the Office of the Chief Inspector of Social Services 20

*4.1.1 Rialachán ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta 22*

*4.1.2 Rialú ionad ainmnithe do dhaoine (daoine fásta agus leanaí) faoi mhíchumais 28*

*4.1.3 Clár dearbhaithe agus rialála do cháilíocht agus do shábháilteacht seirbhísí sonraithe cúraim shóisialta leanaí in 32*

*4.1.4 Faisnéis (fógraí rialaitheacha) a iarradh agus nár iarradh a fuarthas maidir le lárionaid ainmnithe 36*

*4.1.5 Soláthar cláir ráthaithe do cháilíocht agus sábháilteacht le haghaidh seirbhísí sainithe cúraim sláinte in Éirinn 39*

*4.1.6 Forbairt Cleachtais Rialála agus Seirbhísí Gnó 42*

4.2 Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte 43

*4.2.1 Gníomhaíocht HTA in 2018 43*

*4.2.2 HRB-CICER 46*

*4.2.3 HRB-CICER – an Fhoireann um Fhianaise do Bheartas 49*

*4.2.4 Taighde a foilsíodh in 2018 49*

*4.2.5 Achoimre ar ghníomhaíochtaí eile le linn 2018 52*

*4.2.6 Líonraí idirnáisiúnta 55*

*4.2.7 Eitic thaighde 58*

4.3 Faisnéis agus Caighdeáin Sláinte 59
*4.3.1 Clár um Shuirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar 59*
*4.3.2 Faisnéis Sláinte 62*
*4.3.3 Caighdeáin agus Treoir maidir le Cúram Sóisialta agus Sláinte 69*
*4.3.4 Léachtaí agus láithreoireachtaí arna soláthar ag baill na Stiúrthóireachta 74*

4.4 Oibríochtaí 79
*4.4.1 Acmhainní Daonna 79*
*4.4.2 Bainistíocht airgeadais 80*
*4.4.3 Bainistíocht cháilíochta 80*
*4.4.4 Sláinte agus sábháilteacht 80*
*4.4.5 Ídiú fuinnimh agus an comhshaol 81*
*4.4.6 Pleanáil 81*

4.5 Cumarsáid agus Caidreamh le Páirtithe Leasmhara 82
*4.5.1 Caidreamh leis an bpreas agus leis na meáin 82*
*4.5.2 Bainistíocht ar fhoilseacháin 83*
*4.5.3 Caidreamh agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara 83*
*4.5.4 Gnóthaí poiblí agus parlaiminteacha 84*
*4.5.5 Cumarsáid ar líne 85*
*4.5.6 Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar faoi stiúir chumarsáide 86*
*4.5.7 Cumarsáid inmheánach 87*
*4.5.8 Saoráil Faisnéise 87*
*4.5.9 Gearáin 87*

4.6 Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh 88
*4.6.1 Cruinnithe Boird agus coiste 88*
*4.6.2 Rialachas corparáideach 89*

**5 Ráitis airgeadais bhliantúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 90**
Faisnéis ghinearálta 91
Tuarascáil an Chathaoirligh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 92
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach 94
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 97
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 103
Ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 108

**Aguisín 1: Tuarascáil bhliantúil maidir le nochtuithe cosanta** 128

# Caibidil 1: **Eolas faoin Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte**

## 1.1 Réamhrá

Tá an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) ina údarás neamhspleách a bunaíodh in 2007 chun cúram ardchaighdeáin agus sábháilte a chur chun tosaigh do dhaoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn. Is é an ról atá ag HIQA caighdeáin a fhorbairt, iniúchadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus tacú le cinntí feasacha maidir leis an gcaoi a ndéantar seirbhísí a sheachadadh.

Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo obair HIQA ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018, i gcomhréir le riachtanais reachtúla an Achta Sláinte 2007, agus áirítear léi socruithe HIQA maidir le cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chur i bhfeidhm agus a choimeád. Áirítear léi chomh maith Tuarascáil Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialta agus an Tuarascáil Bhliantúil Rialachais agus Comhlíontachta, mar a cheanglaítear san Acht Sláinte 2007, mar aon lenár ráitis airgeadais bhliantúla.

## 1.2 Ár sainordú agus ár ngníomhaíochtaí

Is mór an fás atá tagtha ar shainchúram HIQA ó bunaíodh é in 2007; ach is iad na croíghníomhaíochtaí céanna atá againn i gcónaí.

Tá ár sainordú sínte thar raon sonraithe seirbhísí sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha. Ag tuairisciú don Aire Sláinte agus ag déileáil leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, tá freagracht ag HIQA as na nithe seo a leanas:

- **Caighdeáin a leagan síos le haghaidh Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta** – Caighdeáin dírithe ar an duine a fhorbairt, bunaithe ar fhianaise agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta, le haghaidh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.
- **Rialáil** – Lárionaid ainmnithe a chlárú agus a iniúchadh.
- **Monatóireacht a dhéanamh ar Sheirbhísí Leanaí** – Monatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar sheirbhísí sóisialta leanaí.
- **Monatóireacht a dhéanamh ar Shábháilteacht agus Cáilíocht Cúraim Sláinte** – Monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na seirbhísí sláinte agus imscrúdú a dhéanamh mar is gá ar bhuarthaí tromchúiseacha faoi shláinte agus leas na ndaoine a bhaineann úsáid as na seirbhísí sin.

- **Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte** – Comhairle a sholáthar lenar féidir an toradh is fearr a bhaint amach do dhaoine a úsáideann ár seirbhís sláinte agus an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní trí mheastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht chliniciúil agus ar chost-éifeachtúlacht drugaí, trealaimh, teicnící diagnóiseacha agus gníomhaíochtaí cur chun cinn agus cosanta sláinte.
- **Faisnéis Sláinte** – Comhairle a thabhairt ar bhailiú agus ar chomhroinnt éifeachtach agus slán faisnéise sláinte, caighdeáin a shocrú, acmhainní faisnéise a mheasúnú agus faisnéis a fhoilsiú faoi sheachadadh agus feidhmíocht seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.

Tá na feidhmeanna reachtúla lena gcuirtear bonn faoi obair HIQA leagtha amach san Acht Sláinte 2007, sna hAchtanna um Chúram Leanaí 1991 agus 2001 (arna leasú), in Acht na Leanaí 2001, san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004, agus san Acht um Míchumas 2005.

## 1.3 Ráiteas misin agus luachanna corparáideacha

Tá HIQA ann chun feabhsuithe inbhuanaithe a chur chun cinn, chun daoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chosaint agus chun tacú le cinntí feasacha maidir leis an gcaoi ina seachadtar seirbhísí. Tá an misean seo mar threoir agus mar stiúir ar ghníomhaíochtaí uile HIQA. Léirítear le luachanna corparáideacha HIQA an méid a gcreidimid a bheith tábhachtach agus an dóigh a n-oibrímid, chomh maith le héiteas agus an cur chuige a spreagaimid ár bhfoireann chun cloí leo.

Seo a leanas bunluachanna HIQA:

1. **Tús áite a thabhairt do dhaoine** – Tugann HIQA tús áite do riachtanais agus do thuairimí na ndaoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ag croílár a chuid oibre uile.
2. **Bheith cothrom agus oibiachtúil** – Déanann HIQA a dhícheall bheith cothrom agus oibiachtúil agus é ag déileáil le daoine agus le heagraíochtaí, agus déanann sé a chuid oibre go neamhchlaonta.
3. **Bheith follasach agus cuntasach** – Comhroinneann HIQA faisnéis maidir le cineál agus torthaí a chuid oibre, agus ghlacann sé freagracht iomlán as na gníomhaíochtaí dá chuid.
4. **Bheith tiomanta do bharr feabhais** – Déanann HIQA iarracht ar bhonn leanúnach chun a fheabhsú agus chun barr feabhais a bhaint amach ina chuid oibre.
5. **Ag obair le chéile** – Déanann HIQA caidreamh gníomhach leo siúd a mhaoiníonn, a phleanálann, a sholáthraíonn agus a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta chun gnéithe uile a chuir oibre a fhorbairt.

## Croíluachanna HIQA



# Caibidil 2: **Rialachas agus bainistíocht**

## 2.1 An Bord

Is é an Bord comhlacht rialaithe HIQA agus bunaíodh é an 15 Bealtaine 2007. Tá an Bord freagrach as rialachas cuí HIQA, córais éifeachtúla inmheánacha rialaithe a chinntiú, chomh maith le comhlíonadh reachtúil agus oibriúcháin agus bainistíocht riosca. Is iad seo gnéithe bunúsacha an rialachais agus an chomhlíonta éifeachtúil chorparáidigh.

Tá comhaltas an Bhoird comhdhéanta de Chathaoirleach agus 11 stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin arna gceapadh ag an Aire Sláinte. Aithnítear go bhfuil taithí agus saineolas ar leith ag comhaltaí an Bhoird i gcúrsaí a bhaineann le feidhmeanna HIQA, agus tagann siad ó réimse gairmeacha agus tionscal sláinte agus cúraim shóisialta.

Seo a leanas comhaltaí an Bhoird le linn 2018:



*An tOll. Pat O'Mahony* ***(Cathaoirleach)***

Príomhfheidhmeannach ar Clinical Research Development Ireland. Iar-Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí. Leas-Ard-Rúnaí agus Ceann Rialachais agus Feidhmíochta roimhe seo ag an Roinn Sláinte.
Iar-Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás Rialála Táirgí Sláinte.



*An Dr. Deirdre Madden*

Ollamh sa Dlí ag Coláiste Ollscoile Chorcaí. Comhalta Chomhairle Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta, CORU agus iarchomhalta Chomhairle na nDochtúirí Leighis, Éire. Bhí sí ina Cathaoirleach ar an gCoimisiún um Shábháilteacht Othar agus um Dhearbhú Cáilíochta.



*Caroline Spillane*

Ard-Stiúrthóir Innealtóirí Éireann. Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis, Éire. Iar-Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta le FSS agus Príomhoifigeach Feidhmiúchán na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime.



*Enda Connolly*

Iar-Phríomhfheidhmeannach leis an mBord Taighde Sláinte agus iarchomhalta le Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin Údarás Forbartha Tionscail Éireann (ÚFT).



*An Dr. Jim Kiely*

Leas-Chathaoirleach ar Bhord Ospidéal Ollscoile Thamhlachta agus ball de Choiste Tosaithe, Aistrithe agus Comhtháthaithe Ospidéal Náisiúnta na Leanaí.
Iar-Phríomhoifigeach Leighis sa Roinn Sláinte.



*Paula Kilbane*

Iar-Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Oirthir i dTuaisceart Éireann agus Stiúrthóir Sláinte Poiblí de Bhord Sláinte an Deiscirt i dTuaisceart Éireann. Ina stiúrthóir faoi láthair ar roinnt bord sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus carthanachta.



*Molly Buckley*

Altra sláinte poiblí. Leas-Cathaoirleach ar Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta agus stiúrthóir agus cathaoirleach le roinnt eagraíochtaí agus tionscadal náisiúnta agus idirnáisiúnta um chuimsiú sóisialta.



*Martin Sisk*

Aturnae. Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin an Bhoird Eatramhaigh ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Stiúrthóir Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa. Cathaoirleach Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann. Coimisinéir ar Choimisiún na Scrúduithe Stát.



*Mary Fennessy*

Oibrí sóisialta, a bhí ag obair roimhe seo i seirbhísí sláinte leanaí agus sóisialta sa RA agus in Éirinn. Comhalta boird ar an gCoimisiún um Fhiosrúchán faoi Mhí-Úsáid Leanaí. Cathaoirleach ar Choiste Cuairte Phríosún Mhuinseo. Comhalta coiste Chumann Cógaiseoirí na hÉireann agus chomhlacht rialála na nGairmeoirí Cúraim Sláinte agus Shóisialta, CORU.



*Stephen O'Flaherty*

Cuntasóir cáilithe le Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte a d'oibrigh le Baincéireacht Ghnó AIB agus tá sé anois ina stiúrthóir le BDO.



*Judith Foley*

Príomhoifigeach Oideachais Gníomhach, Rannóg Oideachais Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.

D'éirigh na comhaltaí seo a leanas as an mBord in 2018:



*Brian McEnery*

Comhpháirtí i gCuntasóirí agus Comhairleoirí Gnó BDO. Uachtarán Domhanda ar Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte. Comhalta de chuid Chuntasóirí Cairte na hAstráile agus na Nua- Shéalainne. Comhalta de bhord NAMA agus Cathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta NAMA.



*An Dr. Una Geary*

Lia comhairleach i Leigheas Éigeandála agus Stiúrthóir um Fheabhsú Cáilíochta agus Sábháilteachta in Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath. Léachtóir Oinigh cliniciúil i Scoil an Leighis, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



*Anne Carrigy*

Iar-Cheann Náisiúnta ar Sheirbhísí Ospidéil Ghéarmhíochaine, FSS. Iar-Uachtarán Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.



*Bairbre O'Neill*

Abhcóide a chleachtann i réimse na dlíthíochta sibhialta, agus béim ar leith ar dhlíthíocht tráchtála agus athbhreithniú breithiúnach.

## 2.2 Cruinnithe Boird

Faoin Acht Sláinte 2007, tá ceanglas ar an mBord cruinnithe a reáchtáil sé huaire in aghaidh na bliana. San iomlán, tháinig Bord HIQA le chéile 14 huaire le linn 2018 chun cúrsaí suntasacha éagsúla a chur chun cinn (féach Caibidil 5 le haghaidh sonraí breise a fháil maidir le gníomhaíochtaí ár mBoird in 2018).

## 2.3 Coistí Boird

Tá ceithre choiste Boird ann a bhfuil freagrachtaí sonracha orthu as tacú le gníomhaíochtaí an Bhoird maidir le HIQA a rialú:

- Déanann an Coiste Rialála maoirseacht ar éifeachtúlacht, rialachas, comhlíonadh agus rialuithe maidir le seachadadh fheidhmeanna rialála HIQA.
- Tacaíonn an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais leis an mBord maidir lena dhualgais i leith saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialála agus le deimhniú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an coiste chuig an mBord tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil.
- Déanann an Coiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta maoirseacht ar na socruithe rialachais, lena n-áirítear comhlíonadh agus rialuithe, maidir leis na feidhmeanna a bhaineann le caighdeáin a fhorbairt, faisnéis sláinte agus na feidhmeanna a bhaineann le measúnú ar theicneolaíocht sláinte.
- Déanann an Coiste Maoirseachta Acmhainní monatóireacht ar riachtanais acmhainní HIQA lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht le straitéis chorparáideachHIQA, lena n-áirítear maoirseacht ar rioscaí a bhaineann le hacmhainní. Lena chois sin, déanann sé maoirseacht ar riachtanais eagraíochtúla agus ar fheidhmíocht na bainistíochta.

## 2.4 Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Léirítear le struchtúr eagraíochtúil HIQA ár bhfeidhmeanna agus gníomhaíochtaí lárnacha: Rialáil, Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte agus Faisnéis agus Caighdeáin Sláinte in éineacht leis na seirbhísí tacaíochta lena gcuirtear ar ár gcumas ár gcuspóirí corparáideacha a bhaint amach: Oibríochtaí, Cumarsáid agus Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara, agus Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh. Tá an eagraíocht faoi stiúir Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin le tacaíocht ó bhainisteoirí sinsearacha eile atá freagrach as feidhmeanna ár bpríomhghnó.

I Mí na Nollaig 2018 ba iad seo a leanas na daoine a bhí ar Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin HIQA:



*Phelim Quinn*

Príomhfheidhmeannach



*An Dr. Máirín Ryan*

Stiúrthóir ar an Measúnú Teicneolaíochta Sláinte agus Leas-Phríomhfheidhmeannach



*Mary Dunnion*

Stiúrthóir Rialacháin agus Príomhchigire Seirbhísí Sóisialta



*Rachel Flynn*

Stiúrthóir Faisnéise agus Caighdeán Sláinte




*Sean Angland*

Príomhoifigeach Oibriúcháin Gníomhach


# Caibidil 3: **Cuspóirí straitéiseacha agus an méid a baineadh amach**

## 3.1 Cuspóirí straitéiseacha

Leagtar amach i bPlean Corparáideach HIQA 2016-2018 an creat agus na cuspóirí straitéiseacha lena gcuirtear ar ár gcumas oibleagáidí reatha agus nua a chomhlíonadh. Sonraítear leis an bplean sin treo agus fócas na heagraíochta don tréimhse agus tá sé dírithe ar cheithre thoradh do dhaoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, eadhon:




Léirítear leis na torthaí sin an chúis le HIQA a bheith ann agus, go tábhachtach, an méid a bhfuil sé mar aidhm ag HIQA a bhaint amach. D'fhonn na torthaí sin a bhaint amach, tá cuspóirí agus tosaíochtaí sainiúla agus réimse tiomantas leagtha síos againn i dtaca lenár bpríomhghníomhaíochtaí:




D'fhonn ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, teastaíonn na nithe a leanas uainn:





Déantar na cuspóirí, na tosaíochtaí agus na tiomantais seo, a chuirtear in iúl sa Phlean Corparáideach, a chomhlíonadh tríd na cuspóirí atá leagtha amach inár bplean bliantúil gnó. Tá achoimre den dul chun cinn atá déanta leis na cuspóirí sin a bhaint amach ar fáil sa chéad roinn eile. Tar éis don Aire Sláinte ár bPlean Corparáideach 2019-2021 a fhaomhadh, foilseoidh HIQA tuarascáil theicniúil maidir leis an dul chun cinn i gcomhlíonadh na gcuspóirí atá sonraithe inár bPlean Corparáideach 2016-2018.

## 3.2 Achoimre ar an méid a baineadh amach ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018





- Cuireadh imscrúdú i gcrích ar bhainistíocht líomhaintí de dhrochúsáid ghnéasach leanaí i gcoinne aosach is ábhar imní ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) ar ordú ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Rinneadh ceithre phríomh-mholadh san imscrúdú don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus do Tusla, sa bhreis ar bhearta eile nach mór do Tusla a ghlacadh go práinneach.
- Cuireadh an clárúchán i gcrích maidir le lárionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumais, agus cláraíodh 1,183 lárionad idir Samhain 2013 agus Deireadh Fómhair 2018. I rith 2018, rinneamar 859 iniúchadh ar lárionaid do dhaoine faoi mhíchumais, agus monatóireacht á déanamh i gcoinne rialachán agus caighdeán, agus ag áirithiú go raibh cearta na gcónaitheoirí á gcur chun cinn agus á gcosaint.
- Rinneadh 542 iniúchadh ar 444 teach altranais, agus bhí trí iniúchadh nó níos mó de dhíth maidir le 15 theach altranais le linn 2018. Rinneadh monatóireacht leis na hiniúchtaí ar chomhlíonadh rialachán agus caighdeán, agus cuireadh feabhsúchán chun cinn trí chlár iniúchta téamach sainiúil a bhí dírithe ar chúram do chónaitheoirí ar a bhfuil néaltrú.
- Rinneadh 65 iniúchadh ar sheirbhísí do leanaí, lenar áiríodh seirbhísí cónaithe reachtúla do leanaí, seirbhísí cúraim altrama, aonaid sainchúraim, Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh agus seirbhísí cosanta agus leasa leanaí. Mar thoradh ar na hiniúchtaí sin, rinneamar moltaí do sholáthraithe maidir le cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí do leanaí agus daoine óga leochaileacha a fheabhsú.
- Cuireadh tús le clárú agus le rialáil aonad sainchúraim mar lárionaid ainmnithe an 1 Eanáir 2018. Rinneadh iniúchadh ar na trí aonad sainchúraim uile agus rinneadh iad a chlárú faoi Shamhain 2018.
- Rinneadh 38 iniúchadh in ospidéil phoiblí agus cuireadh tús le clár nua monatóireachta ar sheirbhísí máithreachais i gcoinne na gCaighdeán Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Máithreachais Níos Sábháilte agus Níos Fearr, lena ndéantar measúnú neamhspleách ar cháilíocht agus ar shábháilteacht sheirbhísí máithreachais na hÉireann.
- Cuireadh feidhmiú Ríomhordaithe Oideas in Éirinn chun cinn trí mholtaí a fhoilsiú don Aire Sláinte, agus trí chaighdeán náisiúnta a fhorbairt maidir le ceanglais faisnéise le haghaidh Ríomhordú Oideas náisiúnta phobalbhunaithe, ar aon dul leis na gníomhaíochtaí atá leagtha amach i Straitéis Cur Chun Feidhme Sláintecare.

- Foilsíodh Treoir maidir le creat cáilíochta sonraí do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, mar aon le huirlis measúnaithe idirghníomhach i dtaca le cáilíocht sonraí, i nDeireadh Fómhair 2018 chun tacú le heagraíochtaí sláinte agus cúraim shóisialta measúnú, monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar bhonn córasach ar cháilíocht na sonraí agus na faisnéise sláinte a bhailíonn siad.
- Cuireadh athbhreithniú Idirnáisiúnta i gcrích ar na modheolaíochtaí le haghaidh caighdeáin agus treoir náisiúnta a fhorbairt lenar cuireadh bonn eolas faoi phróiseas athbhreithnithe um fhorbairt caighdeán agus lenar cuireadh béim níos mó ar fhorbairt treorach agus uirlisí atá dírithe ar fheidhmiú caighdeán a chur chun cinn agus a éascú ar fud sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.
- Cuireadh tús le Céim 1 de chlár athbhreithnithe chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gCaighdeán Bainistíochta Faisnéise do Bhailiúcháin Sonraí Náisiúnta agus foilsíodh athbhreithnithe ar chleachtais bainistíochta faisnéise sa Scéim Faisnéise Ospidéil d'Othair Chónaitheacha (HIPE) agus BreastCheck. Tar éis na hathbhreithnithe sin a chríochnú, rinneamar sraith moltaí a bhí dírithe ar rialachas agus ar cháilíocht na sonraí a fheabhsú sna bailiúcháin sonraí.




- Foilsíodh torthaí an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar 2018. Ghlac níos mó ná 13,000 duine páirt i suirbhé 2018 ar othair chónaitheacha, agus dúirt 84% de na hothair go raibh eispéireas 'maith' nó 'an-mhaith' acu ar an iomlán san ospidéal i Meitheamh 2018. Ar aon dul le héiteas na comhpháirtíochta, d'oibríomar le FSS chun seachadadh raon thionscnamh a chur chun cinn a bhí dírithe ar eispéiris othar a fheabhsú sna hospidéil géarmhíochaine ar a ndearnadh suirbhé.
- Foilsíodh comhairle don Aire Sláinte maidir leis an vacsaín HPV a shíneadh go buachaillí tar éis measúnú ar theicneolaíocht sláinte (HTA) a chur i gcrích lenar dearbhaíodh an éifeachtúlacht chliniciúil agus an chost-eifeachtúlacht a bhaineann le síneadh an chláir imdhíonta reatha, agus le hathrú ó vacsaín 4 fhiúsach go vacsaín 9 bhfiúsach.
- Cuireadh tús le HTA ar chlár próifiolacsais réamhnochta (PrEP) do phobail atá i mbaol substaintiúil ó VEID a tholgadh trí ghnéas in Éirinn.
- Soláthraíodh sintéis fianaise chun tacú le forbairt Treoirlíne Cliniciúla Náisiúnta maidir le diabetes mellitus Aosach cineál 1 a foilsíodh i Meitheamh 2018.
- Foilsíodh treoirlínte maidir le measúnacht eacnamaíoch agus anailís tionchair buiséid ar theicneolaíochtaí sláinte in Éirinn.

- Foilsíodh Caighdeáin Náisiúnta do Lárionaid Chónaitheacha do Leanaí, arna bhfaomhadh ag an Aire Sláinte i gcomhairliúchán leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.
- Foilsíodh Caighdeáin Náisiúnta maidir le cosc agus rialú ionfhabhtuithe i seirbhísí pobail, arb iad an chéad sraith de chaighdeáin HIQA a forbraíodh go sainiúil do sheirbhísí pobail sláinte agus cúraim shóisialta, amhail seirbhísí otharchairr, cúram baile, cleachtais DGanna, cleachtais fiaclóirí, lárionaid chónaitheacha, seirbhísí cúraim lae agus cógaslanna.
- I gcomhpháirtíocht leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte, rinneadh comhairliúchán poiblí a reáchtáil maidir le Dréachtchaighdeáin náisiúnta le haghaidh aosaigh a chumhdach, agus tionóladh seimineár i mBealtaine 2018 dar teideal ‘Cumhdach Aosach: Cearta, Sláinte agus Folláine a Chur Chun Cinn’ d’fhonn feasacht a ardú faoin tábhacht a bhaineann le cumhdach aosach.
- Tionóladh comhairliúchán scóipe maidir le treoir nua a fhorbairt do chur chuige bunaithe ar chearta an duine i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.
- Tionóladh comhairliúcháin phoiblí maidir lenár nDréachtphlean Corparáideach 2019–2021 agus maidir lenár ndréachtchairt seirbhísí.
- Freastalaíodh ar an gComhchoiste um Shláinte i Meitheamh chun díospóireacht a dhéanamh faoi rialachán molta ón gCoimisiún Eorpach maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte.
- Freastalaíodh ar an gComhchoiste um Shláinte i Meitheamh chun díospóireacht a dhéanamh faoi Scéim Ghinearálta an bhille um Shábháilteacht Othar (Ceadúnú).




*Mary Dunnion, Stiúrthóir Rialála agus Príomhchigire Seirbhísí Sóisialta HIQA, ag labhairt leis an gComhchoiste um Shláinte an 13 Meitheamh 2018.*

# 2018 HIQA IN UIMHREACHA

**542**
INIÚCHADH AR
**THITHE ALTRANAIS**

**859**
nINIÚCHADH AR SHEIRBHÍSÍ CÓNAITHEACHA DO **DHAOINE FAOI MHÍCHUMAIS**

**38**
nINIÚCHADH AR
**OSPIDÉIL**

**65**
INIÚCHADH AR
**SHEIRBHÍSÍ DO LEANAÍ**

**2**
LÁITHREAS OS COMHAIR
**CHOISTÍ AN OIREACHTAIS**

**1** INIÚCHADH REACHTÚIL AR BHAINISTÍOCHT NA LÍOMHAINTÍ DE **DHROCHÚSÁID GHNÉASACH LEANAÍ I gCOINNE AOSACH IS ÁBHAIR IMNÍ**

**13,404**
RANNPHÁIRTITHE SA
**SUIRBHÉ NÁISIÚNTA AR EISPÉIRIS OTHAR**
National Patient Experience Survey

**447,085**
DHOICIMÉAD ÍOSLÓDÁILTE Ó
**WWW.HIQA.IE**

**2 THACAR**
DE CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA ARNA bhFOILSIÚ

**2**
ATHBHREITHNIÚ AR **CHLEACHTAIS BAINISTÍOCHTA FAISNÉISE** IN HIPE AGUS IN BreastCheck

**10**
**gCOMHAIRLIÚCHÁN**
ARNA dTIONÓL

**242**
AIGHNEACHT FAIGHTE MAIDIR LEIS AN HTA DRÉACHTA CHUN **VACSAÍN HPV A SHÍNEADH GO BUACHAILLÍ**

# Chapter 4: **Activity reports**

Taifeadtar sa chaibidil seo den Tuarascáil Bhliantúil an obair a rinne ár Stiúrthóireachtaí agus ár bhfoirne in 2018 chun na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach i *bPlean Corparáideach HIQA 2016–2018* a chur chun cinn. Foilseofar tuarascálacha forbhreathnaithe ar ár gcuid oibre ar rialáil agus ar mhonatóireacht lárionad ainmnithe do dhaoine scothaosta, lárionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumais, seirbhísí cúram sláinte agus seirbhísí do leanaí sa chéad leath de 2018.

## 4.1 Rialáil agus Oifig an Phríomhchigire Seirbhísí Sóisialta

Bunaíodh HIQA chun cúram sábháilte agus ardchaighdeáin a sholáthar do dhaoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. D'fhonn na hoibleagáidí reachtúla dá chuid a bhaint amach atá leagtha amach san Acht Sláinte 2007, arna leasú, bhunaigh HIQA Stiúrthóireacht Rialála. Feidhmíonn an Stiúrthóireacht sin faoi mhaoirseacht:

- Oifig an Phríomhchigire Seirbhísí Sóisialta, a dhéanann maoirseacht ar chlárú agus ar rialáil lárionad ainmnithe d'aosaigh agus do leanaí
- an Stiúrthóra Rialála, atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht agus ar shábháilteacht seirbhísí sláinte agus ar sheirbhísí cúraim shóisialta neamhchláraithe.

Tá an Stiúrthóireacht Rialála roinnte ina ceithre cholún speisialtóireachta:

- lárionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta
- lárionaid ainmnithe do dhaoine faoi míchumais
- cúram sláinte
- seirbhísí do leanaí.

Tacaíonn na foirne um Fhorbairt Chleachtais Rialála agus um Sheirbhísí Gnó leis na colúin sin.

Comhlíonann Oifig an Phríomhchigire Seirbhísí Sóisialta agus an Stiúrthóireacht Rialála ár gcuspóirí straitéiseacha trí iniúchadh rialála agus trí ghníomhaíocht mhonatóireachta trína chinntiú go ndéantar cúram a fheabhsú, go ndéantar daoine a cumhdach, go gcuirtear daoine ar an eolas, agus go mbíonn tionchar againn ar an gcaoi a ndéantar cinntí beartais agus seirbhíse.

Déanann an Stiúrthóireacht Rialála trí chineál éagsúla iniúchta:

1. Iniúchtaí ar chomhlíonadh rialála na lárionad sin ar a n-éilítear, de bhua a gclárúcháin, comhlíonadh a choimeád maidir le rialacháin atá ina gceangal dlí.
2. Iniúchtaí monatóireachta lena ndéantar monatóireacht ar an gcomhlíonadh leanúnach maidir le caighdeáin shonracha lena mbaineann sainordú náisiúnta.
3. Iniúchtaí téamacha atá dírithe ar fheabhsú cáilíochta a spreagadh trí bhéim a leagan ar chaighdeáin náisiúnta atá ábhartha do ghnéithe an chúraim agus chaighdeán na beatha, mar shampla, iniúchtaí téamacha maidir le néaltrú.

Chomh maith le hiniúchtaí a dhéanamh, faighimid faisnéis ó fhoinsí éagsúla agus déanaimid anailís agus measúnú riosca uirthi. Tá faisnéis bhreise i dtaobh cháilíocht, shábháilteacht agus eispéireas na gcónaitheoirí ríthábhachtach do rialáil na seirbhísí. Áirítear leis sin fógraí ó sholáthraithe a bhaineann le teagmhais shonracha de réir mar atá leagtha amach sna rialacháin. Mar an gcéanna, cuireann cónaitheoirí, daoine a úsáideann seirbhísí, gaolta, foireann, abhcóidí nó tríú páirtithe a mbíonn teagmháil dhíreach acu le hothar, le cónaitheoir nó le cónaitheoirí faisnéis faoi bhráid HIQA trínár bhFoireann um Buarthaí. Úsáidtear an fhaisnéis go léir chun bonn eolais a chur faoinár measúnú ar chomhlíonadh agus riosca laistigh de na seirbhísí, agus chun bonn eolais breise a chur faoinár gclár monatóireachta agus iniúchóireachta.

Sa bhreis air sin, féadfaidh HIQA iniúchadh a dhéanamh maidir le sábháilteacht, cáilíocht agus caighdeáin na seirbhísí ar a gcuirtear síos in alt 8(1) den Acht Sláinte má chreideann HIQA, ar fhorais réasúnta, go bhfuil riosca tromchúiseach ann do shláinte nó do leas daoine a úsáideann na seirbhísí sin. Féadfaidh an tAire a iarraidh ar HIQA iniúchadh a dhéanamh i gcomhréir le hAlt 9 den Acht.

### 4.1.1 Rialachán lárionad ainmnithe do dhaoine scothaosta


Faoin 31 Nollaig 2018, bhí 581 lárionad ainmnithe cláraithe do dhaoine scothaosta (tithe altranais), le 31,000 leaba chláraithe ar tairiscint iontu.

Féadtar tithe altranais a bheith faoi úinéireacht agus bheith á n-oibriú ag roinnt eintitis dhlíthiúla, lena n-áirítear:

- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
- Comhlachtaí arna maoiniú ag FSS faoi Ailt 38 agus 39 den Acht Sláinte 2004
- soláthraithe príobháideacha.

Tá mórchuid na dtithe altranais (76%) faoi úinéireacht agus faoi oibriú soláthraithe príobháideacha. I Léaráid 1 leagtar amach próifíl úinéireachta na dtithe altranais ag deireadh 2018.

Léaráid 1 - **Tithe altranais arna n-aicmiú faoi úinéireacht**[1]




1 Dearbhaíonn Alt 38 den Acht Sláinte 2004 gur féidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) socrú a dhéanamh le duine maidir le seirbhís sláinte nó seirbhís shóisialta phearsanta a sholáthar thar ceann an FSS. Dearbhaítear le hAlt 39 den Acht Sláinte 2004 gur féidir leis an FSS cúnamh a sholáthar d´aon duine nó d'aon chomhlacht a sholáthraíonn a leithéid de sheirbhís don FSS.

Bhí glanmhéadú de dhá theach altranais ar fud na tíre i mbliana. Thar chúrsa na bliana, áfach:

- Osclaíodh 12 lárionad nua
  - Cuireadh trí de na lárionaid sin in ionad trí lárionad a dúnadh
  - Cruthaíodh lárionad nua amháin trí dhá lárionad a bhí ann a chomhcheangal
  - Tógadh ocht lárionad nua
- Dúnadh 10 lárionad
  - Cuireadh lárionaid nua in ionad trí chinn de na lárionaid sin
- Rinne 20 lárionad a gcuid áitreabh a shíneadh.

Mar thoradh ar na hathruithe thuas, amhail an 31 Nollaig 2018 bhí 31,251 leaba i lárionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta i gcomparáid le 30,732 leaba in 2017; méadú de 519 leaba cláraithe.

Cuireadh leapacha i lárionaid nua ar fáil ar shlí amháin de thrí shlí:

1. Clárú lárionaid nuathógtha[2]
2. Clárú lárionaid a bhí dúnta roimhe sin
3. Síneadh ar lárionad atá ann cheana féin

In 2018, cuireadh 529 leaba a bhí neamhchláraithe roimhe sin ar fáil nuair a cláraíodh ocht lárionad nua faoi úinéireacht phríobháideach agus arna n-oibriú go príobháideach. Tá sonraí i dTábla 1 faoi líon agus suíomh geografach na leapacha sin agus faoin mí ina ndearnadh iad a chlárú.

Tábla 1 - **Leapacha a bhí neamhchláraithe roimhe seo a cuireadh ar fáil de réir an tsuímh gheografaigh agus de réir mhí an chlárúcháin**

| Mí an chlárúcháin | Líon na leapacha | Suíomh geografach |
|---|---|---|
| Márta | 18 | Luimneach |
| Deireadh | 99 | Cill |
| Samhain | 46 | Gaillimh |
| Samhain | 41 | Luimneach |
| Nollaig | 27 | Leitir |
| Nollaig | 40 | Leitir |
| Nollaig | 95 | Loch |
| Nollaig | 163 | Baile Átha |

2 D'fhéadfadh lárionad nuathógtha a bheith curtha in ionad lárionaid a bhí ann cheana féin.

Sa bhreis air sin, cláraíodh 160 leaba i dtithe altranais chun leapacha a bhí ann cheana féin a athsholáthar (75 i Loch Garman, 74 i gCaisleán an Bharraigh agus 11 i mBaile Átha Cliath). Tá ceann amháin de na lárionaid sin faoi úinéireacht agus á oibriú ag FSS, agus tá an dá lárionad eile faoi úinéireacht agus á n-oibriú ag soláthraithe príobháideacha.


Tá sonraí i dTábla 2 faoi dháileadh geografach reatha na dtithe altranais agus faoi líon na leapacha a bhí cláraithe le hOifig an Phríomhchigire ag deireadh 2018.

Tábla 2 - **Dáileadh geografach tithe altranais agus líon na leapacha cláraithe amhail an 31 Nollaig 2018**

| Geografach cláraithe | Líon dtithe altranais | Líon na ceantair leapacha |
|---|---|---|
| Ceatharlach | 10 | 431 |
| An Cabhán | 11 | 524 |
| An Clár | 16 | 900 |
| Co. Bhaile Átha Cliath | 35 | 2498 |
| Corcaigh | 70 | 3672 |
| Dún na nGall | 25 | 969 |
| Baile Átha Cliath 1 | 1 | 45 |
| Baile Átha Cliath 10 | 1 | 161 |
| Baile Átha Cliath 11 | 8 | 609 |
| Baile Átha Cliath 12 | 1 | 27 |
| Baile Átha Cliath 13 | 1 | 78 |
| Baile Átha Cliath 14 | 3 | 149 |
| Baile Átha Cliath 15 | 4 | 261 |
| Baile Átha Cliath 16 | 3 | 208 |
| Baile Átha Cliath 17 | 2 | 237 |
| Baile Átha Cliath 18 | 4 | 275 |
| Baile Átha Cliath 20 | 4 | 339 |
| Baile Átha Cliath 22 | 1 | 31 |
| Baile Átha Cliath 24 | 3 | 306 |
| Baile Átha Cliath 3 | 3 | 179 |
| Baile Átha Cliath 4 | 8 | 385 |
| Baile Átha Cliath 5 | 5 | 458 |
| Baile Átha Cliath 6 | 7 | 467 |

| Geografach cláraithe | Líon dtithe altranais | Líon na ceantair leapacha |
|---|---|---|
| Baile Átha Cliath 6w | 2 | 140 |
| Baile Átha Cliath 7 | 2 | 79 |
| Baile Átha Cliath 8 | 4 | 187 |
| Baile Átha Cliath 9 | 7 | 580 |
| Gaillimh | 43 | 1909 |
| Ciarraí | 23 | 1033 |
| Cill Dara | 23 | 1623 |
| Cill Chainnigh | 16 | 698 |
| Laois | 6 | 302 |
| Liatroim | 6 | 257 |
| Luimneach | 26 | 1306 |
| Longfort | 4 | 291 |
| Lú | 13 | 652 |
| Maigh Eo | 24 | 1055 |
| An Mhí | 20 | 1076 |
| Muineachán | 6 | 371 |
| Uíbh Fhailí | 11 | 610 |
| Ros Comáin | 14 | 717 |
| Sligeach | 7 | 391 |
| Tiobraid Árann | 33 | 1261 |
| Port Láirge | 13 | 741 |
| An Iarmhí | 12 | 618 |
| Loch Garman | 18 | 1037 |
| Cill Mhantáin | 22 | 1108 |
| **Iomlán** | **581** | **31251** |

**Léaráid 2 - Líon na leapacha i lárionaid ainmnithe chláraithe do dhaoine scothaosta, amhail an 31 Nollaig 2018**





Ba é céatadán na lárionad ina raibh 100 leaba nó níos mó 8.8% in 2018, méadú measartha ó 8.1% in 2017.

Tá gach teach altranais cláraithe faoi réir ag iniúchadh ag cigirí údaraithe. D'fhéadfadh iniúchadh ar theach altranais a bheith fógartha nó gan fhógra. In 2018, bhí 29% de na hiniúchtaí ar thithe altranais ina n-iniúchtaí fógartha.[3]

Taispeántar i Léaráid 3 líon na n-iniúchtaí fógartha agus gan fhógra ar thithe altranais a rinneadh in 2018.

**Léaráid 3 - Céatadán na n-iniúchtaí fógartha agus gan fhógra ar thithe altranais a rinneadh in 2018**





3 Déantar iniúchtaí fógartha ionas go mbeidh rannpháirtíocht níos mó ann ó thaobh na gcónaitheoirí agus gaolta de sa phróiseas iniúchta trína gcur in iúl dóibh nuair a bheidh cigirí i láthair sa lárionad. Féadfar iniúchadh a fhógairt freisin má theastaíonn ón gcigire go mbeidh duine áirithe i láthair le linn an iniúchta.

Le linn 2018, rinneamar 542 iniúchadh ar 444 teach altranais. Rinneadh iniúchtaí d'fhonn measúnú ar chomhlíonadh a threorú maidir le rialacháin agus caighdeáin náisiúnta (418 iniúchadh) nó chun feabhsú a spreagadh ar chúram cónaitheoirí a raibh néaltrú orthu (124 iniúchadh).

Ní dhéanfar ach dhá iniúchadh nó níos lú ar mhórchuid na dtithe altranais arna n-iniúchadh in aon bhliain i rith na bliana sin. Ach mar gheall ar neamhchomhlíonadh rialála a thuairiscítear agus buarthaí gaolmhara maidir le cúram agus leas cónaitheoirí i líon beag lárionad, áfach, déanfar níos mó ná dhá iniúchadh. Bhí sé riachtanach trí iniúchadh nó níos mó a dhéanamh ar chúig theach altranais déag le linn 2018. B'ionann é sin agus 3.4% de thithe altranais uile arna n-iniúchadh le linn na bliana.

Léaráid 4 - **Líon na gcuairteanna iniúchta in aghaidh an lárionaid ar a ndearnadh iniúchadh in 2018**



## Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara

Le linn 2018, rinneamar ceithre sheisiún rannpháirtíochta réigiúnacha páirtithe leasmhara a thionól le soláthraithe cláraithe; tionóladh dhá sheisiún i mBaile Átha Cliath, tionóladh ceann amháin i gCorcaigh agus tionóladh ceann eile i nGaillimh. Tugadh cuireadh do gach teach altranais cláraithe sa tír chuig seisiún. Ba é cuspóir na seisiún sin ár gcumarsáid a fheabhsú le soláthraithe agus le bainisteoirí tithe altranais, faisnéis a chomhroinnt agus ceisteanna ar bith a d'fhéadfadh a bheith ag soláthraithe a fhreagairt. Rinneadh measúnú dearfach ar na seisiúin sin le moltaí cuiditheacha maidir le conas is féidir linn forbairt a dhéanamh ar an tionscnamh sin in 2019.

Rinneamar ceithre sheisiún phoiblí a thionól do chónaitheoirí, dá ngaolta agus do bhaill an phobail a raibh spéis acu ann chun léargas a fháil ar eispéiris daoine agus ar na réimsí is mó imní dóibh siúd a úsáideann seirbhísí, agus chun faisnéis a sholáthar maidir le ról Oifig an Phríomhchigire. Ba é an téama

'Lá Bhur gCead Cainte' agus ba iad cónaitheoirí atá i gcúram cónaithe mórchuid an lucht freastail de 74 duine. Déanfaimid forbairt ar an bhfaisnéis a fuarthas ag na seisiúin sin chun seisiúin phoiblí bhreise a threorú in 2019.


I measc na bpáirtithe leasmhara eile a raibh caidreamh gníomhach againn leo in 2018 bhí Tithe Altranais Éireann, an grúpa tacaíochta SAGE, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus Cumann na hÉireann um Madraí Treorach.

### 4.1.2 Rialáil lárionad ainmnithe do dhaoine (aosaigh agus leanaí) faoi mhíchumais

Faoin 31 Nollaig 2018, bhí 1,183 lárionad ann ina raibh seirbhísí cónaitheacha d'aosaigh agus do leanaí faoi mhíchumais á soláthar. Cé go soláthraíonn mórchuid na lárionad ainmnithe sin seirbhísí d'aosaigh, soláthraíonn 43 ceann díobh seirbhísí do mheascán d'aosaigh agus de leanaí, agus is lárionaid faoisimh iad mórchuid na lárionad sin ar féidir leo freastal ar leanaí agus ar aosaigh ag amanna éagsúla. Tá 73 lárionad ann atá dírithe go sainiúil ar leanaí faoi mhíchumas.


Tá lárionaid ainmnithe do dhaoine le míchumais á soláthar ag comhlachtaí éagsúla.

**Léaráid 5 - Líon na lárionad ainmnithe cláraithe do dhaoine faoi mhíchumais (de réir chineál an tsoláthraí) amhail 31 Nollaig 2018[4]**




Sholáthair an 1,183 lárionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumais 8,894 áit chónaithe. Sholáthair FSS 1,085 (12%) de na háiteanna sin go díreach, agus soláthraíodh 5,082 áit (57%) trí shocrú maoinithe FSS faoi Alt 38 do sholáthraithe neamh-FSS, agus soláthraíodh 2,727 n-áit (31%) trí chúnamh ó FSS faoi Alt 39 do sholáthraithe. San áireamh leo sin bhí socrúcháin fhadtéarmacha agus socrúcháin ar mhaithe le faoiseamh araon do 8,287 aosach, 287 áit d'aosaigh nó do leanaí, agus 320 áit do leanaí.

**Léaráid 6 - Céatadán na n-áiteanna a soláthraíodh do dhaoine faoi mhíchumas bunaithe ar shocruithe maoinithe an lárionaid ainmnithe amhail an 31 Nollaig 2018**




4 Dearbhaítear le hAlt 38 den Acht Sláinte 2004 gur féidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) socrú a dhéanamh le duine le seirbhís sláinte nó cúraim shóisialta phearsanta a sholáthar thar ceann an FSS. Dearbhaítear le hAlt 39 den Acht Sláinte 2004 gur féidir leis an FSS cúnamh a sholáthar d´aon duine nó d'aon chomhlacht a sholáthraíonn a leithéid de sheirbhís don FSS.


Tar éis rialáil a thosú san earnáil um míchumas i Samhain 2013, éilíodh ar gach lárionad cónaithe do dhaoine faoi mhíchumais a chomhlíon na critéir a bhaineann le lárionad ainmnithe a chur in iúl don Phríomhchigire go raibh siad i mbun oibriúcháin. Tugadh stádas Alt 69(2) do na lárionaid sin agus measadh go raibh siad cláraithe faoin Acht Sláinte.

Ina dhiaidh sin, éilíodh ar sholáthraithe iarratas a chur isteach chun gach lárionad a chlárú faoi Shamhain 2016. In 2016, leasaíodh an tAcht chun an tréimhse sin a shíneadh go Samhain 2018, mar gheall, go príomha, nach raibh an earnáil um míchumas réidh lena rialáil.

Rinne an Príomhchigire cinneadh maidir le clárú i dtaca le gach lárionad laistigh den fhráma ama dlíthiúil an 31 Deireadh Fómhair 2018 de réir mar a bhí leagtha amach san Acht Sláinte 2007, arna leasú. Chomh maith le 1,183 lárionad a chlárú idir Samhain 2013 agus Deireadh Fómhair 2018, chealaigh an Príomhchigire clárú 10 lárionad laistigh den tréimhse sin mar gur theip ar na soláthraithe feabhsuithe marthanacha a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar chaighdeán beatha na gcónaitheoirí.[5]

Le linn 2018, chuireamar 859 iniúchadh i gcrích ar 751 lárionad do dhaoine faoi mhíchumais. Is féidir iniúchtaí a dhéanamh le fógra nó gan fhógra agus is féidir leo tarlú ag aon am den lá nó den oíche. As an 859 iniúchadh a cuireadh i gcrích, bhí 53% acu fógartha agus bhí an 47% eile gan fhógra.

**Léaráid 7 - Céatadán na n-iniúchtaí fógartha agus gan fhógra ar lárionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumais a cuireadh i gcrích in 2018**





As an 751 lárionad ar a dtugadh cuairt in 2018, rinneadh iniúchadh amháin ar 652 dóibh. Léirítear leis sin go raibh leibhéal maith comhlíonta i gceist leo agus, i gcás neamhchomhlíonadh, thug an soláthraí aghaidh go cuí air. Cé go raibh dhá iniúchadh riachtanach maidir le 92 lárionad d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, bhí sé riachtanach trí iniúchadh athleanúna nó níos mó a dhéanamh ar sheacht lárionad.

Léirítear leis sin go raibh buarthaí suntasacha ann maidir le caighdeán na beatha do chónaitheoirí sna seacht lárionad sin, ar theastaigh monatóireacht mhéadaithe le cigirí ina leith.

5 Faoi Alt 64 den Acht Sláinte 2007, éilíodh ar FSS glacadh le hoibriú na lárionad sin agus socruithe á ndéanamh chun soláthraí eile a chlárú. Faoi láthair, tá ocht gcinn de na lárionaid sin á n-oibriú ag FSS fós agus cláraíodh soláthraí nua do cheann amháin de na lárionaid eile agus dúnadh ceann amháin de na lárionaid.

Léaráid 8 - **Céatadán na gcuairteanna iniúchta in aghaidh an lárionaid ar a ndearnadh iniúchadh in 2018**




## Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara

Le linn 2018, lean an Fhoireann Mhíchumais lena clár rannpháirtíochta um páirtithe leasmhara. Chomh maith le buaileadh le cónaitheoirí le linn iniúchtaí, d'fhreastail cigirí ar shé chruinniú le grúpaí cónaitheoirí nó tacaíochta ar fud na tíre chun éisteacht le cónaitheoirí faoina n-eispéireas den iniúchadh. D'iarr na cigirí ar na cónaitheoirí cur síos a dhéanamh ar an gcuma a bheadh ar sheirbhís mhaith agus moltaí a dhéanamh maidir le conas is féidir le cigirí a chinneadh cé acu an raibh nó nach raibh caighdeán maith cúraim agus tacaíochta á sholáthar ag soláthraithe. Ba chruinnithe rannpháirtíocha agus dinimiciúla na cruinnithe sin, agus cuireadh an méid a foghlaimíodh ó na cruinnithe faoi bhráid ar bhfoirne iniúchta ag ár gcruinniú foirne náisiúnta. Tá sé de rún againn an rannpháirtíocht sin a fhorbairt a thuilleadh in 2019.

Tá Fóram Ionadaithe Soláthraithe bunaithe ag an bhFoireann Mhíchumais freisin d'fhonn faisnéis a mhalartú agus réimsí comhleasa a phlé. Tá an fóram comhdhéanta d'ionadaithe ó Chónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha, ó Chónaidhm na hÉireann um Míchumas, ón gComhaontas Gnó Seachbhrabúsach, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ina ról mar sholáthraí seirbhíse, agus ó Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta. Tháinig an Coiste le chéile trí huaire le linn 2018.

Sa bhreis air sin, le linn 2018 rinne FSS clár faisnéise de cheithre cheardlann a reáchtáil ar fud na tíre do sholáthraithe, do dhaoine i gceannas agus do bhainisteoirí eile. Chuir cigirí leis na ceardlanna trí láithreoireachtaí agus trí phléití ar an ábhar aitheantas a thabhairt do dhea-rialachas agus do bhainistíocht éifeachtach riosca i lárionaid, agus torthaí ó iniúchtaí á n-úsáid chun na pléití a threorú. Ba dheis luachmhar é sin chun teagmháil a dhéanamh le líon mór bainisteoirí agus soláthraithe seirbhíse, chun éisteacht lena n-eispéiris agus chun faisnéis a sholáthar a d'fhéadfadh a bheith ina cuidiú leo chun feabhas leanúnach ar cháilíocht a bhaint amach i lárionaid do dhaoine faoi mhíchumais.

### 4.1.3 Clár dearbhaithe agus rialála a sholáthar maidir le cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí cúraim shóisialta sainithe do leanaí in Éirinn

Déanann ár bhFoireann Leanaí monatóireacht agus iniúchadh ar raon seirbhísí a sholáthraíonn soláthraithe reachtúla agus neamhreachtúla do leanaí. Áirítear leis a seirbhísí sin:


- ionaid chónaithe leanaí (reachtúil)
- cúram altrama (reachtúil agus príobháideach)
- aonaid sainchúraim (lárionaid ainmnithe reachtúla)
- Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh
- seirbhísí cosanta agus leasa leanaí (reachtúla).

Tá a creat reachtúil féin ag gach seirbhís a thugann an t-údarás do HIQA monatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar an tseirbhís, ag úsáid caighdeán nó rialachán ina leagtar amach an méid a bhfuiltear ag súil leis ón tseirbhís.

Áiríodh mar chuid den ghníomhaíocht rialála a rinne foireann na Leanaí in 2018:

- Iniúchadh ar 36 lárionad reachtúil seirbhísí do leanaí. Áiríodh leis sin 35 iniúchadh iomlán, agus trí iniúchadh athleanúna, a raibh gach ceann acu ina iniúchadh monatóireachta gan fhógra.
- Cuireadh trí iniúchadh fógartha i gcrích ar sheirbhísí cúraim altrama reachtúla chun clár fócasaithe iniúchtaí a chríochnú a tosaíodh in 2017. Leis an gclár sin rinneadh iniúchadh ar earcaíocht, ar mheasúnú, ar fhaomhadh, agus ar shocruithe maoirseachta agus athbhreithnithe atá i bhfeidhm do chúramóirí altrama. Ina theannta sin, cuireadh 10 n-iniúchadh athleanúna i gcrích ar sheirbhísí cúraim altrama reachtúla chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh ó iniúchadh roimhe sin in 2017 nó in 2018, agus cuireadh athbhreithnithe deisce i gcrích le haghaidh na seacht réimse seirbhíse eile.
- Cuireadh sé iniúchadh fócasaithe fógartha chun feidhme ar sheirbhísí cúraim altrama príobháideacha chun iniúchadh a dhéanamh ar earcaíocht, ar mheasúnú, ar fhaomhadh, agus ar shocruithe maoirseachta agus athbhreithnithe atá i bhfeidhm do chúramóirí altrama. Sa bhreis air sin, rinneadh iniúchadh athleanúna amháin bunaithe ar riosca.
- Rinneadh cúig iniúchadh fógartha ar na ceithre aonad sainchúraim le linn 2018. Rinneadh ceithre cinn de na hiniúchtaí sin chun cinneadh clárúcháin a threorú.
- Rinneadh iniúchadh amháin gan choinne ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.
- Rinneadh iniúchadh téamach amháin um chosaint agus leas leanaí bunaithe ar riosca, a bhí dírithe ar mheasúnú a dhéanamh na socruithe a bhí i bhfeidhm le haghaidh atreoruithe cosanta agus leasa leanaí a bhainistiú d’fhonn measúnú breise a chur i gcrích.

Léaráid 9 - **Iniúchtaí HIQA ar sheirbhísí do leanaí in 2018**




Le linn 2018, rinne Foireann Leanaí HIQA an méid a leanas:

- fuair siad agus mheasúnaigh siad 94 píosa faisnéise gan iarraidh ón bhfoireann, ó leanaí a úsáideann na seirbhísí, óna dteaghlaigh agus ó bhaill an phobail. Úsáidtear an fhaisnéis uile a fhaightear chun bonn eolais a chur faoinár gclár monatóireachta.
- fuair siad 17 bhfógra ó Tusla (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach). Ní mór do Tusla HIQA a chur ar an eolas faoi bhásanna agus tarluithe tromchúiseacha a bhaineann le leanaí faoi chúram agus le leanaí a bhfuil aithne ag an tseirbhís chosanta agus leasa leanaí orthu. Déantar measúnú ar an bhfaisnéis uile a fhaightear agus úsáidtear í chun ár gclár monatóireachta a threorú.
- fuair siad 13 thuarascáil ó Phainéil Athbhreithnithe Náisiúnta a bhain le básanna nó teagmhais thromchúiseacha a tharla idir 2012 agus 2016, a bhain le leanaí i gcúram nó le leanaí a raibh aithne ag an tseirbhís chosanta agus leasa leanaí orthu.

De bhreis ar na hiniúchtaí thuas, rinneadh iad seo a leanas inár gclár rialála:

- I Meitheamh 2018, d'fhoilsigh HIQA torthaí an imscrúdaithe reachtúil a rinneadh faoi Alt 9 den Acht Sláinte 2007, Tuarascáil ar an imscrúdaithe ar bhainistíocht líomhaintí de dhrochúsáid ghnéasach leanaí i gcoinne aosach is ábhar imní ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) ar ordú ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Rinneadh ceithre phríomh-mholadh leis an imscrúdú don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus do Tusla, sa bhreis ar bhearta eile nach mór do Tusla a ghlacadh go práinneach.

Áirítear leo sin go ndéanfaidh an Roinn grúpa saineolaithe um dhearbhú agus maoirseacht cáilíochta a bhunú chun tacaíocht agus comhairle a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm na moltaí sin, agus go n-iarraidh an Roinn agus Tusla cúnamh ar na comhlachtaí ardoideachais agus oiliúna chun slite beatha foirmiúla a chruthú do mhic léinn agus do chéimithe d'fhonn seirbhísí cosanta agus leasa leanaí a threisiú.

- Chuireamar tús le clárú agus le rialáil aonad sainchúram mar lárionaid ainmnithe an 1 Eanáir 2018. Cláraíodh trí aonad sainchúraim i Samhain 2018 agus ghlac Tusla an cinneadh chun an ceathrú haonad sainchúraim a dhúnadh ag deireadh 2018.
- Leanamar ar aghaidh ag obair leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun pleanáil a dhéanamh d'fhonn an fheidhm chlárúcháin agus iniúchta le haghaidh lárionaid neamhreachtúla chónaithe do leanaí a aistriú ó Tusla go HIQA.
- Le linn 2018, d'fhorbraíomar creataí measúnaithe agus breithiúnais maidir le hiniúchtaí fócasaithe ar sheirbhísí cúraim altrama agus ar lárionaid chónaithe do leanaí in 2019, chun na Caighdeáin Náisiúnta nua do Lárionaid Chónaithe do Leanaí (2018) a léiriú.
- Chuireamar tús le hathbhreithniú litríochta chun dearadh agus forbairt a threorú maidir le modheolaíocht iniúchta théamúil um chosaint agus leas leanaí.




*Mary Dunnion, Stiúrthóir Rialála, agus POF Phelim Quinn, ag seoladh na Tuarascála ar an imscrúdú ar bhainistíocht líomhaintí de dhrochúsáid ghnéasach leanaí i gcoinne aosach is ábhar imní ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) ar threoir ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige an 19 Meitheamh 2018.*

## Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara

Le linn 2018, lean an Fhoireann Leanaí lena clár rannpháirtíochta um páirtithe leasmhara éagsúla. Bhuail cigirí le 122 leanbh agus iad ag cur iniúchtaí i gcrích i lárionaid chónaithe reachtúla do leanaí, in aonaid sainchúraim agus i gCampas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

Bhuail cigirí freisin le cúramóirí altrama agus le tuismitheoirí nó labhair siad leo mar chuid dár ngníomhaíocht iniúchta.

D'oibrigh an fhoireann freisin leis an Mol Rannpháirtíochta laistigh den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun clár oiliúna a fhorbairt do chigirí d'fhonn scileanna teagmhála le leanaí le linn gníomhaíocht iniúchta a fheabhsú a thuilleadh.

Bhuail an Stiúrthóir Rialála agus Ceann Chlár na Leanaí leis an Leas-Rúnaí, Beartas Leanaí agus le Rannán Rialachais Tusla de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige le linn 2018 chun nuashonruithe ábhartha a mhalartú agus faisnéis a mhalartú maidir le riosca iarbhír agus ionchasach ar fud na hearnála, agus chun dul chun cinn a phlé maidir le forbairtí rialála, amhail tosuithe nua.

D'fhreastail ionadaí ón bhFoireann Leanaí ar chruinnithe le páirtithe leasmhara freisin sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht.

Rinne an fhoireann idirchaidreamh leis an bPríomhchigire Cúnta sa Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) chun deiseanna scáthfhoghlama a shainaithint do chigirí. Bhí an deis ag cigire ón dá ghníomhaireacht chun scáthfhoghlaim a dhéanamh ar iniúchadh leis an ngníomhaireacht eile i mí Iúil agus i mí Dheireadh Fómhair 2018.

D'fhonn ullmhú do thosú na rialála ar aonaid sainchúraim, bhuaileamar le Príomhoifigeach Oibríochtaí Tusla agus le Stiúrthóir Náisiúnta na Lárionad Cónaithe do Leanaí chun rialáil na n-aonad sainchúraim a phlé, agus thionóil siad seisiúin faisnéisithe le príomhpháirtithe leasmhara ó na ceithre aonad sainchúraim.

Rinne Tusla láithreoireacht don Fhoireann Leanaí maidir leis an dul chun cinn dá chuid ar fheidhmiú a chur chuige náisiúnta nua i dtaca le cosaint agus leas leanaí - príomhthiomantas um shábháilteacht leanaí ó Tusla tar éis imscrúdú HIQA ar bhainistíocht líomhaintí de dhrochúsáid ghnéasach leanaí.

Fuaireamar láithreoireacht freisin ó Tusla maidir le heiseamláir theiripeach nua de chúram a bhfuiltear ag tabhairt isteach in aonaid sainchúraim agus i lárionaid chónaithe a dhíríonn ar fholláine leanaí ar bhain tráma dóibh a chur chun cinn agus a gcumais a fhorbairt. Sa bhreis air sin, rinne Léachtóir Sinsearach in Obair Shóisialta/Leas-Stiúrthóir an Chláir um Máistir in Obair Shóisialta agus Comhlach Taighde ó Choláiste Ollscoile Chrocaí láithreoireacht don Fhoireann Leanaí maidir le torthaí taighde i dtaca le seirbhísí cosanta agus leasa leanaí i Nollaig 2018.

Rinne an fhoireann láithreoireacht maidir le ról HIQA do mhic léinn maidir le clár um Máistir in Obair Shóisialta de chuid Choláiste Ollscoile Chorcaí (COC) agus maidir le clár um Máistir i gCeannasaíocht agus i mBainistíocht an Chúraim Shóisialta de chuid Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT).

I measc na bpáirtithe eile a rabhamar rannpháirteach leo in 2018 bhí EPIC (Daoine faoi Chúram a Chumasú), agus rinneamar láithreoireacht do Chomhdháil Náisiúnta Chumann Cúraim Altrama na hÉireann in 2018.

### 4.1.4 Faisnéis (fógraí rialála) a iarradh agus nár iarradh a fuarthas maidir le lárionaid ainmnithe

Tá faisnéis i dtaobh cháilíocht, shábháilteacht agus eispéireas na gcónaitheoirí ríthábhachtach i rialú na seirbhísí. Faigheann HIQA faisnéis ó réimse foinsí, agus déantar anailís agus measúnú riosca uirthi. Is féidir a leithéid d'fhaisnéis a iarraidh i bhfoirm fógraí a n-éilítear ar sholáthraithe cláraithe iad a chur isteach chugainn nó i bhfoirm faisnéise neamhiarrtha a fhaightear ó raon leathan d'fhoinsí trí lárionad láimhseála faisnéise HIQA.

Is é cuspóir na faisnéise sin teagmhais dhíobhálacha ag a raibh tionchar nó a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar shláinte, sábháilteacht agus leas na gcónaitheoirí. Déantar an fhaisnéis go léir a fhaightear a admháil, a thaifeadadh, a mheasúnú ó thaobh riosca de agus a úsáid chun gníomhaíocht mhonatóireachta bhreise a threorú - lena n-áirítear iniúchadh, de réir mar is gá.


Ceanglaítear le Rialacháin (2013) Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Daoine Scothaosta), le Rialacháin 2013 Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Tacaíocht do Chónaitheoirí in Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine (Aosaigh agus Leanaí) faoi Mhíchumais) agus le Rialacháin 2017 Acht Sláinte 2007 Cúram agus Leas Leanaí in Aonaid Sainchúraim) go gcuirfidh soláthraithe agus daoine atá i gceannas ar lárionaid ainmnithe teagmhais shainithe in iúl dúinn. Cinntítear leis sin go dtugtar fógra do HIQA laistigh de thréimhsí sonracha ama faoi theagmhais, imeachtaí nó athruithe laistigh d'ionad. Áirítear leis sin athruithe ar shonraí a bhaineann leis an bhfaisnéis atá foilsithe ar chlár HIQA (fógraí clárúcháin), agus fógraí ar aon dul leis na rialacháin um chúram agus leas (fógraí monatóireachta).

Le linn 2018, fuaireamar 30,486 fógra:


- Bhain 12,056 díobh le tithe altranais
- Bhain 18,237 díobh le seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumais
- Bhain 193 díobh le haonaid sainchúram.

Cé go bhfuarthas 27,555 fógra dá leithéid in 2017, is féidir an méadú in 2018 a chur i leith i bpáirt athruithe a rinneadh ar an bpróiseas tuairiscithe maidir le fógraí NF39,6 i leith méadú foriomlán ar líon iomlán na lárionad míchumais cláraithe in 2018, agus i leith thosú na rialála ar aonaid sainchúraim.


Léaráid 10 - **Fógraí rialála a fuarthas ó thithe altranais in 2018**




Léaráid 11 - **Fógraí rialála a fuarthas ó sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumais in 2018**




Léaráid 12 - **Fógraí rialála a fuarthas ó aonaid sainchúraim in 2018**




Faighimid tuairiscí freisin ó bhaill den phobal agus ó fhoinsí eile faoina n-imní i dtaobh seirbhísí. Cuireann baill den phobal faisnéis nár iarradh a bhfuil imní orthu nó saincheist acu faoi chúram a soláthraíodh do chónaitheoirí. Úsáidtear an fhaisnéis sin chun tacaíocht a thabhairt dár gclár iniúchta. Le linn 2018, fuaireamar 1,016 píosa faisnéise gan iarraidh maidir le lárionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumais. Fuarthas dhá phíosa faisnéise bhreise maidir le haonaid sainchúraim.

Áirítear le cineálacha na faisnéise a fhaighimid buarthaí maidir leis na nithe a leanas: iontrálacha agus conarthaí, gearáin, naisc leis an bpobal, leas ginearálta agus forbairt, rialachas agus bainistíocht, sláinte agus sábháilteacht, bainistíocht riosca, cúram sláinte, bainistíocht cógas, cearta cónaitheoirí, áitribh, cumhdach agus cosaint, riachtanais cúraim shóisialta agus an lucht saothair. Déantar rátáil riosca ar gach mír faisnéise nár iarradh agus déantar beart iomchuí.

Léaráid 13 - **Píosaí faisnéise gan iarraidh a fuarthas maidir le seirbhísí do dhaoine scothaosta agus seirbhísí míchumais in 2018**




HIQA Faigheann HIQA níos mó faisnéise gan iarraidh fós maidir le tithe altranais, rud lena léirítear eolas an phobail ar ról HIQA maidir le tithe altranais. Ach léirítear leis na figiúirí, áfach, laghdú measartha ar an bhfaisnéis gan iarraidh a fuarthas ó thithe altranais agus ó lárionaid mhíchumais araon i gcomparáid leis an mbliain roimhe (1,118 buairt in 2017).


### 4.1.5 Soláthar cláir dearbhaithe do cháilíocht agus do shábháilteacht le haghaidh seirbhísí sonraithe cúraim sláinte in Éirinn

Faoin Acht Sláinte 2007, arna leasú, tá HIQA freagrach as caighdeáin a fhorbairt do cháilíocht agus do shábháilteacht na seirbhísí cúraim sláinte agus as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin. Faoin Acht, tá freagracht orainn freisin sábháilteacht, as cáilíocht agus caighdeáin na seirbhísí cúram sláinte a imscrúdú má chreidimid go bhfuil baol tromchúiseach ann do shláinte agus do leas na n-othar.

In 2018, rinne ár bhfoireann Chúraim Shláinte 38 iniúchadh. Áiríodh leo siúd:

- 23 measúnú monatóireachta ar an láithreán i gcoinne na *gCaighdeán náisiúnta maidir le hionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc agus a rialú i seirbhísí géarchúram sláinte*. Le linn 2018, rinneadh an clár sin a mhionchoigeartú a thuilleadh chun fócas sainiúil ar dhí-éilliú gaireas míochaine in-athúsáidte a áireamh.
- 10 n-iniúchadh mar chuid den chlár monatóireachta i gcoinne na *gCaighdeán Náisiúnta le haghaidh Cúram Sláinte Níos fearr, agus fócas téamach ar leith ar réimse na sábháilteachta cógas*. Áiríodh leis an gclár iniúchta iniúchadh an athuair ar cheithre ospidéal ar a ndearnadh iniúchadh roimhe sin in 2017 chun méid an dul chun cinn a baineadh amach san idirthréimhse a dhearbhú.
- Cúig iniúchadh faoi chlár monatóireachta nua i gcoinne na *gCaighdeán Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Máithreachais Níos Sábhailte, Níos Fearr*. Faoin gcéad chéim den chlár sin, éilíodh ar na 19 n-ospidéal uile a sholáthraíonn seirbhísí máithreachais uirlis fhéinmheasúnaithe a chomhlánú agus a chur ar ais bunaithe ar na Caighdeáin Náisiúnta arna bhforbairt ag HIQA. Tar éis chríochnú an chleachtaidh fhéinmheasúnaithe sin, chuir HIQA tús le hiniúchtaí ar an láithreán, agus tá sé de rún againn iniúchtaí ar na hospidéil uile a sholáthraíonn seirbhísí máithreachais a chríochnú in 2019. Tá sé de rún againn freisin forbhreathnú náisiúnta a dhéanamh ar chomhlíonadh na gCaighdeán Náisiúnta le linn 2019.

Léaráid 14 - **Líon na n-iniúchtaí a cuireadh chun feidhme ar sheirbhísí cúraim sláinte in 2018**



Sa bhreis ar na hiniúchtaí thuas, áiríodh na nithe a leanas lenár gclár monatóireachta:

- Fuair ár bhFoireann um Buarthaí 343 píosa faisnéise gan iarraidh ón bpobal i rith na bliana maidir le seirbhísí cúraim sláinte. Úsáideadh an fhaisnéis sin mar thacaíocht bhreise dár gclár monatóireachta.
- Leanamar le tionscadal tábhachtach freisin chun ullmhú do ghlacadh le feidhm nua mar údarás inniúil sa réimse a bhaineann le neamhchosaint mhíochaine ar radaíocht ianúcháin. Tarlaíonn neamhchosaint ar radaíocht ianúcháin nuair a fhaigheann othar radaíocht ianúcháin mar chuid den diagnóis nó den chóireáil ina leith; mar shampla X-gha ag fiaclóir, scanadh CT ag ospidéal, mamagram, nó radaiteiripe a fhaightear mar chuid de chóireáil ailse. Soláthrófar cumhachtaí rialála agus forfheidhmithe do HIQA leis sin i soláthraithe cúram sláinte arna maoiniú go poiblí agus soláthraithe cúram sláinte príobháideacha araon den chéad uair. Meastar go rachaidh an reachtaíocht seo i bhfeidhm ar níos mó ná 1,100 soláthraí cúram sláinte.

## Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara

Áiríodh le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara in 2018 cruinnithe rialta le comhghleacaithe sa Roinn Sláinte, agus bunaíodh cruinniú nua rialta le lucht bainistíochta sinsearaí HIQA chun cúrsaí a bhaineann le riosca a phlé arna sainaithint ag HIQA le linn ár gcuid oibre.

Mar ullmhúchán do thosú feidhmeanna faoi reachtaíocht nua um neamhchosaint ar radaíocht ianúcháin, chuamar i dteagmháil go fairsing le roinnt comhlachtaí ábhartha lenar áiríodh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), an Coiste Náisiúnta um Radaíocht Ianúcháin agus le hAonad an FSS um Neamhchosaintí Míochaine ar Radaíocht Ianúcháin (MERU). Chuaigh HIQA i dteagmháil freisin le rialaitheoirí eile a bhfuil freagrachtaí acu faoin reachtaíocht sin ar bhonn idirnáisiúnta i rith 2018, lenar áiríodh Cinn na nÚdarás Inniúil Eorpach um Chosaint ar Radaíocht (HERCA).

Bhunaíomar Grúpa Comhairleach Seachtrach sainchuspóra chun cuidiú le HIQA clár monatóireachta nua a fhorbairt i gcoinne na *gCaighdeán Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Máithreachais Níos Sábhailte, Níos Fearr*.

Tháinig buanghrúpa comhairleach HIQA i réimse na sábháilteachta cógas le chéile in 2018 chun comhairle a sholáthar maidir lenár gclár monatóireachta ar shábháilteacht cógas a fheabhsú.

Chuidigh an Fhoireann Cúram Sláinte leis an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar trí chuidiú lena ngrúpa comhairleach.

Chuamar i dteagmháil le rialaitheoirí cúram sláinte eile le linn 2018, lenar áiríodh Comhairle na nDochtúirí Leighis, agus Cumann Cógaiseoirí na hÉireann (PSI). Chuireamar cúnamh ar fáil don PSI le haghaidh caighdeáin a fhorbairt sa réimse rialachais do chógaslanna pobail.

Ar bhonn idirnáisiúnta, le linn 2018 chuaigh an Fhoireann Cúraim Sláinte i dteagmháil freisin le Coláiste Ríoga na Míochaine Éigeandála sa RA ag comhchruinniú rialaitheoirí agus an choláiste, agus le gníomhaireachtaí monatóireachta cúraim sláinte stáit eile freisin ar fud na hEorpa ag cruinniú arna thionól ag AGE.NAS, eagraíocht Iodálach ag a bhfuil feidhmeanna cosúil le feidhmeanna HIQA.

### 4.1.6 Forbairt Chleachtais Rialála agus Seirbhísí Gnó

Thacaigh dá fhoireann le gníomhaíochtaí rialála agus monatóireachta arna gcur i gcrích ag Oifig an Phríomhchigire agus an Stiúrthóireacht Rialála: an tAonad Forbartha um Chleachtas Rialála (RPDU) agus an Fhoireann Seirbhísí Gnó.

Soláthraíonn an Fhoireann Seirbhísí Gnó éirim ghnó, agus tacaíocht oibriúcháin agus riaracháin don Stiúrthóireacht Rialála. Tá sé freagrach freisin as a áirithiú go mbímid ag lorg éifeachúlachtaí agus ar fheabhsuithe go leanúnach maidir leis na próisis a úsáidimid chun ár ngníomhaíochtaí rialála a chur i gcrích.

Is í obair an RPDU forbairt an chleachtais rialála agus na gcineálacha cur chuige modheolaíochta a chomhordú laistigh den Stiúrthóireacht Rialála. Déanann an RPDU oiliúint rialála agus forbairt ghairmiúil don fhoireann a fhorbairt agus a éascú. Le linn 2018, rinneamar na nithe a leanas:

- Clár oiliúna cumaisc cuimsitheach don fhoireann rialála a dhearadh, a fhorbairt agus a sheachadadh maidir le Cur Chuige Monatóireachta feabhsaithe an Údaráis.
- Straitéis foghlama agus tacaíochta a fhorbairt don fhoireann rialála do na cúig bliana le teacht.
- Clár téamach um fhorbairt cáilíochta a fhorbairt maidir le cleachtais shriantachta i lárionaid ainmnithe a chuirfear i bhfeidhm go céimneach in 2019. San áireamh leis sin bhí ionchur luachmhar ó ghrúpa saineolaithe comhairleach arna thionól le haghaidh an chláir sin.
- Iniúchadh a dhéanamh ar chlár téamach um fhorbairt cáilíochta maidir le sábháilteacht dóiteáin i lárionaid ainmnithe. Foilseoimid treoir maidir le sábháilteacht dóiteáin i lárionaid ainmnithe in 2019, ag díriú ar bhainistíocht iomchuí ar riosca agus ar fhorbairt cáilíochta.
- Tús a chur le *Lámhleabhar Rialála* – treoir do sholáthraithe agus d'fhoireann lárionad ainmnithe. Is é is aidhm leis an treoir sin cuidiú le soláthraithe an creat reachtach a thuiscint ina soláthraíonn siad seirbhísí, ionas gur féidir leo an cúram is fearr is féidir a sholáthar. Foilseofar é sin in 2019.
- Cur le forbairt raoin doiciméad beartais agus taighde lenar áiríodh aighneachtaí faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais ar Shláinte, agus aighneacht don chomhairliúchán maidir le cosaintí ar chailleadh saoirse.

## 4.2 Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte

Faoi Acht Sláinte 2007, tá ról reachtúil ag HIQA maidir le héifeachtúlacht chliniciúil agus costais na dteicneolaíochtaí sláinte a mheasúnú agus comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) dá réir. Chuige sin, déanann an Stiúrthóireacht um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte (HTA) raon oibre chun tacú le cinnteoireacht maidir le cúram sláinte agus í a threorú, agus chun beartais sláinte náisiúnta mar aon le cinntí seirbhíse sláinte atá sábháilte agus éifeachtach a éascú atá dírithe ar an othar agus a thugann an luach is fearr maidir leis na hacmhainní atá ar fáil.

Táirgeann an Stiúrthóireacht HTA raon de mheasúnuithe ar theicneolaíochtaí sláinte nua agus reatha d'fhonn cinntí um beartas sláinte agus seirbhísí sláinte a threorú. Forbraímid treoirlínte náisiúnta chun táirgeadh measúnuithe tráthúla, comhsheasmhacha agus iontaofa a threorú atá ábhartha do riachtanais na daoine a bhaineann úsáid as seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Déanaimid fianaise a tháirgeadh freisin chun forbairt Treoirlínte Cliniciúla Náisiúnta agus forbairt Iniúchta Chliniciúil Náisiúnta a threorú, agus chun forbairt beartas sláinte sainiúil a dhéanann an Roinn Sláinte a threorú. Tá ról lárnach againn freisin i bhforbairt cumais do shintéis fianaise chun tacú le cinnteoireacht um chúram sláinte trínár gcuid oibre le grúpaí seachtracha amhail an Coiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil (NCEC) agus trí pháirt a ghlacadh i raon de ghníomhaíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### 4.2.1 Gníomhaíocht HTA in 2018

**HTA Vacsaíniú HPV do bhuachaillí**

Foilsíodh an HTA maidir leis an gclár imdhíonta náisiúnta um papalómaivíreas daonna (HPV) chun vacsaíniú HPV do bhuachaillí a áireamh an 7 Nollaig 2018, tar éis do Bhord HIQA é a fhaomhadh. Cuireadh an HTA mar chomhairle faoi bhráid an Aire Sláinte, na hOifige Náisiúnta Imdhíonta, an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Imdhíonadh agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun cinnteoireacht a threorú faoin gclár imdhíonta.

Chuir an Fhoireann Mheastóireachta tús leis an HTA tar éis iarratas a fháil ón Roinn Sláinte. Faoi láthair tairgtear an vacsaín 4 fhiúsach do chailíní sa chéad bhliain i meánscoileanna, lena ndéantar cosaint ar cheithre chineál HPV. Leis an HTA rinneadh scrúdú ar éifeachtúlacht chliniciúil agus ar chost-éifeachtúlacht shíneadh na vacsaíne HPV do bhuachaillí, agus rinneadh scrúdú ar na vacsaíní 4 fhiúsach agus 9 bhfiúsach (lena ndéantar cosaint ar naoi gcineál HPV). Rinneadh an tuarascáil deiridh agus moltaí a threorú le hathbhreithniú ar eipidéimeolaíocht, ceithre athbhreithniú chórasacha, measúnú eacnamaíoch, anailís eiticiúil agus eagrúcháin, rannpháirtíocht fhairsing le grúpa comhairleach saineolaithe agus comhairliúchán poiblí sé seachtaine.

Bhí an comhairliúchán sé seachtaine ar siúl idir an 24 Iúil agus an 7 Meán Fómhair 2018 agus fuarthas 242 aighneacht ar leith; 217 acu ó fhreagróirí aonair agus 25 ar son eagraíochtaí nó institiúidí. Foilsíodh an tuarascáil ar Thorthaí an Chomhairliúcháin Phoiblí ar an Dréachtmheasúnú Teicneolaíochta Sláinte (HTA) maidir leis an Sceideal Imdhíonta Náisiúnta a Shíneadh chun Vacsaíniú HPV Buachaillí a Áireamh ar líne mar aon leis an bpríomhthuarascáil.

Tugadh an chomhairle leis an HTA gur cheart aistriú ón vacsaín 4 fhiúsach chuig an vacsaín 9 bhfiúsach, lena ndéantar cosaint ar chúig chineál bhreise HPV, agus go síntear an vacsaín do bhuachaillí den aois chéanna.




## HTA maidir le tástáil ag an láthair cúraim le haghaidh próitéin C-imoibríoch

Tar éis iarratas a fháil ón Roinn Sláinte, chuir HIQA tús le hobair ar HTA ar thástáil ag an láthair cúraim le haghaidh próitéin C-imoibríoch chun ordú oideas i leith ábhar frithmhiocróbach i gcúram príomhúil a threorú.

Is bithchomhartha próitéin C-imoibríoch (CRP) a bhíonn ardaithe go minic i bhfuil duine nuair atá ionfhabhtú baictéarach ann. Baineann an acmhainn le tástáil ag an láthair cúraim (POCT) le haghaidh CRP i suíomh an chúraim phríomhúil ordú oideas a threorú in othair a théann chuig a ndochtúir ginearálta (DG) le siomptóim ghéara um ionfhabhtú sa chonair riospráide agus lena mbaineann neamhchinnteacht chliniciúil ina leith maidir le láithreacht ionfhabhtaithe bhaictéaraigh. Is bagairt shuntasach atá ag dul i méid í an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach maidir le sláinte phoiblí, agus aithnítear go fairsing gur spreagtar frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach de dheasca oideasú antaibheathach iomarcach agus neamhfhóirsteanach. Trí thacú le hoideasú fóirsteanach, d'fhéadfadh POCT CRP cur go mór leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach a laghdú.

Faoi láthair, is féidir le dochtúirí ginearálta tástáil CRP a rochtain trí shaotharlanna ospidéil, ach féadtar a lán uaireanta a bheith i gceist leis an aga comhlánaithe ó thástáil go torthaí. Mar sin, ní thacaíonn sé le cinnteoireacht maidir le hoideasú laistigh de comhairliúchán gnáthúil. Is féidir torthaí a sholáthar le tástáil ag láthair an chúraim laistigh de 15 nóiméad, rud lena gcumasaítear tionchar láithreach ar oideasú.

Cuireadh tús leis an HTA in 2018 trí athbhreithnithe córasacha ar éifeachtúlacht chliniciúil agus ar shábháilteacht, ar bheachtas tástálacha diagnóiseacha, ar fheidhmíocht anailíseach, ar chost-éifeachtúlacht, trí mheasúnú eacnamaíoch agus athbhreithniú ar shaincheisteanna eagraíochta. Foilseofar HTA dréachta le haghaidh comhairliúcháin ag tús 2019.

### HTA ar chlár Próifiolacsais Réamhnochta (PrEP)

Chuir HIQA tús in 2018 le clár Próifiolacsais Réamhnochta (PrEP) do phobail atá i mbaol substaintiúil VEID a fháil trí ghnéas, tar éis iarratas foirmiúil a fháil ó Cheannasaí Cliniciúil Náisiúnta FSS um Sheirbhísí Sláinte Gnéis arna mholadh ag an Roinn Sláinte.

Is foirm de chosc VEID PrEP trína nglacann daoine aonair atá VEID-diúltach réim cógas VEID (de ghnáth dhá dhruga fhrithvíreasacha le chéile: tenofovir agus emtricitabine) chun ionfhabhtú a chosc. Cuireadh grúpa comhairleach saineolaithe le chéile ina gcuimsítear ionadaithe ó phríomhghrúpaí leasmhara agus tabharfaidh sé comhairle don Fhoireann Mheastóireachta le linn an mheasúnaithe.

Is é aidhm an HTA éifeachtúlacht chliniciúil agus cost-éifeachtúlacht a chinneadh maidir le clár PrEP a sholáthar in Éirinn. Déanfar meastachán leis an HTA freisin maidir le himpleachtaí eagrúcháin agus acmhainní a bhainfeadh le clár PrEP agus breathnófar leis na himpleachtaí eiticiúla agus sochaíocha níos leithne a d'fhéadfadh a bheith i gceist le tabhairt isteach PrEP d'othair, don phobal i gcoitinne agus don chóras cúram sláinte. Cuirfear comhairliúchán sprioctha agus poiblí i gcrích, agus táthar ag súil go bhfoilseofar an HTA in 2019.

### Treoirlínte náisiúnta HTA

Ó 2010, tá sraith treoirlínte náisiúnta HTA forbartha agus foilsithe ag HIQA chun tacú le soláthar measúnuithe tráthúla, iontaofa, comhsheasmhacha agus ábhartha do riachtanais an lucht cinnteoireachta agus na bpríomhpháirtithe leasmhara.

I gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eolaíochta um HTA, (lena n-áirítear ionadaíocht leathan ó phríomhpháirtithe leasmhara sa chúram sláinte in Éirinn) déantar an tsraith seo de threoirlínte a nuashonrú agus cuirtear léi de réir mar is gá chun riachtanais na gníomhaíochta HTA a chomhlíonadh in Éirinn. Ar aon dul leis an gclár oibre arna chomhaontú, rinneadh na treoirlínte um éifeachtúlacht chliniciúil a nuashonrú in 2018. Rinneadh an treoirlíne a nuashonrú roimhe sin in 2014. Le linn 2018, d'fhoilsíomar treoirlínte maidir le hanailís ar thionchar buiséid agus measúnacht eacnamaíoch ar theicneolaíochtaí sláinte.

### 4.2.2 HRB-CICER

In 2016, dhámh an Bord Taighde Sláinte (HRB) conradh le haghaidh €2.25 milliún do HIQA chun Comhoibriú in Éirinn um Athbhreithnithe ar Éifeachtúlacht Chliniciúil HRB a bhunú (HRB-CICER). Is é Ionad HRB um Thaighde Cúraim Phríomhúil (HRB- CPCR) i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI) príomh-chomhoibrí HIQA. Áirítear le comhoibrithe eile saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar athbhreithniú córasach, meastóireacht eacnamaíoch agus forbairt treoirlínte cliniciúla.

Tá sé mar aidhm le HRB-CICER bonn fianaise ardchaighdeáin a sheachadadh maidir le hathbhreithniú córasach ar éifeachtúlacht chliniciúil, athbhreithniú córasach ar chost-éifeachtúlacht agus anailís ar thionchar buiséid chun tacú le forbróirí treoirlínte moltaí fianaise-bhunaithe a fhorbairt atá cuimsithe i dtreoirlínte cliniciúla náisiúnta agus in iniúchtaí náisiúnta cliniciúla. Déanann an Coiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil (NCEC) na treoirlínte agus na hiniúchtaí sin agus sainordaíonn an tAire Sláinte iad lena gcur i bhfeidhm ag an FSS. Lena chois sin, tríd an gcomhoibriú cuirtear oiliúint ar fáil i sintéis fianaise agus tugtar comhairle do NCEC maidir le feabhsuithe i bhforbairtí modheolaíochta i gcruthú fianaise, agus ar bhearnaí taighde maidir leis an mbonn fianaise agus conas is féidir dul i ngleic leo ar an mbealach is fearr.

Déanann coiste feidhmiúcháin an tacaíocht seirbhíse arna soláthar ag HRB-CICER a phleanáil. Rinne NCEC dearbhú cáilíochta rathúil ar dhá threoirlíne tacaithe ag HRB-CICER in 2018.

**Treoirlíne Náisiúnta Chliniciúil maidir le Diabetes Mellitus Aosach Cineál 1**

Forbraíodh treoirlíne náisiúnta maidir le bainistíocht Diabetes Mellitus Aosach Cineál 1 trí dhiaibéiteas hineál 1 in aosaigh a chomhthéacsú: treoirlíne um dhiagnóis agus bainistíocht, arna foilsiú ag an National Institute for Health and Care Excellence (NICE) sa Ríocht Aontaithe in 2015. Mar chuid den phróiseas comhthéacsaithe, rinne HRB-CICER athbhreithniú ar an litríocht eacnamaíoch lena gcuirtear taca faoi threoirlíne 2015 NICE d’fhonn a chinntiú go raibh an fhianaise eacnamaíoch ábhartha do shuíomh chúram sláinte na hÉireann. Rinneadh anailís ar an tionchar buiséid chun impleachtaí acmhainní ar FSS a chainníochtú maidir le feidhmiú na treoirlíne. Sheol an tAire Sláinte an treoirlíne an 25 Meitheamh 2018.




*Sa ghrianghraf ag seoladh ag an Aire Sláinte Simon Harris TD, an 25 Meitheamh de threoirlíne nua ón gCoiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil (NCEC) atá dírithe ar cháilíocht agus ar shábháilteacht na cóireála a fheabhsú maidir le diaibéiteas Chineál 1, bhí: an Dr. Kevin Moore, Cathaoirleach Ghrúpa Forbartha na Treoirlíne; Paul Carty ónár bhfoireann HRB-CICER; an tOllamh Sean Dineen, Ceannasaí Náisiúnta Cliniciúil don Diaibéiteas; agus Niamh Smyth, Clárbhainisteoir don Chlár Náisiúnta Cliniciúil do Dhiaibéiteas.*

## Treoilíne Náisiúnta Chliniciuil maidir le Córas Réamhrabhaidh Máithreachais na hÉireann

Is uirlis cois leapa é Córas Réamhrabhaidh Máithreachais na hÉireann (iMEWS) arna forbairt lena húsáid i gcúram máithreachais chun bunpharaiméadair fhiseolaíocha mháthartha a mheasúnú agus, trí sin a dhéanamh, cuidiú le mná a shainaithint ag a bhfuil breoiteacht atá i mbéal forbartha, atá bunaithe nó atá ag meath. Is é seo an chéad treoirlíne NCEC a nuashonraíodh; foilsíodh an treoirlíne bhunaidh in 2014. Chun tacú le forbairt an nuashonraithe, rinne HRB-CICER athbhreithniú córasach ar éifeachtúlacht chliniciúil, ar litríocht eacnamaíoch agus ar iniúchtaí ábhartha. Rinneadh anailís ar an tionchar buiséid den treoirlíne iMEWS a fheidhmiú freisin chun impleachtaí acmhainní ar FSS a chainníochtú maidir le feidhmiú na treoirlíne. Seolfar an treoirlíne i dtús 2019.

Chuireamar na nithe a leanas ar fáil freisin do ghrúpaí forbartha treoirlínte in 2018:

- comhaontas Delphi mionathraithe maidir le tosca riosca i dtoircheas chun tacú le forbairt na treoirlíne um Riosca Cliniciúil i dToircheas
- athbhreithniú córasach ar litríocht le haghaidh diagnóis agus céimniú ailse ubhagáin chun tacú le forbairt na treoirlíne le haghaidh Ailse Ubhagáin a Dhiagnóisiú agus a Chéimniú

- réamhanailís ar chostais maidir le feidhmiú na treoirlíne le haghaidh Ailse Ubhagáin a Dhiagnóisiú agus a Chéimniú
- léirbhreithniú córasach ar litríocht maidir le trí cheist eacnamaíocha chun tacú le forbairt na treoirlíne um ghalar scamhóige toirmeascach ainsealach (COPD) in aosaigh
- anailís ar thionchar buiséid maidir le feidhmiú na treoirlíne um ghalar scamhóige toirmeascach ainsealach (COPD) in aosaigh
- léirbhreithniú córasach ar litríocht maidir le cúig cheist eacnamaíocha chun tacú le nuashonrú na treoirlíne um Chóras Réamhrabhaidh Náisiúnta (NEWS).

In 2018, cuireadh tús le hobair orthu seo a leanas:

- léirbhreithniú córasach ar litríocht maidir le cúig cheist eacnamaíocha chun tacú le nuashonrú na treoirlíne um Chóras Réamhrabhaidh Náisiúnta (NEWS).
- léirbhreithniú córasach ar litríocht maidir le cúig cheist eacnamaíocha chun tacú le forbairt na treoirlíne um ghalar scamhóige toirmeascach ainsealach (COPD) in aosaigh
- léirbhreithniú córasach ar litríocht maidir le scagthástáil le haghaidh tearc-chothaithe sa suíomh géarmhíochaine chun tacú le forbairt treoirlíne maidir le scagthástáil le haghaidh cothaithe agus tacaíocht um chothú béil
- léirbhreithniú córasach ar litríocht maidir le haicmiú riosca i dtoircheas chun tacú le forbairt na treoirlíne um riosca cliniciúil i dtoircheas
- athbhreithniú córasach chun tacú le glacadh treoirlíne NICE maidir le cúram don aosach ag fáil báis, agus trí cheist chliniciúla curtha leis.




*Sa ghrianghraf thuas tá an Dr. Miriam Bell ó Chlár Feabhsúcháin Náisiúnta FSS um Aithint agus Freagairt ar Othar ag Meath (EWS), agus baill den fhoireann HRB-CICER i HIQA, an Dr Sinead O'Neill, an Dr Barbara Clyne agus Shelley O'Neill ag soláthar a gceardlainne maidir le húsáid GRADE ag comhdháil na hOifige Náisiúnta um Shábhailteacht Othar 2018*

Le linn 2018, soláthraíodh oiliúint shaincheaptha do 56 rannpháirtí ar úsáid GRADE (Measúnú, Forbairt agus Meastóireacht maidir le Grádú Moltaí). Chuireamar oiliúint ar an ngrúpa forbartha treoirlíne um Chóras Náisiúnta Réamhrabhaidh maidir le GRADE a úsáid chun an fhianaise a mheasúnú agus moltaí a ghrádú. Soláthraíodh ceardlann maidir le húsáid GRADE ag comhdháil na hoifige Náisiúnta um Shábháilteacht Othar i nDeireadh Fómhair agus soláthraíodh lá oiliúna iomlán ar úsáid GRADE i Samhain do ghrúpaí forbartha treoirlíne iolracha.

### 4.2.3 HRB-CICER – An Fhoireann um Fhianaise do Bheartas

Bunaíodh ár bhFoireann um Fhianaise do Bheartas (EfP) laistigh den Stiúrthóireacht in 2018 tar éis iarratas a fháil ón Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar (NPSO) sa Roinn Sláinte. Tá an Fhoireann EfP freagrach as cláir sintéise fianaise a chur chun feidhme go héifeachtach d'fhonn fianaise ardchaighdeáin a sholáthar chun tacú leis an Roinn Sláinte beartas a fhorbairt agus maoinítear í trí shíneadh ar thaobh an HRB den chomhaontú deontais do HRB-CICER.

Cuireadh tús le hearcaíocht don fhoireann EfP i Lúnasa 2018. Déanfaidh an fhoireann nua fianaise chliniciúil a shintéisiú chun tacú leis an Athbhreithniú Náisiúnta ar Shainseirbhísí Cairdiacha agus cuirfidh sí staidéar um chostas breoiteachta chun feidhme ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach in Éirinn chun tacú le Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach 2017-2020.

Cuireadh tús le hobair ar shintéisiú fianaise chun tacú leis an Athbhreithniú Náisiúnta ar Shainseirbhísí Cairdiacha i nDeireadh Fómhair 2018.

### 4.2.4 Taighde a foilsíodh in 2018

Foilsíodh taighde de chuid Stiúrthóireacht HTA HIQA i bhfoilseacháin éagsúla idirnáisiúnta i 2018. Bhí an fhoireann i bpáirt le páirtithe leasmhara chomh maith agus cuireadh ár gcuid oibre i láthair ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta trí chur i láthair agus póstaeir.

**Foilseacháin in irisí idirnáisiúnta**

Teljeur C, Moran PS, Harrington P, Butler K, Corcoran B, O'Donnell J, Usher C, O'Flanagan D, Connolly K, Ryan M. *Economic evaluation of selective neonatal BCG vaccination of high-risk infants in Ireland.* Pediatric Infectious Disease Journal 2018; 37(8):759-767.

Teljeur C, Harrington P, Glynn R, Ryan M. *Acute ischaemic stroke: a systematic review of the cost-effectiveness of emergency endovascular therapy using mechanical thrombectomy*. Irish Journal of Medical Science 2018.

Glynn R, Teljeur C, Harbison J, Williams DJ, Harrington P, Ryan M. *Clinical effectiveness of emergency endovascular therapy using mechanical thrombectomy in acute ischaemic stroke: a systematic review*. Irish Journal of Medical Science 2018.

**Cuir i Láthair**

Carty P, O'Neill M, Smith S, Ryan M. *Modelling the Prevalence of Type 1 Diabetes in Adults using Paediatric Incidence Rates in Ireland.* 2018 SPHeRE 4th Annual Conference, Dublin.

Ryan M. *Connecting The Dots: Essential Elements Of An Efficient HTA Ecosystem.* 2018 HTAi Annual Meeting, Vancouver.

Ryan M, Teljeur C, Harrington P. *Organisational HTA: HIQA's Health Technology Assessment of Mechanical Thrombectomy in Stroke.* 2018 HTAi Annual Meeting, Vancouver.

Teljeur C, Harrington P, Ryan M. *Comparing approaches to univariate sensitivity analysis.* 2018 HTAi Annual Meeting, Vancouver.

Tyner B, O'Neill M, Jordan K, Clyne B, Smith S, Ryan M. *Facilitating formal decision-making when following the ADAPTE framework: A modified-Delphi approach to classify risk in pregnancy for a national clinical guideline.* 2018 Guidelines International Network (GIN) Annual Meeting, Manchester.

**Póstaeir chomhdhála**

Carty P, O'Neill M, Harrington P, Smith S, Ryan M. *Adult Type 1 Diabetes Mellitus National Clinical Guideline: Budget impact analysis.* 2018 National Patient Safety Office 3rd Annual Conference, Dublin.

Carty P, Murphy L, Kilgallen N, Gibbons H, O'Neill M, Leen B, Duffy C, O'Toole E, Harrington P, Smith S, Ryan M. *Diagnosing and staging of patients with ovarian cancer: A systematic literature review of cost-effectiveness of genetic testing.* 2018 National Patient Safety Office 3rd Annual Conference, Dublin.

Carty P, O'Neill M, Harrington P, Smith S, Ryan M. *Budget impact analysis of the Adult Type 1 Diabetes Mellitus National Clinical Guideline in Ireland.* 2018 ISPOR 21st Annual European Congress, Barcelona.

Clyne B, O'Neill M, Power K, Jordan K, Smith SM, Ryan M. GRADE *Evidence to Decision (EtD) Frameworks: case study of use during a guideline update*. 2018 National Patient Safety Office 3rd Annual Conference, Dublin.

Clyne B, Jordan K, O'Neill M, Power K, Carty P, Smith SM, Ryan M. *A systematic review of economic studies of maternity early warning systems.* 2018 National Patient Safety Office 3rd Annual Conference, Dublin.

Clyne B, Jordan K, O'Neill M, Power K, O'Neill S, Smith S, Ryan M. *A systematic review of clinical audits of early warning systems to inform national clinical guideline updates.* 2018 National Patient Safety Office 3rd Annual Conference, Dublin.

Clyne B, Jordan K, O'Neill M, Power K, O'Neill S, Smith S, Ryan M. *A systematic review of clinical audits of early warning systems to inform national clinical guideline updates.* 2018 Guidelines International Network (GIN) Annual Meeting, Manchester.

Clyne B, Jordan K, O'Neill M, Power K, Carty P, Smith SM, Ryan M. *A systematic review of economic studies of maternity early warning systems.* 2018 Improving maternal health – from evidence into action, Dublin.

O'Neill M, Carty P, Clyne B, Harrington P, O' Neill SM, Teljeur C, Tyner B, Smith SM, Ryan M. *Development of a quality assurance framework for evidence generation to support to clinical guideline development groups.* 2018 Guidelines International Network (GIN) Annual Meeting, Manchester.

O'Neill SM, Tyner B, Clyne B, O'Neill M, Bell M, Casey A, Walsh R, Carty P, Smith SM, Ryan M. *The Effect of Adult Early Warning Systems Education on Healthcare Professional's Knowledge, Performance and Self-Confidence in Acute Healthcare Settings: A Systematic Review.* Rapid Response Conference, 2018, Manchester.

O'Neill SM, O'Neill M, Clyne B, Smith SM, Bell M, Casey A, Walsh R, Ryan M. *The Process of a Mixed-Methods Systematic Review: Integrating Quantitative and Qualitative Findings to Inform a National Clinical Guideline (NCG) of Early Warning Systems.* 2018 Guidelines International Network (GIN) Annual Meeting, Manchester.

O'Neill SM, Tyner B, Clyne B, O'Neill M, Bell M, Casey A, Walsh R, Carty P, Smith SM, Ryan M. *The Effect of Adult Early Warning Systems Education on Healthcare Professional's Knowledge, Performance and Self-Confidence in Acute Healthcare Settings: A Systematic Review.* 2018 National Patient Safety Office 3rd Annual Conference, Dublin.

Plunkett T, Carty P, O'Neill M, Harrington P, Smith S, Ryan M. *Management of Chronic Obstructive Pulmonary Disease (COPD) in adults – A systematic review of cost-effectiveness.* 2018 National Patient Safety Office 3rd Annual Conference, Dublin.

Teljeur C, Harrington P, Ryan M. Hasty HTA: *Delivering Health Technology Assessments under severe time constraints.* 2018 HTAi Annual Meeting, Vancouver.

Tyner B, O'Neill M, Carty P, Clyne B, Smith S, Ryan M. *Systematic review of clinical guidelines on risk classification in pregnancy.* 2018 SPHeRE 4th Annual Conference, Dublin.

Tyner B, O'Neill M, Jordan K, Clyne B, Smith S, Ryan M. *Facilitating formal decision-making when following the ADAPTE framework: A modified-Delphi approach to classify risk in pregnancy for a national clinical guideline*. 2018 National Patient Safety Office 3rd Annual Conference, Dublin.

### 4.2.5 Achoimre ar ghníomhaíochtaí eile le linn 2018

**Tosaíocht ábhar HTA**

Tá roghnú na measúnuithe teicneolaíocht sláinte (HTA) a dhéanann HIQA fíorthábhachtach lena chinntiú go gcomhlíonaimid ár ról maidir le tacú le cinntí eolasacha maidir leis na seirbhísí náisiúnta sláinte a sheachadadh go héifeachtúil.

Cuireadh ábhair san áireamh le haghaidh measúnú ar phlean oibre na Stiúrthóireachta tar éis próiseas stóinseach chun ábhair a mheas, a roghnú agus a chur in ord tosaíochta bunaithe ar roinnt príomhchritéar, lena n-áirítear a dtionchar cliniciúil, an tionchar eacnamaíoch, an ábharthacht do bheartas sláinte agus an nasc le cinnteoireacht. Tacaíonn an Grúpa Comhairleach um Beartú Tosaíochta HTA leis an obair sin atá comhdhéanta de bhaill shinsearacha foirne atá ainmnithe ó na heagraíochtaí tábhachtacha cinnteoireachta sa tseirbhís sláinte phoiblí, lena n-áirítear FSS, an Roinn Sláinte agus an Coiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil.

Cuireadh cleachtadh athbheartaithe tosaíochta sceidealaithe i gcrích in 2018 chun tosaíocht reatha HTAnna ar an bplean oibre a scrúdú agus chun iarratais eile a bhreithniú a fuarthas ó rinneadh an glao foirmiúil deireanach ar iarratais ar ábhair i nDeireadh Fómhair 2016.

Breithníodh na trí ábhar a bhí fágtha ar an bplean oibre le linn an chleachtaidh athbheartaithe tosaíochta. Iarradh dearbhú go raibh gach ábhar fós ina thosaíocht le dul faoi HTA chun cinneadh infheistíochta nó beartais a threorú, agus rinneadh doiciméid faisnéisithe a nuashonrú chun aon fhianaise bhreise a cruthaíodh a chur san áireamh san idirthréimhse. Fuarthas sé iarratas ar HTAnna ar bhonn ad hoc ón gcleachtadh beartaithe tosaíochta deireanach, agus measadh go raibh cúig cinn díobh incháilithe lena gcur san áireamh.

Ullmhaíodh doiciméid faisnéisthe le haghaidh na n-ábhar sin. Cuireadh ocht n-ábhar tríd an bpróiseas HTA i mBealtaine agus i Meitheamh 2018. Tar éis pléití ag dhá chruinniú fhoirmiúla den Ghrúpa Comhairleach um Beartú Tosaíochta, rinneadh tábhacht choibhneasta gach ábhair a rátáil de réir roinnt critéir thábhachtacha, lena n-áirítear a dtionchar cliniciúil, a dtionchar eacnamaíoch, a n-ábharthacht i leith beartas sláinte agus a nasc le cinnteoireacht.

Úsáideadh an chomhairle a d’eascair as na cruinnithe den Ghrúpa Comhairleach um Beartú Tosaíochta, mar aon le measúnú féidearthachta maidir le HTA a dhéanamh ar gach ábhar, chomh maith le haon bhreithnithe praiticiúla (mar shampla, riachtanais acmhainní agus an fráma ama) chun plean oibre na Stiúrthóireachta a threorú.

**An Coiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil**

Bhunaigh an tAire Sláinte an Coiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil (NCEC) chun creat a chur ar fáil d’fhormhuiniú náisiúnta treoirlínte cliniciúla agus iniúchadh chun cúram othar, idir phoiblí agus chliniciúil, a bharrfheabhsú laistigh de chóras sláinte na hÉireann.

Tugann HIQA tacaíocht don NCEC trína chomhaltas den Choiste, agus trí chúnamh a thabhairt le tosaíocht agus measúnú na dtreoirlínte a chuirtear isteach. In 2018, chuir HIQA ionchur saineolais ar fáil d'fhoirne measúnaithe agus beartaithe tosaíochta NCEC maidir leis na treoirlínte a leanas:

- Diaibéiteas Cineál 1 in Aosaigh
- Clár Feabhsaithe Cáilíochta Raideolaíochta
- Córas Réamhrabhaidh Míochaine Éigeandála
- Treoirlíne um Ailse Éasafagach
- Treoirlínte um Ailse Ubhagáin
- Cógas Síceatrópach a Oideasú do Dhaoine a bhfuil Néaltrú Orthu.

**Forbairt acmhainne agus cumas i measúnú ar theicneolaíocht sláinte**

Lean HIQA le dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha agus le deiseanna oiliúna agus oideachais a chur ar fáil chun tacú le saineolas náisiúnta a fhorbairt maidir le sintéisiú fianaise agus HTA a stiúradh agus a léirmhíniú.

Soláthraíodh deiseanna tacaíochta agus oiliúna do raon leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear socrúcháin oibre do mhic léinn fochéime agus iarchéime, oiliúint do pháirtithe leasmhara seachtracha (ionadaithe othar, bainteach le NCEC, fochéime, iarchéime agus eile), comhoibriú le comhghleacaithe ó RCSI agus ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (NUIG) ar thionscadail acadúla leanúnacha, agus trí thacaíocht um oiliúint agus oideachas do bhaill foirne HTA chun cur lena gcuid saineolais.

Ghlac an Stiúrthóireacht HTA páirt in dhá iarratas ar dheontais a dámhadh go rathúil ón mBord Taighde Sláinte. Is comhiarratasóir é HIQA ar Dhámhachtain Dochtúireachta Chomhoibríoch (CDA) de chuid an Bhoird Taighde Sláinte faoi cheannas an Ollaimh Susan Smith, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, dar teideal Managing complex multimorbidity in primary care: a multidisciplinary doctoral training programme. Comhoibrímid ar an tionscnamh Sintéisiú Fianaise Éireann faoi cheannas an Ollaimh Declan Devane, NUIG, a bhfuil mar aidhm leis cumais na hÉireann a neartú maidir le sintéisiú fianaise d'fhonn cinnteoireacht sláinte arna treorú ag fianaise a chur chun cinn agus tá sé á mhaoiniú ag an HRB agus ag an nGníomhaireacht Sláinte Poiblí, Tuaisceart Éireann. Beidh HIQA ar cheann de na ceithre láithreán socrúcháin ina ndéanfaidh na hiarratasóirí rathúla oiliúint ar athbhreithniú córasach agus ar scileanna sintéisithe faisnéise eile.

In 2018, rinne beirt bhall d'fhoireann HRB- CICER iarratas, agus d'éirigh leo áiteanna a fháil ar an gclár PhD Struchtúrtha um Oideachas Taighde ar Dhaonra agus ar Sheirbhísí Sláinte (SPHeRE), lena bhfágtar go bhfuil ceathrar daoine sa Stiúrthóireacht atá rollaithe sa chlár seo faoi láthair.

## Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara

Tá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara le linn an phróisis HTA bunriachtanach chun measúnú ardchaighdeáin, tráthúil agus ábhartha a sheachadadh lena ndéantar cinnteoireacht a threorú agus a mbeidh cúram feabhsaithe d'othair ina thoradh air. Is féidir le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara le linn phróiseas HTA cruinneas a chinntiú chomh maith, agus ligean do chóras réamhrabhaidh agus foghlaim a bheith ann le linn an phróisis HTA. Tá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara freisin ina rialú inár gclár riosca lena chinntiú go gcuirimid na HTAnna cearta in ord tosaíochta, go bhfreastalaímid ar riachtanais na gcinnteoirí agus go mbeidh teagmháil imleor againn le haghaidh torthaí optamacha agus le haghaidh trédhearcachta.

Trínár rannpháirtíocht le raon éagsúil páirtithe leasmhara, déanann HIQA scileanna, taithí agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara seachtracha a ionchorprú chun bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí don chlár oibre HTA leanúnach, agus chun tionscadail atá ar siúl a éascú agus a threorú.

Cuireann ár nGrúpa Comhairleach Eolaíochta (le hionadaíocht leathan ó pháirtithe leasmhara tábhachtacha sa chúram sláinte in Éirinn agus saineolaithe modheolaíochta ón réimse HTA) bonn eolais faoinár gcuid oibre. Chomh maith leis sin, cuirimid le roinnt grúpaí comhairleacha agus líonraí arna reáchtáil ag páirtithe leasmhara. Áirítear leo sin an Grúpa Athbhreithnithe Teicneolaíochta den Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse, an Coiste Athbhreithnithe Teicneolaíochta um Ghalair Neamhchoitianta, Grúpa Oibre HTA FSS, an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Thráma, Grúpa Stiúrtha SPHeRE agus an Grúpa Saineolaithe Tagartha um Channabas Míochaine. Nuair a dhéantar í a chomhcheangal le faire na fáistine, cabhraíonn an rannpháirtíocht sin chun próiseas beartaithe tosaíochta HTA a threorú trí ábhair ardtosaíochta ionchasacha a aithint don phlean oibre ar bhealach tráthúil.

Le linn 2018, chuireamar le roinnt imeachtaí le páirtithe leasmhara, lenar áiríodh láithreoireachtaí do Chruinniú Bliantúil an Lárionaid Náisiúnta um Eacnamaíocht Chógaisíochta, don líonra Cógaiseoirí i dTionsclaíocht, in Oideachas agus i dTaighde (PIER) agus ag Comhdháil Náisiúnta Chumann Trádála Míochaine agus Máinliachta na hÉireann.




*Yves Verboven (MedTech Europe), an Dr. Máirín Ryan (HIQA), an tAire Sláinte Simon Harris TD, Justin Carty (IMSTA) agus Mark McIntyre (IMSTA agus Boston Scientific), ag Comhdháil Náisiúnta Chumann Trádála Míochaine agus Máinliachta na hÉireann in Aibreán 2018.*

### 4.2.6 Líonraí idirnáisiúnta

**Líonra Eorpach um Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (EUnetHTA)**

Is comhfhiontar é EUnetHTA de 83 eagraíocht HTA ó 28 mballstát uile an AE, ón Iorua agus ón Eilvéis. Tá HIQA ainmnithe ag an Roinn Sláinte chun ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn in EUnetHTA ó 2008 i leith. Tá sé mar aidhm leis an líonra seo comhoibriú éifeachtach agus inbhuanaithe HTA a bhaint amach a thugann breisluach ar leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach. Rinneadh sraith de Ghníomhaíochtaí Comhpháirteacha chun comhar idirghníomhaireachta a chothú, chun aschur HTA a fheabhsú agus chun dúbailt iarrachta a sheachaint. Chuir an obair seo bonn eolais freisin faoi bhunú de líonra buan gníomhaireachtaí HTA ar fud na hEorpa.

D'éirigh Stiúrthóir HTA agus Leas-Phríomhfheidhmeannach HIQA, an Dr Máirín Ryan, as oifig mar Chathaoirleach ar Thionól EUnetHTA in 2018 tar éis téarma dhá bhliain in oifig. Tá an Tionól comhdhéanta de ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta uile EUnetHTA agus tá sé freagrach as straitéis a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh ar bhaint amach na gcuspóirí ag EUnetHTA. Toghadh an Dr Ryan do Bhord Feidhmiúcháin EUnetHTA ina dhiaidh sin.

Chuir HIQA go mór le pleanáil don tríú Gníomhaíocht Chomhpháirteach chun tacaíocht a thabhairt do chomhoibriú HTA Eorpach 2016 go dtí 2020, agus tá sé ag glacadh páirt go gníomhach i gceithre cinn de na pacáistí oibre.

Is iad seo a leanas na cuspóirí le pacáiste oibre 6 an tríú Gníomhaíochta Comhpháirtíochta:

- bainistíocht cáilíochta (QM) a fhorbairt agus a bhunú do chomhoibriú HTA ar an leibhéal Eorpach d'fhonn éifeachtúlacht agus cáilíocht na comhoibre a fheabhsú
- nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin a choimeád agus a fhorbairt a thuilleadh i gcomhthéacs comhoibre
- modheolaíochtaí agus uirlisí riachtanacha a sholáthar agus a fhorbairt don chomhobair
- oiliúint a sholáthar do bhainistíocht cáilíochta agus modheolaíochtaí agus uirlisí.

Tá rannchuidiú HIQA leis an obair seo faoi cheannas ár bPríomheolaí, an Dr Conor Teljeur. In 2018, sholáthair HIQA téacs agus tacaíocht chun treoirlíne a fhorbairt maidir le measúnacht cáilíochta ar mheasúnuithe eacnamaíocha. Chuireamar tús freisin leis an bpróiseas um threoirlínte modheolaíochta EUnetHTA a nuashonrú maidir le héifeachtúlacht chliniciúla atá ann cheana, agus maidir le comparáidí díreacha agus indíreacha.

Is é cuspóir phacáiste oibre 4 den Ghníomhaíocht Chomhpháirteach measúnuithe comhpháirteacha a tháirgeadh agus nósanna imeachta a fhorbairt, a bheachtú agus a chur chun feidhme lena ndéantar tairgeadh agus feidhmiú éifeachtúil agus tráthúil a éascú i dtaca le measúnuithe ardchaighdeáin do raon teicneolaíochtaí sláinte. Tá rannchuidiú HIQA leis an obair sin faoi cheannas ár gCeann Measúnaithe, an Dr Patricia Harrington.

In 2018, ghníomhaigh an Stiúrthóireacht HTA mar athbhreithneoir do mheasúnú éifeachtúlachta coibhneasta (REA) mear agus mar údar treorach do cheann eile mar chuid dá tiomantas don EUnetHTA.

Bainfear úsáid as an REA sin, a bhain le tástáil ag an láthair cúraim le haghaidh próitéin C-imoibríoch chun oideasú antaibheathach i leith ionfhabhtuithe sa chonair riospráide i suíomhanna cúraim phríomhúil a threorú, mar bhonn do mheasúnú náisiúnta agus chun cinnteoireacht in Éirinn a threorú. Agus comhghleacaithe ón Ostair ina gcomhúdair air, tá sé beartaithe ag an EUnetHTA é a fhoilsiú in Eanáir 2019.

Mar bhall ag a bhfuil seantaithí ar an líonra EUnetHTA, gníomhaíonn an Stiúrthóireacht HTA mar cheannaire ar lárionad gníomhaíochta agus sa cháil sin rinne sí táirgeadh a chomhordú maidir le REA eile agus chuir sí le beachtú agus le hathbhreithniú ar phróisis táirgthe.

Tháinig an Rialachán nua um Ghairis Mhíochaine (MDR) agus an Rialachán um Dhiagnóisic In Vitro (IVDR) chun rialáil na dteicneolaíochtaí sin a neartú i bhfeidhm i mBealtaine 2017. Baineann idirthréimhse agaithe leis na rialacháin, agus cuirfear i bhfeidhm iad ina n-iomláine tar éis chúig bliana. Chuir an Stiúrthóireacht le ceardlann um tháscfhórsa EUnetHTA maidir le HTA agus an Rialachán um Ghairis Mhíochaine chun féidearthachtaí a fhiosrú do shineirgí eatarthu siúd atá freagrach as rialachas ar MDR/IVDR (Údaráis Inniúlachta), as údarú an mhargaidh (Comhlachtaí a dtugtar Fógra Dóibh) agus as tacaíocht um chinntí aisíocaíochta (comhlachtaí HTA) chun rochtain thráthúil a áirithiú do thomhaltóirí Eorpacha ar ghairis mhíochaine agus ar dhiagnóisic in vitro atá sábháilte agus éifeachtach.

Thionóil HIQA cruinniú de Bhord Feidhmiúcháin EUnetHTA i mBealtaine.



*Cruinniú Bhord Feidhmiúcháin EUnetHTA (Líonra Eorpach HTA) inár n-oifig i mBaile Átha Cliath i mBealtaine 2018. Sa ghrianghraf tá ionadaithe na ngníomhaireachtaí éagsúla HTA, lena n-áirítear ár Leas-Phríomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir ar Mheasúnú Teicneolaíochta Sláinte (HTA), an Dr Máirín Ryan, atá in mbaill de EUnetHTA ó ar fud an AE.*



*An Dr Máirín Ryan ag Cruinniú Bliantúil idirnáisiúnta 2018 um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte (HTAi) leis an Dr Stirling Bryan, Vancouver Coastal Health agus University of British Columbia.*

### An Líonra um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte (HTAN)

Is í an Dr Máirín Ryan, Stiúrthóir HTA HIQA, ionadaí na hÉireann ar an Líonra um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte (HTAN). Is líonra buan de ghníomhaireachtaí HTA é seo a bhunaigh an Coimisiún Eorpach le comhoibriú marthanach eolaíoch agus straitéiseach a spreagadh in HTA ar fud an AE.

### Comhoibrithe idirnáisiúnta eile

D'fhonn cumas HIQA chun HTA d'ardcháilíocht a tháirgeadh go héifeachtúil, bímid i dteagmháil go leanúnach le gníomhaireachtaí HTA eile agus ag cur le caidrimh atá againn cheana. Airítear leis sin comhoibriú idir gníomhaireachtaí chun measúnuithe reatha agus críochnaithe a chomhroinnt ar mhaithe le dúbláil iarrachta a íoslaghdú.

Rinneadh an HTA maidir le vacsaíniú HPV i mbuachaillí a threorú le hobair ó Institiúid Náisiúnta na Sláinte Poiblí san Iorua. Gníomhaíonn baill de ghníomhaireachtaí eile HTA mar phiarmheasúnóirí do mheasúnuithe HIQA agus mar shaineolaithe idirnáisiúnta HTA ar shainghrúpaí comhairleacha a thionóil HIQA.

Tá HIQA ina bhall den Mheasúnú Idirnáisiúnta Teicneolaíocht Sláinte (HTAi) agus de Líonra Idirnáisiúnta na nGníomhaireachtaí um Measúnú Teicneolaíocht Sláinte (INAHTA). Bhí Stiúrthóir HTA , an Dr Máirín Ryan, ina comhalta de Choiste Idirnáisiúnta na gClár Eolaíochta do HTAi 2018 in Vancouver. Sholáthair an Stiúrthóireacht láithreoireacht iomlánach, painéal, láithreoireacht ó bhéal agus dhá phóstaer ag HTAi 2018.

In Éirinn, thug baill de Stiúrthóireacht HTA léachtaí ar chúrsaí fochéime agus iarchéime i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, i gColáiste na hOllscoile Corcaigh agus i gColáiste na hOllscoile Gaillimh.

### 4.2.7 Eitic thaighde

Bhíothas ag súil go nglacfadh HIQA le feidhm nua i rialachas ar eitic thaighde. D'oibrigh HIQA go dlúth leis an Roinn Sláinte ar fhorbairtí leis na píosaí reachtaíochta ábhartha, lenar áiríodh an Reachtaíocht AE le teacht maidir le Trialacha Cliniciúla, lena n-éilítear athruithe suntasacha ar an leibhéal náisiúnta maidir le conas a dhéantar trialacha cliniciúla ar tháirgí míochaine le húsáid ag daoine a fhaomhadh.

Suas go dtí Meitheamh 2018, leanamar lenár rannpháirtíocht i ngrúpa oibre na Roinne Sláinte ar fheidhmiú an rialacháin nua ón AE maidir le Trialacha Cliniciúla, i gcomhar leis an Údarás Rialacháin um Tháirgí Sláinte. Shainaithin an grúpa oibre sin go mbeadh gá le coiste eitice taighde náisiúnta nua chun ceanglais na reachtaíochta gaolmhar ábhartha uile a chomhlíonadh ar an mbealach is fearr, seachas leanúint le samhail náisiúnta lena gcuimsítear roinnt coistí eitice taighde bunaithe ar institiúidí le comhlacht maoirseachta.

I Meitheamh 2018, chomhaontaigh HIQA agus an Roinn Sláinte nach mbeadh ar HIQA ról an chomhlachta maoirseachta a ghlacadh do choiste eitice taighde náisiúnta. Bhí an cinneadh sin bunaithe i bpáirt ar athbhreithniú HIQA ar shamhlacha eile de choistí eitice taighde, i ndlínsí eile, lena bhfuarthas amach, go ginearálta, áit nach raibh aon chomhlacht náisiúnta aonair ann nach raibh aon chomhlacht maoirseachta tionlacain ann.

## 4.3 Faisnéis agus Caighdeáin Sláinte

Tá an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis agus Chaighdeáin Sláinte freagrach as caighdeáin agus treoir a leagan amach le haghaidh sláinte agus cúram sóisialta agus faisnéise sláinte, faisnéis a mheasúnú agus moltaí a dhéanamh don Aire Sláinte maidir le heasnaimh san fhaisnéis sláinte.

### 4.3.1 Clár Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar

**Suirbhé Náisiúnta 2018 ar Eispéiris Othar**

Sa Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar tugtar an deis d'othair cur síos a dhéanamh ar a n-eispéiris ar ghéarchúram sláinte in Éirinn. Is comhpháirtíocht é an suirbhé idir an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus an Roinn Sláinte. Ós rud é gurb é HIQA an comhpháirtí treorach, tá Foireann an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar lonnaithe laistigh de HIQA. Is é cuspóir an tsuirbhé forbairt, pleanáil, dearadh agus seachadadh cúraim othar-lárnaigh fheabhsaithe in ospidéil phoiblí a threorú.

I rith mhí na Bealtaine 2018, tugadh cuireadh do 26,752 duine a bheith páirteach sa dara Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar. Cuimsíodh leis an suirbhé 61 ceist maidir le hiontráil in ospidéil; cúram sa bharda; scrúduithe, diagnóis agus cóireáil; scaoileadh nó aistriú; agus gnéithe eile an chúraim. Bhí ocht gceist is caoga ina gceisteanna struchtúrtha le ticbhoscaí, agus ba cheisteanna oscailte iad na trí cheist dheireanacha agus deis á soláthar chun freagraí i scríbhinn a thabhairt. Ós rud é gurbh é sin an dara uair a cuireadh an suirbhé chun feidhme, níorbh fhéidir eispéiris othar a chur i gcomparáid le chéile idir 2017 agus 2018.




*Ag seoladh thorthaí an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar 2018 an 26 Samhain 2018 bhí an tAire Sláinte, Simon Harris TD, agus Rachel Flynn, Stiúrthóir Faisnéise agus Caighdeáin Sláinte HIQA agus Stiúrthóir Cláir an tsuirbhé.*

Rinne foireann an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar teagmháil le hothair, leis an bpobal agus le foireann na n-ospidéal le linn an tsuirbhé. Bunaíodh láithreán gréasáin tiomnaithe, www.patientexperience.ie, chomh maith le cainéil na meán sóisialta chun cumarsáid a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara go léir. Eagraíodh seisiúin agus ceardlanna faisnéise le foireann na n-ospidéal, agus thug lucht bainistíochta sinsearaí ó HIQA agus ó FSS cuairt ar na hospidéil chun rannpháirtíocht sa suirbhé a chur chun cinn. Taispeánadh ábhair phromóisin amhail meirgí, póstaeir, naipcíní agus preabsheastáin i ngach ceann de na hospidéil rannpháirteacha. Chuir an fhoireann torthaí an chéad suirbhé i láthair freisin ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta iolracha.

Seoladh torthaí an dara Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar i Samhain 2018. Foilsíodh tuarascáil náisiúnta agus 39 tuarascáil ó ospidéil rannpháirteacha le mionanailís a thabhairt ar na torthaí.

Fuarthas roinnt feabhsuithe ar eispéiris othar sa suirbhé in 2018, go háirithe maidir le cúram sa bharda agus scaoileadh amach nó aistriú. Bhí torthaí an tsuirbhé ina gcuidiú le réimsí a shainaithint ina raibh gá le feabhsuithe, chomh maith le réimsí lenár bhain dea-eispéiris.

## I measc na bpríomhréimsí a sainaithníodh le haghaidh feabhsúcháin tá:

**Agaí feithimh sa rannóg éigeandála:**
ní dúirt ach 31% de na daoine gur glacadh isteach i mbarda iad laistigh den sprioc-aga feithimh de sé huaire. Nascadh agaí feithimh fada le torthaí diúltacha sláinte agus is bagairt iad do shláinte an othair dá thoradh sin.




**Páirt a thabhairt do na hothair sna cinntí faoina gcúram:**
**dúirt 36% de na hothair** nach raibh siad rannpháirteach a oiread is ba mhaith leo sna cinntí faoina gcúram.





**Léiríodh an gá is mó le feabhsú ar scaoileadh amach nó ar aistriú:**
cumarsáid níos fearr le hothair maidir le fo-iarmhairtí cógais, comharthaí baoil ar cheart a bheith ag faire amach dóibh tar éis a bheith scaoilte amach, nó conas ba ceart d'othair aire a thabhairt dóibh féin sa bhaile.

## Réimsí tábhachtacha dea-eispéiris a luadh:




### Plean Straitéiseach an Chláir Náisiúnta um Eispéiris Chúraim, 2019-2021

In 2018, thosaigh an coiste stiúrtha ar phlean straitéiseach a fhorbairt chun leathnú chlár an tsuirbhé a threorú thar na trí bliana le teacht. Bogann an straitéis taobh amuigh den Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar i dtreo Clár Náisiúnta um Eispéiris Chúraim a fhorbairt. Is é a bheidh i gceist leis sin cumhdach chlár an tsuirbhé a leathnú thar raon de ghrúpaí, ionad barr feabhais a chruthú do shuirbhéanna ar eispéiris chúraim, leanúint le héisteacht le húsáideoirí d'fhonn cúram a fheabhsú, agus a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a tháirgimid iontaofa agus ar fáil dóibh siúd a mbeidh sí de dhíth orthu. Foilseofar an straitéis in 2019.

Rinneadh dul chun cinn suntasach cheana féin i dtreo chuspóirí na straitéise a bhaint amach, trí chomhpháirtíocht a bhunú le NUIG d'fhonn grinnanailís a sholáthar ar thráchtanna cáilíochtúla ón Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar. Sa bhreis air sin, tá próiseas scóipe ar siúl chun réimsí suirbhé eile a shainaithint le hiniúchadh sna trí bliana le teacht, taobh amuigh den suirbhé reatha ar othair.

### An Suirbhé náisiúnta ar eispéireas máithreachais

Tá suirbhé lena ndéanfar iniúchadh ar eispéiris úsáideoirí seirbhísí máithreachais á fhorbairt faoi láthair. Tá an suirbhé á fhorbairt i gcomhar le foireann in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (NUIG), agus léirítear tiomantas leis a rinneadh sa Straitéis Náisiúnta um Máithreachas chun suirbhé ar eispéireas máithreachais a fhorbairt.

Cuireadh léirbhreithniú córasach ar litríocht ábhartha i gcrích; agus rinneadh seacht bhfócasghrúpa agus 10 n-agallamh duine le duine le páirtithe leasmhara ábhartha a thionól in 2018. San iomlán, ghlac 75 páirtí leasmhar ó raon éagsúil cúlraí páirt ann. Tá athbhreithniú ar shuirbhéanna idirnáisiúnta ar mháithreachas beagnach críochnaithe agus cuirfear tús leis an bpróiseas chun ceisteanna a roghnú don cheistneoir deiridh in 2019. Tá an chéad suirbhé náisiúnta ar eispéireas máithreachais beartaithe do thús 2020.

## 4.3.2 Faisnéis Sláinte

Baineann buntábhacht le faisnéis maidir le córas cúraim sláinte iontaofa agus sábhailte. Tá sé ríthábhachtach d'eagraíochtaí agus do ghairmithe uile a bhfuil baint acu le cúram d'othair, cúram sláinte agus cúram sóisialta a sholáthar go mbeidh rochtain acu ar fhaisnéis ardchaighdeáin. Cuimsítear dá réimse gnó ar leith le feidhm na Faisnéise Sláinte: Foireann na gCaighdeán Teicniúil agus an Fhoireann Cáilíochta.

Trí fheidhm na Faisnéise Sláinte déantar iarracht sábháilteacht othar agus cáilíocht an chúraim a fheabhsú trí chaighdeáin, moltaí agus treoirlínte a fhorbairt maidir le faisnéis sláinte. Táimid freagrach as cáilíocht agus cumhdach reatha na faisnéise sláinte a anailísiú, as bearnaí a shainaithint, agus as moltaí a dhéanamh chun na bearnaí sin a líonadh.


### 4.3.2.1 Caighdeáin Theicniúla um Fhaisnéis Sláinte

Le linn 2018, lean an Fhoireann um Chaighdeáin Theicniúla le teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara seachtracha trí bhallraíocht i gCoiste um Chaighdeáin Faisnéisíochta Sláinte de chuid Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, grúpa Rialachais, Rochtain ar Fhaisnéis, Tionscadal um Thairseach Náisiúnta Othar, Rochtain ar Fhaisnéis agus an tionscadal OPEN NCP a bhfuil mar aidhm leis oidis othar agus achoimrí othar náisiúnta a chomhroinnt go leictreonach le tíortha Eorpacha eile.

Is ionann Straitéis Cur Chun Feidhme Sláintecare agus plean an Rialtais le haghaidh seirbhís sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar thar na 10 mbliana le teacht a bheidh inbhuanaithe agus cothrom. Liostaithe sa straitéis tá cur chun feidhme achoimrí othar in éineacht le seirbhís ordaithe oideas leictreonaigh (Ríomhordaithe oideas) mar cheann de na 10 bpríomhghníomhaíocht straitéiseacha lena gcuirtear taca faoi fhís Sláintecare. D'fhonn clár oibre Ríomhshláinte a chur chun tosaigh de réir mar atá leagtha amach sa Straitéis Ríomhshláinte agus i gclár oibre Sláintecare, dhírigh ár bhFoireann um Chaighdeáin Theicniúla ar dhá chlár mhóra Ríomhshláinte in 2018: Ríomhordú oideas pobalbhunaithe agus achoimrí othar leictreonacha.

#### Achoimre othar leictreonach náisiúnta

D'fhorbairt an fhoireann *Caighdeán Náisiúnta maidir le riachtanais faisnéise d'achoimre othar leictreonach náisiúnta*. Áirítear le hachoimrí othar leictreonacha an fhaisnéis chliniciúil is ábhartha, is nua-aimseartha agus is inúsáidte atá ar fáil do ghairmithe cúram sláinte údaraithe i gcásanna amhail éigeandálaí nó cúram lasmuigh de ghnáthuaireanta. Is féidir cúram don othar a fheabhsú le hachoimre othar leictreonach agus is féidir tacú le próisis chliniciúla trí fhaisnéis atá tráthúil agus beacht a sholáthar a theastaíonn ionas go mbeidh cumarsáid níos fearr idir cliniceoirí, othair agus foireann cúram sláinte eile. Is féidir tacaíocht a thabhairt leis do leanúnachas an chúraim don othar idir suíomhanna cúram sláinte.




*An fhaisnéis chliniciúil ar féidir í a áireamh i dtaifead d'achoimre othar leictreonach náisiúnta. Féach ar ár mbeochan chun tuilleadh eolais a fháil.*

I gcomhairliúchán leis an nGrúpa Comhairleach um Chaighdeáin Ríomhshláinte agus bunaithe ar fhianaise agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus náisiúnta, dhréachtaigh an fhoireann na riachtanais faisnéise. Is iad na riachtanais faisnéise an tacar íosta de mhíreanna sonraí atá molta le haghaidh achoimrí othar leictreonacha in Éirinn, amhail déimeagrafaic othair, an riocht sláinte, cógais reatha, ailléirgí, nósanna imeachta agus vacsaínithe. Bhí na dréacht-riachtanais faisnéise ar fáil do chomhairliúchán poiblí thar sé seachtaine, agus le linn na tréimhse sin fuaireamar líon iomlán de 44 aighneacht. Sa bhreis air sin, reáchtáil an fhoireann fócasghrúpaí agus agallaimh le hothair, le DGanna agus le gairmithe cúraim sláinte eile chun a n-eispéireas a phlé agus chun a dtuairim a fháil maidir leis an gcineál faisnéise ba cheart a áireamh in achoimre othar leictreonach náisiúnta d'Éirinn. Trí ligean d'othair agus do chleachtóirí cúram sláinte araon a bheith páirteach sa phróiseas cinntítear go ndéantar na caighdeáin deiridh a threorú lena gcuid riachtanas.

Rinne Bord HIQA an Caighdeán Náisiúnta maidir le riachtanais faisnéise d'achoimre othar leictreonach náisiúnta a fhaomhadh agus cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte í i Nollaig 2018. Tá HIQA ag dúil go gcuirfidh FSS achoimre othar leictreonach náisiúnta bunaithe ar chaighdeáin chun feidhme in Éirinn.

### Oideasú leictreonach pobalbhunaithe

Rinne an fhoireann athbhreithniú idirnáisiúnta ar chláir Ríomhordaithe oideas ina bhfuarthas amach gur féidir difríocht ollmhór a dhéanamh d'othair, d'oideasóirí agus do chógaiseoirí le Ríomhordú oideas. Úsáideadh an fhianaise idirnáisiúnta a bailíodh chun tacar moltaí a dhréachtú maidir le clár Ríomhordaithe oideas in Éirinn, i gcomhairliúchán le grúpa comhairleach arna ghairm go speisialta, inar clúdaíodh réimsí amhail struchtúr rialachais an chláir agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.

Cuireadh na dréachtmholtaí ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí le haghaidh tréimhse sé seachtaine, agus fuarthas 29 aighneacht.

Anailísíodh aighneachtaí agus baineadh úsáid astu chun Moltaí HIQA a nuashonrú don chlár Ríomhordaithe oideas pobalbhunaithe, náisiúnta in Éirinn. Rinne ár mBord na moltaí a fhaomhadh sular gcuireadh iad faoi bhráid an Aire Sláinte agus foilsíodh iad i Meán Fómhair 2018. Leis na moltaí sin cinnteofar go soláthróidh clár Ríomhordaithe oideas na sochair lena bhfuiltear ag súil, agus go leagtar amach moltaí ardleibhéil leis maidir le ceanglais reachtacha agus rialála, rialachas, príobháideachas sonraí, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, agus cur chuige cur chun feidhme céimnithe agus bunaithe ar chaighdeáin.

D'fhonn cur chun feidhme Ríomhordaithe oideas a chur chun cinn in Éirinn a thuilleadh, d'fhorbraíomar caighdeán náisiúnta chun an fhaisnéis a shainiú is gá a bhailiú d'fhonn Ríomhordú oideas a fheidhmiú go céimneach i seirbhísí pobail. I gcomhairliúchán leis an nGrúpa Comhairleach um Chaighdeáin Ríomhshláinte agus bunaithe ar fhianaise agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus náisiúnta, dhréachtaíomar riachtanais faisnéise le haghaidh comhairliúchán poiblí. Le linn an chomhairliúcháin, fuarthas 25 aighneacht agus rinneadh nuashonrú an dréachtchaighdeáin a threorú leo. Tar éis do Bhord HIQA é a fhaomhadh, cuireadh an Caighdeán Náisiúnta maidir le riachtanais faisnéise i dtaca le Ríomhordú oideas pobalbhunaithe náisiúnta faoi bhráid an Aire Sláinte agus foilsíodh é ar www.hiqa.ie i Nollaig 2018. Tá HIQA ag dúil le FSS Ríomhordú oideas a chur i bhfeidhm go céimneach ar bhonn caighdeán in Éirinn.




*Aoife Healy agus an Dr Barbara Foley, ó Fhoireann Cáilíochta um Fhaisnéis Sláinte HIQA, ag seoladh na treorach ag Comhdháil na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Othar i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.*

### SNOMED CT

Is é SNOMED CT an foclóir leictreonach is cuimsithí de théarmaí cliniciúla atá ar fáil faoi láthair agus clúdaítear a lán gnéithe den chúram sláinte ann lena n-áirítear galair, siomptóim, nósanna imeachta agus gairis mhíochaine. Forbraíodh é chun cáilíocht na sonraí cliniciúla a fheabhsú i dtaifid othar, agus ar a sheal chun cuidiú le cáilíocht fhoriomlán an chúraim a fhaigheann othair a fheabhsú. D'oibrigh an Fhoireann um Chaighdeáin Theicniúla go dlúth le FSS in 2018 chun glacadh agus cur chun feidhme SNOMED CT a chur chun cinn in Éirinn trí chathaoirleacht a dhéanamh ar ghrúpa Rialachais SNOMED CT. Comhaontaíodh agus cuireadh chun feidhme plean oibre maidir le feidhmiú céimneach SNOMED CT, agus a bheidh scaoileadh tosaigh eagráin Éireannaigh SNOMED CT i Nollaig 2018 mar thoradh air.

## 4.3.2.2 Cáilíocht na Faisnéise Sláinte

### Treoir maidir le creat cáilíochta sonraí do shláinte agus do chúram sóisialta

I nDeireadh Fómhair 2018, sheol an Fhoireann um Cháilíocht na Faisnéise Sláinte *Treoir maidir le creat cáilíochta sonraí do shláinte agus do chúram sóisialta* ag Comhdháil na hOifige um Shábháilteacht Othar. Sonraítear sa treoir cur chuige ar féidir le heagraíochtaí sláinte agus cúraim shóisialta é a ghlacadh chun cáilíocht na sonraí agus na faisnéise dá gcuid a mheasúnú, a mhonatóiriú agus a mheas ar bhonn córasach, agus ar an mbealach sin a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm.

Rinneadh grúpa oibre saineolaithe a ghairm chun comhairle a sholáthar maidir le forbairt na treorach. Tháinig an Grúpa Oibre le chéile trí huaire,agus chomhroinn baill den ghrúpa léargas luachmhar ar na tionscnaimh feabhsaithe cáilíochta dá gcuid féin agus chuidigh siad le HIQA na gnéithe riachtanacha a chinneadh le háireamh sa doiciméad treorach.

Iarradh sainchomhairle shaineolaíoch freisin ó Institiúid um Fhaisnéis Sláinte Cheanada (CIHI), a bhfuil creat cáilíochta sonraí i bhfeidhm aici le roinnt blianta anuas. Ghlac roinnt d'fhoireann um cháilíocht sonraí CIHI páirt sa chéad chruinniú den Ghrúpa Oibre.

Cuireadh comhairliúchán sprioctha chun feidhme maidir leis an dréacht-treoir, agus fuarthas 38 freagairt. Rinneadh an t-aiseolas ón gcomhairliúchán sprioctha a anailísiú, a bhreithniú agus a úsáid chun an treoir dheiridh a threorú.

Ar aon dul le próiseas forbartha treorach HIQA, chuireamar léirbhreithniú mionsonraithe chun feidhme ar an litríocht idirnáisiúnta, agus foilsíodh na torthaí ina leith mar pháipéar cúlra chun tacú le treoir maidir le creat cáilíochta sonraí do shláinte agus do chúram sóisialta. Leis an léirbhreithniú cinneadh cleachtais reatha ar bhonn idirnáisiúnta maidir le húsáid creataí cáilíochta sonraí, na comhpháirteanna atá iontu agus na toisí faona ndéantar cáilíocht sonraí a mheasúnú ag eagraíochtaí idirnáisiúnta. Bhí an doiciméad cúlra sin ina chuidiú le forbairt na treorach deiridh a threorú.

Foilsíodh Uirlis Mheasúnaithe idirghníomhach um Cháilíocht Sonraí freisin le gabháil leis an treoir, lena soláthraíodh tacar critéar ar féidir le heagraíochtaí é a úsáid chun na foinsí sonraí dá gcuid a mheasúnú go cuimsitheach. Forbraíodh í sin bunaithe ar na cúig eochairghnéithe cáilíochta sonraí atá aitheanta go hidirnáisiúnta.

**Gnéithe cáilíochta sonraí**

### Ábharthacht

Comhlíontar riachtanais reatha agus riachtanais ionchasacha amach anseo úsáideoirí.

### Beachtas agus iontaofacht

Tagraíonn beachtas na sonraí do cé chomh mion agus a chuirtear síos sna sonraí ar an méid ar dearadh iad chun sin a thomhas. Tagraíonn iontaofacht do cibé acu an ndéanann tomhas comhsheasmhach leis na sonraí, thar am, ar an réadúlacht ar dearadh iad chun sin a léiriú.

### Tráthúlacht agus poncúlacht

Bailítear sonraí tráthúla laistigh de thréimhse ama réasúnta arna comhaontú tar éis na gníomhaíochta ar a ndéantar tomhas leo. Tagraíonn poncúlacht do cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar sonraí a sheachadadh nó a thuairisciú ar na dátaí arna ngealladh, arna bhfógairt nó arna gcur in iúl.

### Comhleanúnachas agus inchomparáideacht

Bíonn sonraí comhleanúnacha agus inchomparáide comhsheasmhach thar am agus ar feadh soláthraithe agus is féidir iad a chomhcheangal go héasca le foinsí eile.

### Inrochtaineacht agus soiléire

Is féidir sonraí a rochtain go héasca agus a chur i láthair go soiléir ar bhealach intuigthe.

Tá dhá mhodúl foghlama digití á dtabhairt chun críche faoi láthair freisin ag an bhFoireann um Cháilíocht Faisnéise Sláinte maidir le creataí cáilíochta sonraí. Míneofar leis an gcéad mhodúl na sochair a bhaineann le sonraí agus faisnéis ardchaighdeáin don earnáil sláinte agus cúraim shóisialta; tá an dara modúl níos mionsonraithe agus is é an aidhm leis tacú le heagraíochtaí chun creat cáilíochta sonraí a chur i bhfeidhm i ngníomh, agus chun cáilíocht na sonraí dá gcuid a mheasúnú agus a thuairisciú freisin.

### Athbhreithniú ar chomhlíonadh caighdeán bainistíochta faisnéise

Le linn 2018, leanamar le clár athbhreithnithe struchtúrtha a chur chun feidhme maidir le comhlíonadh a mheasúnú maidir le *Caighdeáin bainistíochta faisnéise do bhailiúcháin sonraí sláinte agus cúraim shóisialta náisiúnta*. Mar thoradh ar chomhlíonadh caighdeán déanfar cáilíocht na sonraí agus na faisnéise sláinte náisiúnta a fheabhsú, agus ar deireadh thiar cuirfear le seachadadh sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn atá sábháilte agus iontaofa.

Mar gheall ar an líon mór bailiúchán sonraí náisiúnta atá in Éirinn, tá an clár athbhreithnithe á chur i gcrích le cur chuige céimnithe. Áirítear le Céim 1 athbhreithniú ar na bailiúcháin sonraí náisiúnta laistigh de FSS. Forbraíodh critéir beartaithe tosaíochta (lena n-áirítear an tionchar cáilíochta agus sábháilteachta, an tionchar beartais agus tosca oibríochtúla eile a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an gclár athbhreithnithe) chun an sceideal athbhreithnithe a chinneadh sa chéad chéim den chlár.

Tá ceithre chéim phríomhúla i gceist leis an bpróiseas athbhreithnithe:

1. uirlis fhéinmheasúnaithe a chur i gcrích
2. iarratas ar fhaisnéis
3. measúnuithe ar an láithreán
4. na torthaí a thuairisciú.

In 2018, d'fhoilsigh HIQA athbhreithnithe mionsonraithe ar chomhlíonadh na gcaighdeán in dhá bhailiúchán náisiúnta mhóra; agus cuireadh tús le tríú athbhreithniú ar bhailiúchán sonraí náisiúnta.

### Athbhreithniú ar chleachtais bainistíochta faisnéise ag BreastCheck

I Márta 2018, d'fhoilsigh HIQA *Athbhreithniú ar chleachtais bainistíochta faisnéise ag BreastCheck*, ceann amháin de cheithre chlár scagthástála laistigh den tSeirbhís Scagthástála Náisiúnta. Rinneadh 11 mholadh leis an athbhreithniú, agus, má chuirtear i bhfeidhm iad,spreagfar feabhsuithe leo ar bhainistíocht faisnéise ag BreastCheck agus maidir leis na trí chlár scagthástála eile freisin laistigh den tSeirbhís Scagthástála Náisiúnta.

Fuarthas amach san athbhreithniú, cé go bhfuil méid oibre suntasach á dhéanamh ag BreastCheck chun cáilíocht na sonraí a bhailítear laistigh de na haonaid scagthástála a fheabhsú, go bhfuil gá le creat cáilíochta sonraí uileghabhálacha a fhorbairt chun an obair sin a fheabhsú a thuilleadh. Sa bhreis air sin, tá gá le socruithe rialachais faisnéise a neartú d'fhonn a chinntiú go gcloítear le beartais agus le nósanna imeachta ábhartha agus go gcomhlíontar reachtaíocht, lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS).

Is bailiúchán sonraí sláinte náisiúnta é BreastCheck atá thar a bheith luachmhar agus aithnítear go hidirnáisiúnta go mbaineann tairbhí ollmhóra le comhroinnt iomchuí agus úsáid éifeachtach faisnéise. Ar aon dul leis an méid sin, molann HIQA freisin gur cheart do BreastCheck rochtain ar shonraí agus ar fhaisnéis a dhéanamh níos fearr ar bhealach tráthúil do pháirtithe leasmhara uile, agus mná a úsáideann an tseirbhís san áireamh.

**Athbhreithniú ar chleachtais bainistíochta faisnéise sa Scéim Faisnéise Ospidéil d'Othair Chónaitheacha (HIPE)**

I nDeireadh Fómhair 2018, d'fhoilsíomar *Athbhreithniú ar chleachtais bainistíochta faisnéise sa Scéim Faisnéise Ospidéil d'Othair Chónaitheacha (HIPE)* atá ina príomhchóras faisnéise sláinte a úsáidtear in Éirinn chun pleanáil, seachadadh agus maoiniú cúram sláinte, cur chun cinn sláinte, agus taighde a threorú. Baineann tábhacht ar leith le bainistíocht faisnéise do HIPE agus úsáid na sonraí dá cuid le haghaidh pleanáil agus maoiniú, méid suntasach na faisnéise a tháirgtear, an líon ollmhór de pháirtithe leasmhara atá rannpháirteach i nginiúint na sonraí, castacht chonair an tsreafa sonraí agus an costas suntasach a bhaineann le giniúint na sonraí á dtabhairt san áireamh.

Rinneadh naoi moladh leis an athbhreithniú agus, má chuirtear i bhfeidhm iad ar bhonn éifeachtach, spreagfar feabhsuithe leo ar bhainistíocht faisnéise ag HIPE. Go sonrach, sainaithníodh easnaimh san athbhreithniú maidir le struchtúir agus socruithe maoirseachta náisiúnta atá i bhfeidhm le haghaidh HIPE a rialú, a stiúradh agus a bhainistiú ar leibhéal sinsearach laistigh de FSS. In éagmais socruithe rialachais soiléire, rinneadh bainistíocht éifeachtach riosca agus bainistíocht feidhmíochta a theorannú, agus dúshláin ionchasacha á gcruthú maidir le feidhmiú foriomlán agus úsáid HIPE.

Cé gur sainaithníodh san athbhreithniú go ndearnadh feabhsuithe ar thionscnaimh cáilíochta sonraí agus ar chódú cliniciúil thar roinnt blianta anuas, ní dhearnadh na cineálacha cur chuige maidir le fadhbanna foriomlána um bainistíocht faisnéise HIPE a fhorbairt. Ó pheirspictíocht na bainistíochta faisnéise, ba cheart féachaint ar shreabhadh sonraí ó HIPE mar phróiseas leanúnach amháin a thosaíonn ag céim an doiciméadúcháin chliniciúil agus a chríochnaíonn ag an bpointe nuair a bhíonn na sonraí réidh le húsáid ag príomhpháirtithe leasmhara d'fhonn cinnteoireacht a threorú.

**Athbhreithniú ar chleachtais bainistíochta faisnéise i Seirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS) an FSS**

Cuireadh tús le hAthbhreithniú ar chleachtais bainistíochta faisnéise i Seirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS) in 2018 agus foilseofar é i dtús 2019. Tá an PCRS freagrach as íocaíochtaí a dhéanamh le soláthraithe cúraim phríomhúil agus as seirbhísí aisíocaíochta a sholáthar dóibh agus DGanna, fiaclóirí, cógaiseoirí agus optaiméadraithe agus oftailmeolaithe maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn siad don phobal saor in aisce nó ar chostas laghdaithe. Is foinse shaibhir faisnéise iad na sonraí atá i seilbh ag an PCRS don phobal, do chliniceoirí, do lucht ceaptha beartas agus do thaighdeoirí ar féidir iad a úsáid chun cáilíocht na seirbhísí a fheabhsú a sholáthraítear don phobal in Éirinn. Is é aidhm an athbhreithnithe sin cleachtais bainistíochta faisnéise a fheabhsú ag an PCRS trí chomhlíonadh na gcaighdeán ag an eagraíocht a mheasúnú agus ar deireadh thiar feabhsuithe a spreagadh trí réimsí dea-chleachtais a shainaithint, chomh maith le réimsí ina bhfuil gá le feabhsuithe.

### 4.3.3 Caighdeáin agus treoir le haghaidh sláinte agus cúram sóisialta

Agus é ag obair i gcomhar le raon leathan páirtithe leasmhara, is é an aidhm atá ag HIQA cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú trí chaighdeáin náisiúnta a leagan síos agus trí threoir a fhoilsiú lena gcuirtear cleachtas nua-aimseartha, ar bhonn fianaise, éifeachtach agus comhsheasmhach chun cinn. Trí chaighdeáin, cuidítear leis na daoine a sholáthraíonn seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta láidreachtaí a shainaithint agus réimsí a thabhairt chun suntais a bhféadfadh gá a bheith ann le feabhas a chur orthu, agus é mar aidhm a taispeáint do dhaoine an chuma ba cheart a bheith ar chúram sábháilte, ardchaighdeáin agus an méid ba cheart bheith ag súil leis ó sheirbhís.

Tá ról ag HIQA freisin maidir le sábháilteacht agus cáilíocht a chur chun cinn i soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar mhaithe le sláinte agus leas an phobail. Déanaimid sin trí acmhainní breise agus trí threoir a fhorbairt chun cuidiú le daoine caighdeáin náisiúnta a thuiscint agus a chur i bhfeidhm, agus chun cuidiú le daoine freisin feabhsuithe a dhéanamh i réimse áirithe.

Le linn fhorbairt na gcaighdeán agus na treorach náisiúnta, tá rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ríthábhachtach chun cuidiú le cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú. Forbraítear gach tacar de chaighdeáin agus de threoir i gcomhar le grúpa comhairleach um chaighdeáin, déantar fócasghrúpaí a eagrú le páirtithe leasmhara lena n-áirítear an fhoireann tosaigh agus daoine a úsáideann na seirbhísí, agus tugtar cuireadh don phobal i gcoitinne a gcuid aiseolais a chur isteach le linn dhá thréimhse chomhairliúcháin. Tríd an rannpháirtíocht sin le príomhpháirtithe leasmhara, cinntíonn HIQA go n-éistear le tuairimí na bpáirtithe leasmhara uile agus go bhfuil an deis acu a chinntiú go gcuidíonn a gcuid eispéireas agus tuairimí le forbairt caighdeán agus treorach náisiúnta a mhúnlú.

**Athbhreithniú idirnáisiúnta**

In 2018, rinneamar athbhreithniú idirnáisiúnta ar an dóigh a ndéanann 13 eagraíocht thar naoi ndlínse caighdeáin agus cleachtais a fhorbairt. Fuarthas an méid a leanas amach san athbhreithniú:

- Tá aistriú ann i dtreo caighdeáin náisiúnta ardleibhéil a bheith ann ar fud na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, seachas caighdeáin iolracha a bheith ann do sheirbhísí sainiúla.
- Cuireann a lán dlínsí béim mhór ar ábhar thacúil agus treoir a fhorbairt, rud a chuidíonn le foireann agus le soláthraithe seirbhíse caighdeáin a thuiscint agus a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhísí.
- Tá próiseas beartaithe tosaíochta atá follasach ina iomláine ag a lán dlínsí lena gcinntítear go ndéantar iarratais chun caighdeáin agus treoir náisiúnta a fhorbairt a athbhreithniú, a mheasúnú agus a chur chun cinn, mar is iomchuí, ar bhealach follasach agus comhsheasmhach.
- Oibríonn a lán eagraíochtaí i gcomhar le soláthraithe seirbhíse, le rialaitheoirí agus le daoine a úsáideann seirbhísí chun tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta a shainaithint agus tacú leo trí chaighdeáin agus trí threoir a fhorbairt.

- Mheas na dlínsí uile go raibh rannpháirtíocht an phobail agus othar ina riachtanas criticiúil ag gach céim den phróiseas forbartha caighdeán agus treorach, go speisialta céimeanna tosaigh an tionscadail. Cinntítear leis sin go mbeidh an deis ag gach páirtí leasmhara agus ag saineolaithe ábhair ionchur a bheith acu sa phróiseas forbartha ar bhealach follasach agus cuimsitheach.
- Ba dhúshlán é do chuid mhór de na dlínsí iarmhairt na gcaighdeán agus na treorach náisiúnta ar fud an chórais sláinte agus cúraim shóisialta a thomhas agus a thuairisciú. Cuidítear le heagraíochtaí trí sin a dhéanamh, áfach, chun réimsí ina bhfuil gá le feabhsaithe a shainaithint, méadaítear an trédhearcacht timpeall ar an bpróiseas forbartha caighdeán, agus soláthraítear córas lena ndéantar cleachtais na heagraíochta a mheasúnú.
- Cuireann an chuid is mó de na dlínsí béim mhór ar scaipeadh, ar chur in iúl agus ar chur chun cinn na gcaighdeán náisiúnta agus an ábhair ghaolmhar do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar bhonn éifeachtach. Is é an aidhm leis sin glacadh agus cur i bhfeidhm a uasmhéadú ar fud na seirbhísí, agus feasacht a ardú i measc na ndaoine a úsáideann seirbhísí, i measc a dteaghlach agus i measc an phobail.




Rinneadh athbhreithniú ar mhodheolaíocht forbartha caighdeán HIQA a threorú le torthaí an athbhreithnithe sin, in éineacht le rannpháirtíocht príomhpháirtithe leasmhara. Ba é príomhathrú amháin a rinneadh an comhairliúchán scóipe poiblí a cuireadh leis an bpróiseas forbartha caighdeán d’fhonn a chinntiú go raibh páirtithe leasmhara rannpháirteach ó thosach an tionscadail. D’fhorbair an fhoireann roinnt doiciméid phróisis agus acmhainní foghlama ar líne freisin chun cuidiú le daoine a bhí gafa le hobair chosúil. Áirítear leo siúd:

- Acmhainní ar líne maidir le *Conas a fhorbraítear Caighdeáin Náisiúnta agus Fócasghrúpaí a dhearadh, a éascú agus a anailísiú i dtaighde ar fhaisnéis agus ar chaighdeáin sláinte.*
- *An próiseas sintéisithe fianaise: Modhanna i bhforbairt Caighdeán, Treorach agus Moltaí Náisiúnta don earnáil sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn, Meán Fómhair 2018.*
- *Fócasghrúpaí a eagrú: Modhanna i bhforbairt Caighdeán, Treorach agus Moltaí Náisiúnta don earnáil sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn, Meán Fómhair 2018.*

Rinneadh fócas nua a threorú freisin leis an athbhreithniú idirnáisiúnta ar chumarsáid agus ar scaipeadh ár n-ábhair a fheabhsú, ar rannpháirtíocht mhéadaithe na bpáirtithe leasmhara ar fud an phróisis agus ar acmhainní a fhorbairt chun cuidiú le tuiscint agus chun tacú le cur i bhfeidhm na gcaighdeán agus na treorach náisiúnta ar fud na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

Tá próiseas cuimsitheach á chur i bhfeidhm againn freisin agus ábhair á sainaithint, á roghnú agus á gcur in ord tosaíochta againn chun iad a fhorbairt ina gcaighdeáin agus ina dtreoir náisiúnta. Áiritheofar leis sin go ndéantar ábhair arna moladh a athbhreithniú, a mheasúnú agus a chur chun cinn, mar is iomchuí, ar bhealach follasach agus comhsheasmhach.


Rinne HIQA Grúpa Comhairleach um Chlár Caighdeán agus Treorach a ghairm chun comhairle a sholáthar maidir leis an gclár oibre foriomlán agus chun tacú leis an bpróiseas beartaithe tosaíochta agus é a chur chun cinn. Tá an Grúpa Comhairleach comhdhéanta d'ionadaithe ón bhFóram Náisiúnta Othar, FSS, Tusla, ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ón Roinn Sláinte agus ó Stiúrthóireacht Rialála HIQA. Bhí an chéad chruinniú den Ghrúpa ar siúl i Nollaig 2018 agus tá sé beartaithe go mbeidh cruinnithe ar siúl ar bhonn bliantúil amach anseo.

**Dréachtchaighdeáin Náisiúnta do Lárionaid Chónaithe do Leanaí**

In 2018, d'fhaomh an tAire Sláinte, i gcomhairliúchán leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, na *Caighdeáin Náisiúnta do Lárionaid Chónaitheacha do Leanaí*. Cuirtear iad sin in ionad chaighdeáin 2001 na Roinne Sláinte agus Leanaí.


Is ionann lárionad cónaitheach do leanaí agus áras do leanaí a thagann faoi chúram an Stáit d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar a gcuid riachtanas nuair nach féidir leo cónaí lena dteaghlach féin. Amhail Deireadh Fómhair 2018, bhí níos mó ná 400 leanbh ina gcónaí i gcúram cónaitheach in Éirinn. Is féidir le soláthraithe reachtúla (Tusla), deonacha (neamhbhrabúis) nó príobháideacha cúram cónaitheach a sholáthar. Cuireann Tusla soláthraithe ón earnáil phríobháideach agus soláthraithe deonacha faoi chonradh chun cúram cónaitheach a sholáthar.

Is é aidhm na gCaighdeán sin an cúram agus an tacaíocht a fheabhsú a sholáthraítear do gach leanbh a chónaíonn i gcúram cónaitheach, chun a chinntiú go mbeidh eispéireas ar sheirbhís acu lena gcomhlíontar a gcuid riachtanas féin. Tá na Caighdeáin agus Do threoir do chúram cónaitheach do leanaí, atá dírithe go sainiúil ar leanaí atá ina gcónaí faoi chúram, bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus forbraíodh iad i gcomhairliúchán le leanaí a raibh taithí acu ar bheith ina gcónaí i gcúram cónaitheach, lena dteaghlaigh agus leo siúd a bhí bainteach lena gcúram.




Cuirtear síos leis na Caighdeáin agus leis an treoir ar an gcuma ba cheart a bheith ar lárionad cónaitheach sábháilte agus éifeachtach do leanaí agus cruthaítear bonn leo le haghaidh cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim chónaithigh do leanaí a fheabhsú trí láidreachtaí a shainaithint agus trí réimsí a thabhairt chun suntais le haghaidh feabhais. Is féidir le leanaí a chónaíonn i gcúram cónaitheach agus lena dteaghlaigh iad a úsáid chun an méid lena bhféadfadh siad bheith ag súil ó sheirbhís a thuiscint mar aon leis na cearta atá acu ar a dturas trí chúram.

## Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta maidir le cosc agus rialú ionfhabhtuithe i seirbhísí pobail




D'fhoilsíomar Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta maidir le cosc agus rialú ionfhabhtuithe i seirbhísí pobail in 2018. Ba é sin an chéad uair a d'fhorbair HIQA caighdeáin atá dírithe go sainiúil ar sheirbhísí sláinte pobail agus cúraim shóisialta, agus seirbhísí otharchairr, cúram baile, cleachtais DGanna, cleachtais fiaclóirí, lárionaid chónaitheacha, seirbhísí cúram lae agus cógaslanna san áireamh. Rinneadh na Caighdeáin Náisiúnta a threorú le hathbhreithniú ar chaighdeáin, treoirlínte agus doiciméid treorach náisiúnta agus idirnáisiúnta agus rannpháirtíocht daoine a oibríonn i seirbhísí pobail agus na daoine a úsáideann na seirbhísí sin.

Is féidir tionchar ollmhór a bheith ag ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte ar dhaoine, rud is cúis le himní, breoiteacht thromchúiseach, míchumas fadtéarma agus bás. Níl roinnt de na hionfhabhtuithe sin teoranta níos mó don suíomh ospidéil agus tá siad ag éirí níos coitianta i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta sa phobal. Is féidir cuid shuntasach de na hionfhabhtuithe mar sin a sheachaint, má chuirtear struchtúir, córais agus próisis éifeachtacha i bhfeidhm chun na rioscaí ionchasacha a bhainistiú. Clúdaítear réimsí tábhachtacha sna Caighdeáin Náisiúnta amhail dea-chumarsáid a dhéanamh le daoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta sa phobal, ligean do dhaoine a bheith páirteach i gcinntí maidir lena gcúram, cúram a sholáthar i dtimpeallacht shábháilte agus ghlan agus cógas frithmhiocróbach a oideasú ar bhealach sábháilte.

Chuir baill dár bhfoireann um Chaighdeáin na caighdeáin chun cinn ag comhdhálacha éagsúla, lenar áiríodh an t-imeacht 'One Health' an 20 Samhain 2018 chun Lá Eorpach um Fheasacht ar Antaibheathaigh a cheiliúradh.




*Sa ghrianghraf ag an imeacht 'One Health', ó chlé go deis, tá baill de Ghrúpa Comhairleach HIQA: Helen Murphy, Ionad Faireachais um Chosaint Sláinte (HPSC); Rosarie Lynch,Ceann ar Fhaireachas ar Shábháilteacht Othar, an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar; an tOllamh Martin Cormican, an Rannán Sláinte agus Folláine, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS); Linda Weir, HIQA; an Dr Karen Burns, HPSC; an Dr Nuala O'Connor, ICGP DG Ceannasaí ar Chlár Cliniciúil HCAI-AMR FSS; Rachel Flynn, Stiúrthóir um Fhaisnéis agus Caighdeáin Sláinte HIQA; agus Mary McKenna, Clár Cliniciuil HCAI agus AMR FSS.*




*Rosemary Smyth, Príomhfheidhmeannach Eatramhach, an Coimisiún Meabhair-Shláinte; Phelim Quinn, POF, HIQA; agus Patricia Rickard-Clarke, Cathaoirleach ar Chumhdach Éireann ag an seimineár 'Cumhdach Aosach: Cearta, Sláinte agus Folláine a Chur Chun Cinn' i mBealtaine 2018.*

Forbraíodh ábhair thacúla freisin chun cuidiú le tuiscint agus chun tacú le cur i bhfeidhm na gCaighdeán Náisiúnta. Airíodh leis sin beochan gairid lena sonraítear cad is ciall le cosc agus rialú ionfhabhtuithe agus na bearta is féidir le daoine agus le seirbhísí a ghlacadh chun leathadh ionfhabhtaithe a chosc; póstaer achomair ar leathanach amháin de na 20 caighdeán; agus bileog eolais lena sonraítear cad is féidir le daoine a dhéanamh chun leathadh ionfhabhtuithe a chosc.

In 2019, oibreoimid le páirtithe leasmhara chun acmhainn oideachasúil ar líne a fhorbairt d'fhoireann tosaigh chun tacú le tuiscint agus le cur i bhfeidhm na gcaighdeán ina suíomhanna féin.

## Dréachtchaighdeáin náisiúnta maidir le cumhdach aosach




Tá an ceart ag gach aosach chun bheith sábháilte agus chun cónaí saor ó dhíobháil. Ciallaíonn cumhdach aosach bearta a chur i bhfeidhm i seirbhísí chun an riosca díobhála a laghdú, chun cearta daonna agus sláinte agus folláine daoine a chur chun cinn, agus chun daoine a chumhachtú chun iad féin a chosaint. Ba cheart go mbeadh daoine a úsáideann aon seirbhís sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn ag súil go ndéantar a riosca díobhála a laghdú agus go ndéantar a gcearta daonna, a sláinte agus a bhfolláine a chur chun cinn agus a chosaint.

Le linn 2018, d'fhorbair HIQA, i gcomhpháirtíocht leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte (MHC), *Dréachtchaighdeáin náisiúnta maidir le cumhdach aosach* bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus i gcomhairliúchán le daoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, le hurlabhraithe, le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta agus le lucht déanta beartas.

Thionóil HIQA agus MHC seimineár i mBealtaine 2018 dar teideal 'Cumhdach Aosach: Cearta, Sláinte agus Folláine a Chur Chun Cinn' agus tháinig níos mó ná 200 toscaire le chéile, a raibh ina measc cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta ag a bhfuil saineolas sa réimse. Tionóladh seisiúin le fócasghrúpaí freisin chun eispéiris na dtoscairí a phlé agus chun cad ba cheart aghaidh a thabhairt air sna caighdeáin a fháil amach.

Foilsíodh dréachtchaighdeáin do chomhairliúchán poiblí seacht seachtaine i Lúnasa 2018. Rinneadh Boird HIQA agus MHC na caighdeáin a thabhairt i gcrích agus a fhaomhadh in 2018, agus cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte iad i dtús 2019. Táthar ag súil go nglacfaidh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta uile leis na caighdeáin náisiúnta sin d'fhonn feabhsuithe a chur chun cinn ar chosc ar dhíobháil agus ar an bhfreagairt ar bhuarthaí maidir le cumhdach aosach.

**Dréacht-treoir chun tacú le cur chuige bunaithe ar chearta an duine i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta**

Is é atá i gceist le cur chuige bunaithe ar chearta an duine i dtaca le cúram daoine a úsáideann seirbhísí a chumhachtú chun bheith ar an eolas faoina gcuid ceart agus go bhfeidhmíonn siad iad. Baineann sé freisin le cumas agus cuntasacht na foirne a mhéadú a oibríonn i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta chun meas a thabhairt do chearta daonna na ndaoine a úsáideann seirbhísí agus chun na cearta sin a chosaint agus a chomhlíonadh. Tríd an gcineál cur chuige sin a úsáid is féidir torthaí a fheabhsú do dhaoine a úsáideann seirbhísí agus cuidiú le seirbhísí cúram de cháilíocht níos fearr, dírithe ar an duine a sheachadadh.

Le linn 2018, chuir HIQA tús le dréacht-treoir a fhorbairt, arna maoiniú i bpáirt ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, chun tacú le cur chuige bunaithe ar chearta an duine i dtaca le cúram i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Beidh sé mar aidhm leis an treoir phraiticiúil agus inrochtana ar bhonn fianaise sin cuidiú le cleachtóirí a thuiscint cad is ciall le cur chuige bunaithe ar chearta an duine i dtaca le cúram agus bealaí a shainaithint chun a chinntiú go bhfanann cearta na ndaoine a úsáideann seirbhísí ag croílár sholáthar na seirbhísí.

Chuireamar an chéad chomhairliúchán scóipe poiblí de chuid HIQA i gcrích chun forbairt na treorach a threorú. Bhí an fhreagairt ar an gcomhairliúchán dearfach, agus fuarthas 51 píosa aiseolais ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí. Sa bhreis ar an gcomhairliúchán scóipe, chuireamar léirbhreithniú i gcrích ar litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus foilseofar é i dtús 2019. Foilseofar an dréacht-treoir le haghaidh comhairliúchán poiblí in 2019.

### 4.3.4 Léachtaí agus láithreoireachtaí arna soláthar ag baill na Stiúrthóireachta

D'fhreastail Foireann an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar ar go leor comhdhálacha agus imeachtaí thar chúrsa na bliana d'fhonn torthaí an tsuirbhé a chur i láthair, lenar áiríodh:

- An 22ú Comhdháil um Chur Chun Cinn na Sláinte de chuid na hOllscoile Náisiúnta, Gaillimh, i Meitheamh.
- An 35ú Comhdháil Idirnáisiúnta de chuid an Chumainn Idirnáisiúnta um Cháilíocht i gCúram Sláinte (ISQua), arna tionól i Kuala Lumpur i Meán Fómhair.




*Rachel Flynn, Stiúrthóir um Fhaisnéis agus Caighdeáin Sláinte agus Stiúrthóir Cláir an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar ag déanamh láithreoireachta ag Comhdháil náisiúnta IPPOSI an 8 Deireadh Fómhair 2018.*

- Comhdháil 2018 Ardán na hÉireann um Eagraíochtaí Othar, Eolaíocht & Tionsclaíocht (IPPOSI) i nDeireadh Fómhair.
- Ceachtanna ó CervicalCheck agus todhchaí shláinte na mban, arna thionól i Samhain.
- An 2ú Comhdháil den Ghrúpa Cúram Sláinte Saolta um Eispéiris Othar, arna tionól i nGaillimh i Nollaig.

Rinne baill den Stiúrthóireacht láithreoireachtaí ag na comhdhálacha agus imeachtaí seo a leanas:

- Chuir an Fhoireann um Chaighdeáin a cuid oibre chun cinn ag an 22ú Comhdháil Bhliantúil um Chur Chun Cinn na Sláinte, in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, inar taispeánadh an dóigh a bhfuil daoine a úsáideann seirbhísí rannpháirteach i bhforbairt caighdeán náisiúnta do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. D'fhreastail níos mó ná 170 toscaire ag a bhfuil cúlra i sláinte agus cúram sóisialta.
- Bhí comhdháil bhliantúil Chumann na hÉireann um Fhaisnéisíocht Sláinte (HISI) ar siúl go luath i mí na Samhna, ag díriú at an tírdhreach Ríomhshláinte in Éirinn. Thug Deirdre Laffan láithreoireacht maidir le Moltaí le haghaidh Tionscadal Ríomhordaithe Oideas Pobalbhunaithe, agus thug an Dr Kevin O'Carroll láithreoireacht maidir le riachtanais faisnéise do thaifead náisiúnta um achoimre othar. Rinne an Dr Barbara Foley láithreoireacht freisin maidir le cur chuige córasach i dtaca le cáilíocht na faisnéise sláinte náisiúnta in Éirinn a fheabhsú.
- Rinneamar láithreoireacht ag imeacht um Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe d'altraí agus do chnáimhseacha i Leitir Ceanainn maidir le feidhm forbartha caighdeán HIQA agus na Caighdeáin Náisiúnta le haghaidh Ionfhabhtuithe a Chosc agus a Rialú i Seirbhísí Pobail.

- Rinne an Fhoireann um Chaighdeáin láithreoireacht freisin maidir leis na Caighdeáin Náisiúnta do lárionaid chónaitheacha do leanaí os comhair níos mó ná 120 gairmí cúraim shóisialta a bhí i láthair ag Comhdháil 2018 Chúram Sóisialta Éireann, Baile Átha Luain.
- Tugadh léacht mar chuid de Chlár Máistreachta ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath maidir leis na Caighdeáin Náisiúnta maidir le hionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte a chosc agus a rialú i seirbhísí géarchúram sláinte, 2017.
- Tugadh léacht do chlár PhD Sphere maidir le hobair na Stiúrthóireachta um Fhaisnéis agus Caighdeáin Sláinte i HIQA.
- Tugadh léacht agus reáchtáladh seisiún idirghníomhach mar chuid de chlár Máistreachta i Sláinte Phoiblí agus de chlár Máistreachta i Sláinte Dhigiteach ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, maidir le hobair shainiúil na feidhme um Cháilíocht na Faisnéise Sláinte i HIQA.
- Tugadh léacht do mhic léinn Fisiteiripe na tríú bliana ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath maidir le Faisnéis na Sláinte agus Suirbhéanna ar Eispéiris Othar - Forbhreathnú ar ról agus ar obair HIQA chuige seo.

**Póstaeir chomhdhála**

*Comhdháil Bhliantúil Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe Éireann, 27 Aibreán 2018*


- Weir L, Keane C, McKenna F, Gannon J, Flynn R. Development of draft national infection prevention and control standards for community services – findings to date. Comhdháil Bhliantúil Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe Éireann (IPCI), 2018, Baile Átha Cliath.

*22ú Comhdháil Bhliantúil um Chur Chun Cinn na Sláinte, an 7 Meitheamh 2018*

- Weir L, Behan L, O'Dwyer V, Flynn R. Involving people who use services in developing National Standards for Health and Social Care Services. 22ú Comhdháil Bhliantúil um Chur Chun Cinn na Sláinte, 2018.
- O'Dwyer V, Murphy S, Hyland D, Hamilton E, Frowein K, Kehoe-O'Sullivan M, Smyth R. The National Standards for the conduct of reviews of patient safety incidents. 22ú Comhdháil Bhliantúil um Chur Chun Cinn na Sláinte, 2018.

*3ú Comhdháil Bhliantúil na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Othar, an 17 agus an 18 Deireadh Fómhair 2018*

- Foley B, Healy A, Flynn R. Guidance on a Data Quality Framework for health and social care – a tool to assess data quality to inform patient safety. Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar, 3ú Comhdháil Bhliantúil 2018, Baile Átha Cliath.
- Foley B, Boland T, Ryan M, Flynn R. Review programme for national health data collections – driving improvements in the quality and use of health information in Ireland. Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar, 3ú Comhdháil Bhliantúil 2018, Baile Átha Cliath.
- O'Dwyer V, Behan L, Weir L, Flynn R. An international review of standards and guidance development for health and social care services. An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar, 3ú Comhdháil Bhliantúil 2018, Baile Átha Cliath.




*Ceannasaí um Chaighdeáin, Judy Gannon, ag cur póstaeir i láthair ag an 3ú comhdháil Bhliantúil Náisiúnta um Cháilíocht, Riosca Cliniciúil agus Sábháilteacht Othar an 21 Meán Fómhair 2018.*

- Dolphin L, Connolly D, Weir L, Frowein K, Murray A, Donati J, Smyth R, Flynn R. Person-centred communication in adult safeguarding. An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar, 3ú Comhdháil Bhliantúil 2018, Baile Átha Cliath.
- Weir L, Keane C, McKenna F, Gannon J, Flynn R. Development of draft national infection prevention and control standards for community services: Statement of Outcomes. An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar, 3ú Comhdháil Bhliantúil 2018, Baile Átha Cliath.
- Foley C, Huss T, O'Carroll T, Mason T, O'Ceallaigh D, Flynn R. Hearing the patient's voice: Insights from the National Patient Experience Survey. An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar, 3ú Comhdháil Bhliantúil 2018, Baile Átha Cliath.

*3ú Comhdháil Bhliantúil um Cháilíocht, Riosca Cliniciúil agus Sábháilteacht Othar, an 21 Mean Fómhair 2018*

- Dolphin L, Connolly D, Weir L, Frowein K, Murray A, Donati J, Smyth R, Flynn R. The development of National Safeguarding Standards. Comhdháil Bhliantúil um Cháilíocht, Riosca Cliniciúil agus Sábháilteacht Othar 2018, Baile Átha Cliath.
- Weir L, Keane C, McKenna F, Gannon J, Flynn R. Development of draft national infection prevention and control standards for community services. Comhdháil Bhliantúil um Cháilíocht, Riosca Cliniciúil agus Sábháilteacht Othar 2018, Baile Átha Cliath.

*Comhdháil Chumann na hÉireann um Fhaisnéisíocht Sláinte 2018, 6 agus 7 Samhain 2018*

- Láithreoireacht ó bhéal: Foley B. A systematic approach to improve and promote the quality of national health information in Ireland. 23ú Comhdháil Bhliantúil agus Siompóisiam Eolaíochta Chumann na hÉireann (HISI) um Fhaisnéisíocht Sláinte, Baile Átha Cliath.

- Foley B, Healy A, Flynn R. Guidance on a Data Quality Framework for health and social care – a tool to assess data quality to inform patient safety. 23ú Comhdháil Bhliantúil agus Siompóisiam Eolaíochta Chumann na hÉireann (HISI) um Fhaisnéisíocht Sláinte, Baile Átha Cliath.
- Boland T, Foley B, Ryan M, Flynn R. Review programme for national health data collections – driving improvements in the quality and use of health information in Ireland. 23ú Comhdháil Bhliantúil agus Siompóisiam Eolaíochta Chumann na hÉireann (HISI) um Fhaisnéisíocht Sláinte, Baile Átha Cliath.

*4ú Comhdháil Bhliantúil Líonra SPHeRE, an 11 Eanáir 2018*

- Foley C, Huss T, Boland T, O'Carroll T, O'Ceallaigh D, Flynn R. Hearing the patient's voice: Insights from the National Patient Experience Survey. 4ú Comhdháil Bhliantúil Líonra SPHeRE 2018.

*An Fóram Náisiúnta um Chúram Comhtháthaithe, an 5 Nollaig 2018*

- Boulger J, Foley C, Huss T, O'Carroll T, Flynn R. The implementation, impact and outcomes of the National Patient Experience Survey. Fóram Náisiúnta um Chúram Comhtháthaithe 2018.

*Comhdháil thionscnaimh maidir le Gairmiúlacht i gCúram Sláinte, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, 12 Aibreán 2018*

- Huss T, Foley C, O'Carroll T, Flynn R. Professionalism in the public acute hospital setting: Lessons from the National Patient Experience Survey. 2018. Comhdháil thionscnaimh maidir le Gairmiúlacht i gCúram Sláinte, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, Baile Átha Cliatha, Éire.

## 4.4 Oibríochtaí

Féachann foireann Oibríochtaí HIQA lena chinntiú go bhfuil córais, bonneagar agus acmhainní atá éifeachtach i bhfeidhm ag HIQA chun tacú le cuspóirí ár bplean gnó a sheachadadh ar bhealach éifeachtúil. Leanadh leis an obair chun na feidhmeanna sin a neartú agus a fhorbairt sa bhliain 2018.

### 4.4.1 Acmhainní daonna

Tacaíonn an fheidhm Acmhainní Daonna dár gcuid leis an gcaidreamh le fostaithe, le forbairt beartas, le hearcaíocht, le párolla agus pinsin, le bainistíocht feidhmíochta agus le forbairt eagraíochta. Déanann sí an méid sin trí shaineolas gairmiúil a sholáthar agus trí bhainisteoirí agus an fhoireann a chur ar a gcumas a gcuid cuspóirí a bhaint amach.

Nuair a d'aithníomar go raibh seachadadh rathúil straitéis HIQA ag brath ar na hacmhainní daonna dá chuid a bheith i bhfeidhm, dhíríomar ar phleanáil maidir leis an lucht saothair in 2018. I mí Iúil, cuireadh Plean um Lucht Saothair faoi bhráid na Roinne Sláinte lena leagadh amach riachtanais lucht saothair HIQA sa todhchaí. Leanamar le seirbhísí earcaíochta agus soláthair acmhainní freagrúla, ardchaighdeáin, tráthúla a sholáthar don eagraíocht; ag oibriú chun a chinntiú go soláthraítear seirbhísí ardchaighdeáin lenár bpróisis agus lenár gcórais. Sheolamar 52 comórtas earcaíochta in 2018 agus bhí 39 ceapachán mar thoradh air sin.

Le linn na bliana, rinneadh obair fhairsing ar fhorbairt creata inniúlachta do HIQA. Rinneadh é sin a dhearadh agus a fhorbairt le hionchur agus le saineolas ó dhaoine ar fud na heagraíochta, agus is creat saincheaptha é ina gcuirtear sa áireamh na nithe atá tábhachtach dár gcuid oibre agus dár ndaoine. Soláthrófar bonn leis chun an oiread rudaí a dhéanaimid a dhéanamh níos éasca agus níos comhsheasmhaí, lena n-áirítear an dóigh a ndéanaimid róil a shainiú agus a chur in iúl, an dóigh a ndéanaimid earcaíocht, agus an dóigh a ndéanaimid forbairt a phleanáil agus roghanna agus conairí gairme a sholáthar.

D'éirigh le HIQA creidiúnú Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe (ETP) de chuid Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) a choimeád in 2018. Is é an fócas a bhaineann le ETP a chur ina luí ar eagraíochtaí na daoine dá gcuid a mheas mar phríomhfhoinse lena mbaineann buntáiste iomaíoch. Úsáideann HIQA an tsamhail ETP chun feabhsú gnó a bhaint amach tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Na córais acmhainní daonna cearta a chur i bhfeidhm d'fhonn rannchuidiú na bhfostaithe a uasmhéadú
- Cleachtais um dhaoine a ailíniú le cuspóirí na heagraíochta
- An infheistíocht i mbainistíocht acmhainní daonna a uasmhéadú.

Bronnadh deimhniú ar leibhéal Caighdeáin Óir ar HIQA ag deireadh 2018.

Ba phríomhfhócas é in 2018 don roinn Acmhainní Daonna feasacht a ardú maidir le sláinte agus folláine san áit oibre agus tionscnaimh ghaolmhara a chur chun cinn. Rinneamar cur chuige níos struchtúrtha agus níos fócasaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le folláine fostaithe agus thugamar éagsúlacht de chláir agus acmhainní ar líne isteach chun tacú le baill na foirne a sláinte agus a bhfolláine fhoriomlán a bhainistiú agus a fheabhsú.

Rinneadh an clár a shaincheapadh chun riachtanais um shláinte agus folláine lucht saothair éagsúil a chomhlíonadh agus nithe ar thairiscint a bhain le stíl bheatha, cothú, scagthástáil sláinte agus gníomhaíocht fhisiceach.

### 4.4.2 Bainistíocht airgeadais

Le linn 2018, lean HIQA lenár n-acmhainní airgeadais a bhainistiú ar aon dul le ceanglais rialachais. Bailíodh táillí bliantúla in am, agus trí bhuiséadú agus réamhaisnéisiú leanúnach cumasaíodh bainistíocht shlán ar chaiteachas iarbhír i gcoinne acmhainní atá beartaithe agus atá ar fáil.

Rinne ár soláthraí iniúchta inmheánaigh iniúchadh ar rialuithe inmheánacha airgeadais HIQA le linn na bliana, agus níor aithníodh aon ábhair imní ábhartha. Rinneadh tuilleadh uasghráduithe ar na bogearraí airgeadais lena bpróiseáiltear idirbhearta airgeadais agus lena soláthraítear faisnéis bhainistíochta chun tacú le cinnteoireacht.

Cuireadh cuntais bhliantúla HIQA don bhliain 2018 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na n-amscálaí atá leagtha amach in Acht Sláinte 2007.

### 4.4.3 Bainistíocht cáilíochta

Lean HIQA lena gCóras Bainistíochta Cáilíochta a fhorbairt le linn 2018. Rinneadh struchtúir a fhorbairt a thuilleadh chun cumarsáid inmheánach a fheabhsú agus chun tacú leis an eagraíocht a cuid próiseas agus nósanna imeachta a dhoiciméadú d’fhonn cur chuige comhsheasmhacht a áirithiú maidir lenár gcuid oibre uile. Forbraíodh treoir agus soláthraíodh oiliúint atá ábhartha don timthriall feabhsaithe cáilíochta. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le córas HIQA a fheabhsú le haghaidh na ndoiciméad uile faoi rialú a bhainistiú. D’fhonn tacú le feabhas leanúnach, rinne an fhoireann iniúchta inmheánaigh roinnt measúnuithe cáilíochta agus iniúchtaí.

### 4.4.4 Sláinte agus sábháilteacht


Tá HIQA tiomanta fós do shábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí inár n-oifigí agus gach cuairteora orthu a chosaint . Leanaimid le hacmhainní a infheistiú inár gclár Sláinte agus Sábháilteachta lena gcumasaítear comhghleacaithe dár gcuid ról gníomhach a imirt i mbainistíocht a sláinte agus a sábháilteachta féin. Suíonn ionadaithe sábháilteachta foirne ar an gCoiste Sláinte agus Sábháilteachta a thagann le chéile ar bhonn ráithiúil. Soláthraíodh raon seisiún sláinte agus sábháilteachta le linn na bliana. Tharla aon teagmhas intuairiscithe amháin in 2018.

Rinne HIQA feabhsuithe suntasacha ar an timpeallacht oibre don fhoireann in 2018, lenar áiríodh atheagrú mór ar spás in oifig Bhaile Átha Cliath. Forbraíodh pleananna freisin maidir le feabhsúcháin i saoráidí oifigí eile HIQA.

## 4.4.5 Ídiú fuinnimh agus an comhshaol

Leanann HIQA ar aghaidh chun sprioc 2020 a chomhlíonadh de laghdú ídithe fuinnimh 33% ar fud na hearnála poiblí. In 2018, rinneamar roinnt dúshlán maidir leis an laghdú sin a shainaithint agus a bhainistiú go rathúil, a bhí mar thoradh ar oibreacha tógála agus ar thionóntaí breise a bheith á n-áitiú san oifig i mBaile Átha Cliath. Mar thoradh ar na dúshláin sin tháinig méadú suntasach ar ídiú leictreachais agus gáis sa chéad ráithe de 2018. Glacadh le roinnt beart chun tabhairt faoi na fadhbanna sin, agus chun HIQA chur ar aon dul arís lena sprioc a bhaint amach faoi 2020.

Thar an mbliain seo a chuaigh thart, rinne ár n-oifigí 9,115 cileagram de pháipéar a athchúrsáil, rud atá cothrom le thart ar 164 crann a shábháil.




## 4.4.6 Pleanáil

Le linn 2018, d'oibrigh HIQA chun a Phlean Corparáideach 2019-2021 a fhorbairt. Rinneamar idirghabháil fhairsing le páirtithe leasmhara laistigh agus lasmuigh den eagraíocht chun straitéis a fhorbairt lena leagtar amach treo soiléir le haghaidh na dtrí bliana le teacht agus na bearta a dhéanfaimid chun ár misean a chur i gcrích. Tar éis don Bhord é a fhaomhadh, cuireadh an plean faoi bhráid na Roinne Sláinte i Nollaig 2018.

Bhí an Plean Gnó don bhliain 2018 ar an tríú plean sa timthriall pleanála corparáidí thrí bliana 2016-2018. Tugadh tuairisc chuimsitheach ar bhaint amach na gcuspóirí gnó ag gach cruinniú rialta de chuid an Bhoird. Seolfar dréachtphlean gnó chuig an Aire Sláinte lena bhreithniú laistigh de 30 lá ó chinneadh airgeadais HIQA don bhliain 2019 a fháil.

## 4.5 Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

### Cúlra

Déanann HIQA cumarsáid rialta leis an bpobal agus lenár raon leathan páirtithe leasmhara ar gach gné den sainchúram leathan atá orainn. Cuireann an Fhoireann um Chumarsáid agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara faisnéis atá cruinn agus tráthúil ar fáil don phobal, ar aon dul lenár bprionsabail um chumarsáid agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.

Is croíluachanna de chuid HIQA iad oscailteacht agus trédhearcacht agus cuireadh na luachanna sin i bhfeidhm i ngach tuarascáil agus i ngach moladh a foilsíodh le linn na bliana 2018. Leanamar ag obair leis na meáin agus le páirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go dtuairiscítear faisnéis faoinár gcuid oibre ar bhealach cruinn cuí agus go gcuirtear an pobal ar an eolas faoin obair a dhéanaimid agus go gcabhraítear leis an bpobal teacht ar an obair sin agus í a thuiscint.

Cuireann an Fhoireann um Chumarsáid agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara naoi bhfeidhm i gcrích chun freastal ar riachtanais chumarsáide HIQA. Is iad sin:

- caidreamh leis an bpreas agus leis na meáin
- bainistíocht ar fhoilseacháin
- caidreamh agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara
- gnóthaí poiblí agus parlaiminteacha
- cumarsáid ar líne
- Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar faoi stiúir chumarsáide
- cumarsáid inmheánach
- Saoráil Faisnéise
- gearáin a bhainistiú.

### 4.5.1 Caidreamh leis an bpreas agus leis na meáin

D’eisigh HIQA 27 preaseisiúint le linn na bliana 2018. Áiríodh leo sin imeachtaí suntasacha na meán amhail ‘*Report of the investigation into the management of allegations of child sexual abuse against adults of concern by the Child and Family Agency (Tusla) upon the direction of the Minister for Children and Youth Affairs*’ a fhoilsiú, measúnú ar theicneolaíochta na sláinte (HTA) ar shíneadh na vacsaíne HPV go buachaillí, torthaí an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar 2018, agus *na Caighdeáin Naisiúnta um ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú i seirbhísí pobail, agus na Caighdeáin Náisiúnta do Lárionaid Chónaitheachta do Leanaí*.

Le linn na bliana, thuairiscigh eagraíochtaí idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla na meán ar obair HIQA i meáin chlóite, chraolta agus i bhfoilseacháin ar líne. Thugamar aghaidh ar fhiosrúcháin uile ó na meáin ar bhealach tráthúil agus d’eagraíomar agallaimh leis na meáin chun ár gcuid oibre a phoibliú.

### 4.5.2 Bainistíocht ar fhoilseacháin

Trí oiliúint foirne agus trí eagarthóireacht inmheánach, leanann HIQA le Béarla soiléir agus teanga intuigthe a úsáid agus ár bhfoilseacháin uile á n-ullmhú againn.

Foilsítear ár gcuid tuarascálacha agus foilseachán ar bhealach tráthúil ar www.hiqa.ie, áit ar féidir iad a íoslódáil go héasca. D'fhoilsíomar 58 foilseachán éagsúil le linn 2018, lenar áiríodh caighdeáin, tuarascálacha bliantúla, measúnuithe ar theicneolaíocht na sláinte agus treoirdhoiciméid. Dhearamar póstaeir, leabhráin, meirgí agus 47 píosa de ghrafaicí faisnéise do roinnt foilseachán dár gcuid freisin chun iad a dhéanamh níos inrochtana.

Foilsíodh níos mó ná 1,161 tuarascáil chigireachta ar ár suíomh gréasáin sa bhliain 2018. D'eisíomar 84 ráiteas foilseacháin freisin lena gcur le foilsiú na dtuarascálacha cigireachta sin ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

| Cineál tuarascála cigireachta tuarascálacha a foilsíodh | An líon iomlán |
|---|---|
| Cúram sláinte | 42 |
| Leanaí (gan leanaí faoi mhíchumas san áireamh) | 44 |
| Daoine faoi mhíchumas (leanaí faoi mhíchumas san áireamh) | 584 |
| Tithe altranais | 491 |
| **Iomlán** | **1,161** |

### 4.5.3 Rannpháirtíocht agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara

Déanaimid idirghabháil le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an pobal i gcoitinne, othair, cónaitheoirí, soláthraithe seirbhíse agus grúpaí tacaíochta chun feasacht agus tuiscint a chur chun cinn ar HIQA, agus chun comhoibriú maidir le tionscadail sláinte agus cúraim shóisialta.

Cuid thábhachtach d'obair HIQA is ea ról a thabhairt don phobal i gcomhairliúcháin. In 2018, rinneamar 10 gcomhairliúchán phoiblí a eagrú chun an méid a bhí tábhachtach dár bpáirtithe leasmhara a fháil amach roimh roinnt caighdeán, HTAnna, treoirlínte agus straitéisí a thabhairt chun críche. Eagraíodh comhairliúcháin phoiblí maidir leis na nithe a leanas:

- Dréacht-Treoirlínte le haghaidh Éifeachtúlacht Chliniciúil Teicneolaíochtaí na Sláinte in Éirinn a Mheasúnú
- Dréachtchairt seirbhíse le haghaidh comhairliúcháin
- Dréachtphlean Corparáideach do 2019-2021 le haghaidh Comhairliúcháin
- Comhairliúchán scóipe le haghaidh forbairt treorach nua a threorú chun tacú le cur chuige bunaithe ar chearta an duine i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta

- Riachtanais faisnéise maidir le hachoimre othar náisiúnta - dréachtchaighdeán le haghaidh comhairliúchán poiblí
- Dréachtchaighdeáin náisiúnta maidir le cumhdach aosach
- Dréacht-HTA maidir leis an sceideal imdhíonta náisiúnta a shíneadh chun vacsaíniú HPV do bhuachaillí a áireamh
- Dréachtchaighdeán le haghaidh comhairliúcháin: Riachtanais faisnéis maidir le Ríomhordú Oideas pobalbhunaithe
- Dréachtmholtaí don chlár Ríomhordaithe Oideas pobalbhunaithe, náisiúnta in Éirinn
- Dréachtchaighdeáin náisiúnta coisc agus rialaithe um ionfhabhtú do sheirbhísí pobail

Le linn an chomhairliúcháin, tugadh cuireadh do bhaill an phobail, d'fhoireann sláinte agus cúraim shóisialta, do shaineolaithe na tionsclaíochta agus do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí agus aiseolais a chur isteach i dtaca leis na dréacht-doiciméid. Rinneadh na doiciméid deiridh a threorú leis na tuairimí sin agus rinne Bord HIQA iad a fhaomhadh ina dhiaidh sin.

Le linn na bliana, leanamar lenár nuachtlitir phoiblí, HIQA News, a fhoilsiú gach dara mí, agus foilsíodh sé eagrán in 2018. Is féidir ár nuachtlitir a léamh freisin ag www.hiqanews.com.

Ina theannta sin, chuidíomar le foirne ar fud na heagraíochta roinnt imeachtaí agus seimineáir faisnéise a eagrú agus a thionól do pháirtithe leasmhara, lenar áiríodh seisiúin do sholáthraithe na dtithe altranais agus do dhaoine i gceannas, agus do chónaitheoirí agus a ngaolta freisin.

### 4.5.4 Gnóthaí poiblí agus parlaiminteacha

Tá HIQA freagrach don Rialtas agus do Thithe an Oireachtais araon. Déanaimid caidreamh díreach leis an Aire Sláinte, leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis na hairí stáit sa Roinn Sláinte, le ranna Rialtais, le coistí Oireachtais agus le hurlabhraithe de chuid an fhreasúra.

Soláthraíonn HIQA faisnéis atá cruinn agus cothrom le dáta d'ionadaithe agus d'oifigigh phoiblí ar bhealach pras agus comhsheasmhach. Dóigh amháin ina ndéantar sin ná tríd an bpróiseas ceisteanna parlaiminteacha, agus is é an cuspóir tábhachtach a bhaineann leis sin a chinntiú go mbeidh obair HIQA follasach agus cuntasach.

In 2018 fuaireamar 18 gceist pharlaiminteacha agus thugamar freagra orthu go léir laistigh den spriocdháta sonraithe. Bhain na ceisteanna leis na hábhair seo a leanas:

- Seirbhísí Corparáideacha – 7 (39%)
- Rialáil– 10 (55.5%)
- Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh – 1 (5.5%)

Thugamar freagra freisin ar iarratas foirmiúil amháin ar fhaisnéis. Fuarthas an t-iarratas sin ón Roinn Sláinte agus bhain sé le faisnéis faoin bhfeidhm rialála atá againn. Léirítear le raon na gceisteanna a fuarthas ón lucht polaitíochta ar fad an rannpháirtíocht agus spéis ghinearálta thar ceann na n-ionadaithe tofa inár gcuid oibre.

In 2018, ghlac HIQA páirt i 10 gcomhairliúchán phoiblí maidir le raon leathan saincheisteanna. Áiríodh leo sin comhairliúchán na Roinne Sláinte maidir le cosaintí ar chailleadh saoirse, comhairliúchán maidir le Dréachtbheartas FSS um Chumhdach Aosach 2018 agus comhairliúchán an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí i dtaca le conarthaí cúraim i seirbhísí cúraim chónaithigh do dhaoine scothaosta.

Anuraidh, bhí an deis ag HIQA láithreoireacht a dhéanamh don Chomhchoiste um Shláinte. Chuamar os comhair an choiste i Márta chun an rialachán molta ón gCoimisiún Eorpach i dtaca le Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte a phlé, agus arís i Meitheamh chun Scéim Ghinearálta an Bhille um Shábháilteacht Othar (Ceadúnú) a phlé.

### 4.5.5 Cumarsáid ar líne

Leanann láithreán gréasáin HIQA mar fhoinse thábhachtach faisnéise dár bpáirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne. Bhí méadú 25% ar líon na gcuairteoirí foriomlána ar an láithreán gréasáin ó 2017 go 2018, agus bhí méadú 40% breise ar líon na n-úsáideoirí móibíleacha nua.

Ba iad na cúig roinn ba mhó ar tugadh cuairt ar orthu ar www.hiqa.ie an leathanach baile, tuarascálacha cigireachta is déanaí, gairmeacha, caighdeáin agus cáilíocht, agus ár gcaighdeáin náisiúnta.

Íoslódáladh 447,085 doiciméad .pdf ónár láithreán sa bhliain 2018. Is iad seo a leanas na ceithre dhoiciméad ba mhó a íoslódáladh:

1. *National Standards for Residential Services for Children and Adults with Disabilities*
2. *National Standards for Residential Care Settings for Older People in Ireland*
3. 2017 – *National Standards for the prevention and control of healthcare-associated infections in acute healthcare services*
4. *Guide to the National Standards for Residential Care Settings for Older People in Ireland*

Leanann HIQA le leas a bhaint as na meáin shóisialta chun dul i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear ár leathanach ar Facebook, ár gcuntas ar Twitter agus ár leathanach ar LinkedIn. Trínár gcaidreamh agus trínár dteagmhálacha ar na meáin shóisialta, cothaímid pobal a bhfuil spéis acu san obair a dhéanann HIQA agus iarraimid ionchur ó pháirtithe leasmhara.

Sa bhliain 2018, tháinig méadú 28% ar an líon leantóirí atá ag HIQA ar Twitter. Rinneadh an líon ‘is maith liom’ ar leathanach Facebook HIQA a mhéadú faoi 22% thar na bliana, agus méadaíodh líon na leantóirí ar an leathanach Linkedin faoi 124%.

In 2018, rinneamar 10 bhfís a scannánú agus chruthaíomar seacht mbeochan. D’fhoilsíomar iad sin ar na meáin shóisialta chun feasacht a mhéadú ar obair HIQA agus chun ár gcuid oibre a dhéanamh níos inrochtana dár bpáirtithe leasmhara. Bhaineamar úsáid as Facebook Live le linn na bliana chun preasócáid bheo agus seimineár a shruthú maidir le cumhdach aosach.

Tá Foireann Chumarsáide HIQA freagrach freisin as cuntais na meán sóisialta don Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar.

### 4.5.6 Ceannasaí an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar

Bhí an dara Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar ar siúl i mBealtaine 2018, tar éis an tsuirbhé tionscnaimh in 2017. Mar an bpríomhchomhpháirtí sa tionscnamh,

bhí Foireann Chumarsáide HIQA chun tosaigh maidir le straitéis chumarsáide ilghnéitheach a chur i bhfeidhm d'fhonn rannpháirtíocht sa suirbhé a uasmhéadú.

Ba thosaíocht é sa bhliain thionscnaimh cuspóir agus tábhacht an tsuirbhé a chur in iúl don phobal, d'othair, do ghairmithe cúram sláinte agus do pháirtithe leasmhara eile, agus ba amhlaidh sin in 2018. Ba é ár n-aidhm forbairt a dhéanamh ar dhíograis agus ar fhreagairt dhearfach na chéad bliana den suirbhé, teagmháil a dhéanamh le spriocluch nua agus an Suirbhé Náisiúnta um Eispéiris Othar a bhunú mar spreagthóir feabhsuithe fiúntacha ar chúram sláinte in Éirinn.

Is é a bhí i gceist leis an straitéis chumarsáide teagmháil aghaidh le haghaidh a dhéanamh le príomhfhoireann na n-ospidéal, ábhair phromóisin a tháirgeadh le cur ar taispeáint in ospidéil rannpháirteacha agus i limistéir phoiblí; agus feachtais chomhtháite thraidisiúnta sna meáin shóisialta agus dhigiteacha. I mí na Samhna, chun torthaí an tsuirbhé in 2018 a phoibliú, eisíodh 39 preaseisiúint a bhain go sainiúil le hospidéil agus eisíodh 39 píosa de ghrafaicí faisnéise mar aon le beochan chun na torthaí a chur i láthair.

I Meitheamh 2018, bhuaigh HIQA an duais 'Feachtas Cúram Sláinte is Fearr' ag Duaiseanna Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí (PRII) do Bharr Feabhais i gCaidreamh Poiblí maidir leis na feachtais chumarsáide fhairsinge a cuireadh chun feidhme chun an chéad suirbhé a chur chun cinn in 2017.




*Baill na Foirne Cumarsáide 2018 de chuid HIQA a bhí ag obair ar an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar leis an duais PRII 'An Feachtas Cúram Sláinte is Fearr': Trudi Mason, Suzanne O'Brien, Clare O'Byrne, Cormac Farrell agus Zoë Forde.*

### 4.5.7 Cumarsáid inmheánach

Déanaimid cumarsáid inmheánach a choimeád agus tacaímid léi ar fud HIQA agus d'oibríomar chun aiseolas ón bhfoireann a chur i bhfeidhm maidir le cumarsáid inmheánach i rith na bliana. Coinníodh an fhoireann cothrom le dáta maidir leis na hathruithe agus forbairtí uile laistigh den eagraíocht trí bhíthin na ríomhirise míosúla dár gcuid don fhoireann, trí chruinnithe foirne, agus trínár nInlíon. Scaiptear an nuacht laethúil is déanaí ar gach ball foirne agus ar gach comhalta Boird.

### 4.5.8 Saoráil Faisnéise

Fuair HIQA 66 iarratas Saorála Faisnéise (FOI) san iomlán sa bhliain 2018 agus tugadh cúig iarratas ar aghaidh ón mbliain 2017. As an líon iomlán de 71 iarratas sin, ceadaíodh 10 gcinn díobh, ceadaíodh 36 ceann díobh i bpáirt, diúltaíodh sé cinn, rinneadh seacht gcinn díobh a láimhseáil lasmuigh den phróiseas FOI nó rinneadh iad a aistarraingt, aistríodh trí cinn eile díobh go ghníomhaireacht rialtais eile agus tugadh naoi gcinn díobh ar aghaidh chuig 2019.

Ba de réir cheanglais an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, a tugadh freagra ar gach iarratas. Chuir HIQA oiliúint athnuachana ar roinnt cinnteoirí le linn na bliana 2018. Ceapadh roinnt cinnteoirí nua le linn na bliana agus cuireadh oiliúint ar na daoine sin freisin.

### 4.5.9 Gearáin

Fáiltíonn HIQA roimh thuairimí, moltaí agus gearáin faoina fheidhmíocht agus faoina iompar agus é ag comhlíonadh na ndualgas reachtúil agus na bhfreagrachtaí reachtúla atá air. Féadfaidh soláthraithe seirbhíse, othair, cúramóirí, gaolta, eagraíochtaí príobháideacha agus deonacha, gníomhaireachtaí reachtúla agus an pobal i gcoitinne an t-aiseolas sin a chur ar fáil. Fáiltíonn HIQA roimh gach cineál aiseolais agus measann sé go bhfuil gearáin ina ndeiseanna chun cleachtais agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus réimsí feabhais a shainaithint. Tá sé mar aidhm againn gearáin a réiteach go héifeachtach agus go gasta agus úsáidimid cur chuige luathréitigh maidir le gearáin nuair is féidir.

Rinneadh athbhreithniú ar an mBeartas Gearán i mí na Samhna 2018. Le linn 2018, fuair HIQA seacht ngearán, laghdú de chúig cinn ó 2017. Pléadh le gach gearán ar aon dul leis an mbeartas agus leis na hamlínte comhaontaithe.

## 4.6 Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh 2018

Soláthraíonn Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh maoirseacht, stiúradh agus tacaíocht lena chur ar chumas HIQA a chuspóirí a sheachadadh laistigh de chreat rialachais. Is é atá i gceist leis sin tacaíocht éifeachtach a thabhairt don Bhord agus dá chuid coistí ionas go soláthraítear an straitéis agus go ndéantar monatóireacht ar fheidhmíocht ar bhealach lena gcinntítear go gcomhlíonann HIQA na ceanglais reachtúla atá air.

### 4.6.1 Cruinnithe an Bhoird agus na gCoistí

Thionóil an Bord 14 chruinniú le linn 2018. Bhí sé chruinniú ceangailte go reachtúil, agus sceidealaíodh ocht gcruinniú bhreise chun míreanna gnó sainiúla a chur chun cinn, amhail breithniú ar an tuarascáil ar iniúchadh ar bhainistíocht líomhaintí de dhrochúsáid ghnéasach leanaí i gcoinne aosach is ábhar imní ag Tusla agus chun forbairt Phlean Corparáideach 2019-2021 a chur chun cinn.

**Coistí Boird**

Tugann na coistí Boird cúnamh agus tacaíocht don Bhord trí mhaoirseacht níos mine a dhéanamh ar phríomhréimsí a bhaineann le feidhmeanna agus oibríochtaí HIQA.

Tá ceithre choiste ag an mBord. Is iad sin:

- Déanann an Coiste Rialála maoirseacht ar éifeachtúlacht, rialachas, comhlíonadh agus rialuithe maidir le seachadadh fheidhmeanna rialála HIQA. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire sa bhliain 2018.
- Cuidíonn an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais leis an mBord chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na gcóras arna mbunú ag Lucht Bainistíochta HIQA trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht agus ar iontaofacht na rialuithe inmheánacha, agus ar dhearbhuithe maidir le rialachas, bainistíocht riosca, ar an timpeallacht rialaithe agus ar chruinneas agus ar iomláine na ráiteas airgeadais. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire sa bhliain 2018.
- An Coiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta, a dhéanann maoirseacht ar na socruithe rialachais atá i bhfeidhm le haghaidh forbairt caighdeán, faisnéis sláinte agus measúnú teicneolaíochta sláinte. Déanann sé maoirseacht ar chomhlíonadh na socruithe sin agus ar na rialuithe atá i bhfeidhm ina leith freisin. Tháinig an coiste le chéile dhá uair in 2018.
- Déanann an Coiste Maoirseachta Acmhainní monatóireacht ar riachtanais acmhainní HIQA lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht le straitéis chorparáideach HIQA, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le hacmhainní. Lena chois sin, déanann sé maoirseacht ar riachtanais eagraíochtúla agus ar fheidhmíocht na bainistíochta. Tháinig an Coiste le chéile trí huaire sa bhliain 2018.

### 4.6.2 Rialachas corparáideach

Tá Bord HIQA freagrach as córas rialaithe inmheánaigh HIQA agus as athbhreithniú a dhéanamh gach bliain ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus iad sin a bhaineann le bainistíocht riosca.

Chun an fhreagracht sin a chomhlíonadh, glacann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais ról gníomhach i gcomhordú a dhéanamh ar an dearbhú a fhaightear ó fhoinsí éagsúla, amhail:

- Obair iniúchóireachta inmheánaí
- Iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Bainistíocht riosca
- Athbhreithniú ar rialuithe airgeadais
- Athbhreithniú ar ráitis airgeadais.

Sa bhreis air sin:

- Soláthraíonn an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin ráiteas dearbhaithe bliantúil don Bhord, ina leagtar amach na rialuithe lena gcumhdaítear feidhmeanna HIQA ina n-iomláine.
- Cuirtear tuarascálacha rialta feidhmíochta corparáidí ar fáil don Bhord, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le rioscaí corparáideacha.
- Soláthraíonn an Príomhfheidhmeannach tuarascáil don Bhord ag gach cruinniú an Bhoird.
- Tugann na coistí Boird tuairisc don Bhord.

**Comhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú**

Tá Cód Rialachais, Cód Iompair Ghnó agus beartais ghaolmhara rialachais agus nósanna imeachta gaolmhara rialachais ag HIQA chun a chinntiú go gcomhlíonann sé an leagan athbhreithnithe den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Tá an Caighdeán Rialachais SWiFT 3000 ag HIQA ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

Tá tuarascáil mhionsonraithe um Rialachas agus Comhlíontacht san áireamh leis na ráitis airgeadais bhliantúla don bhliain 2018.

# Caibidil 5: Ráitis Airgeadais Bhliantúla

## An Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

### Innéacs:


| | |
|---|---|
| Faisnéis ghinearálta | 91 |
| Tuarascáil an Chathaoirligh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 | 92 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 94 |
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 97 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 103 |
| Ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 | 108 |

## Faisnéis ghinearálta

| | |
|---|---|
| **Seoladh** | Aonad 1301,<br>Geata na Cathrach,<br>Machain, Corcaigh<br>T12 Y2XT |
| **Baincéirí** | Banc Uladh<br>95 An Phríomhshráid,<br>Mainistir na Corann<br>Co. Chorcaí<br>P25 RW67 |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 PF72 |
| **Aturnaetha** | Beauchamps<br>Cois Abhann a Dó<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 KV6 |

## Tuarascáil an Chathaoirligh
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

Leis an tuarascáil seo tugtar faoi na ceanglais sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 atá leagtha amach sna Ceanglais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais, Alt 1.9, lena sonraítear na míreanna atá le cuimsiú i dTuarascáil Chuimsithe an Chathaoirligh don Aire Sláinte.

- Tá ráiteas faoi rialú inmheánach san áireamh sa tuarascáil seo.
- Deimhním nach raibh aon fhorbairtí ann a bhí suntasach ó thaobh na tráchtála de a chuaigh i bhfeidhm ar HIQA le linn na bliana, lenar áiríodh bunú fochuideachtaí nó comhfhiontar agus ceannacháin scaireanna.
- Níor fágadh aon idirbhearta airgeadais lasmuigh den chlár comhardaithe gan nochtadh.
- Dearbhaím go bhfuil gach nós imeachta cuí i bhfeidhm le haghaidh tuairisciú airgeadais, iniúchóireacht inmheánach, soláthair, taistil agus diúscairtí sócmhainní.
- Dearbhaím gur cuireadh Cóid Iompair Ghnó i bhfeidhm do Stiúrthóirí agus d'Fhostaithe agus gur cloíodh leis na Cóid sin.
- Dearbhaím go bhfuiltear ag comhlíonadh an bheartais Rialtais maidir le pá an Phríomhfheidhmeannaigh agus maidir le pá gach fostaí eile de chuid HIQA.
- Dearbhaím go bhfuiltear ag comhlíonadh na dtreoirlínte ón Rialtas maidir le híoc táillí Stiúrthóirí, mar atá curtha in iúl ag an Roinn Sláinte. Tá sceideal táillí agus speansas ar áireamh sa Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird.
- Níl aon teagmhais shuntasacha tar éis dáta an chláir chomhardaithe le tuairisciú.
- Deimhním go bhfuiltear ag comhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí, a cuireadh in oiriúint go cuí do chúinsí HIQA.
- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm le haghaidh nochtuithe cosanta a dhéanamh de réir an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014. Tá tuarascáil maidir le nochtadh cosanta cuimsithe sa tuarascáil bhliantúil.
- Deimhním go bhfuiltear ag comhlíonadh cheanglais bheartas taistil an Rialtais ar gach slí.
- Deimhním gur chomhlíon HIQA na hoibleagáidí atá air faoin dlí cánachais.
- Le linn na bliana 2018, chuir HIQA dhá dhíospóid dhlíthiúla i gcrích le gníomhaireacht eile stáit, ba é sin, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Thionscain HIQA nósanna imeachta rialála in aghaidh FSS faoin Acht Sláinte 2007 chun coinníollacha sriantacha a fhorchur ar an gclárú a bhí ag lárionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas. Sa chás eile, rinne an FSS achomharc in aghaidh cinneadh rialála a bhain le lárionad ainmnithe do dhaoine scothaosta.

## **Tuarascáil an Chathaoirligh**
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

- Dearbhaím gur glacadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus creidim gur féidir le HIQA a thaispeáint go bhfuil an Cód á chomhlíonadh go substainteach aige agus, mar atá leagtha amach sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach, tá sé ag leanúint lena chuid oibre chun comhlíonadh iomlán a bhaint amach.

**Pat O'Mahony**
Cathaoirleach

Dáta: 17 Aibreán 2019

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

## 1. Raon freagrachta

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh againn, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus cloítear leis an gCód Rialachais atá i bhfeidhm ag an Údarás é féin.

## 2. Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i HIQA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí an dáta a faomhadh na ráitis airgeadais, ach amháin i gcás na saincheisteanna rialaithe inmheánaigh atá leagtha amach thíos.

## 3. Cumas le Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais ag HIQA lena gcuimsítear ceathrar ball ón mBord ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Bhí seacht gcruinniú ag an gcoiste i rith 2018.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bun ag HIQA freisin, rud a dtugtar sách acmhainní di agus a sheolann clár oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.

Rinne an Bord beartas bainistíochta riosca a cheadú, rud ina leagtar amach inghlachtacht riosca HIQA, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm aige, agus na róil atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh an beartas sin chuig gach ball foirne ar dóigh dóibh obair de réir bheartais bhainistíochta riosca HIQA ionas gur féidir leo an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn, laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## 4. Creat riosca agus rialaithe

Chuir HIQA córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach *(ar lean)*

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá le sárú ag HIQA. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad agus déanann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais athbhreithniú orthu agus tugann sé cothrom le dáta iad ag gach cruinniú. Úsáidtear na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na nithe a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta do phríomhphróisis ghnó uile a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta le cuntasachta chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a choimeádann an lucht bainistíochta sinsearaí faoi athbhreithniú,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

*Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach*

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is iomchuí. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad agus/nó leis an bhfeidhmíocht tuartha.

### 5. Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag HIQA chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar. Tá ábhair a eascraíonn maidir le rialuithe ar sholáthar tugtha chun suntais faoi shaincheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach *(ar lean)*

### 6. Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag HIQA chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais, agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de HIQA atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, cuirtear bonn eolais faoi fhaireachán agus athbhreithniú HIQA ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.


Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2018. Is é an tátal a bhain an Bord as go raibh sé sásta le héifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

### 7. Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh

Le linn na bliana 2018, tabhaíodh caiteachas €141,000 i ndáil le seirbhísí mar nár chomhlíon na nósanna imeachta soláthair a cuireadh i bhfeidhm na treoirlínte soláthair. Is é seo a leanas an chúis leis an neamhchomhlíonadh:

- Ar feitheamh creataí soláthair a bheith tugtha chun críche ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, choinnigh HIQA conarthaí a bhí ann cheana dar luach €43,000 ar bun. A luaithe a tháinig na creataí nua ón Oifig um Sholáthar Rialtais i bhfeidhm, bhain HIQA leas astu sin i ngach cás chun a chinntiú go gcomhlíonann a ghníomhaíochtaí soláthair na creataí ina n-iomláine.
- Nuair a tháinig sé chun solais nach raibh an díoltóir rathúil i gcomórtas soláthair arna chur i gcrích in ann na ríomhairí glúine a sholáthar don tsonraíocht theicniúil a luadh, bhí ar HIQA ríomhairí a cheannach, dar luach €12,000 ón díoltóir reatha dá chuid, ionas go mbeadh siad aige do na fostaithe nua dá chuid. Cuireadh dara comórtas i gcrích a luaithe is féidir agus rinneadh gach ceannachán ina dhiaidh sin ón díoltóir rathúil sa dara comórtas.
- Fostaíonn HIQA baill foirne gníomhaireachta chun cúraimí éagsúla a chur i gcrích. I ngach cás rinneadh foireann ghníomhaireachta a aimsiú trí chonarthaí arna mbunú trí phróisis soláthair iomaíocha. Lé linn na bliana bhí foireann ghníomhaireachta fostaithe trí chonradh le soláthraí a bhí ann roimh an sealbhóir conartha reatha. De réir mar a tháinig na sannacháin foirne faoi na socruithe oidhreachta sin chun deiridh, cuireadh foireann nua ina n-ionad ón ngníomhaireacht fostaíochta reatha. Le linn 2018, tabhaíodh caiteachas dar luach €86,000 ar fhoireann ghníomhaireachta dá leithéid. Cuireadh deireadh le socruithe dá leithéid anois.

Thar ceann an Bhoird,



**Pat O'Mahony**
Cathaoirleach

Dáta: 17 Aibreán 2019

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## 1. Rialachas

Cuireadh Bord an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) ar bun faoin Acht Sláinte 2007. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 8 den Acht. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Comhlíonann an Bord an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. Is ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an bhfoireann bainistíochta sinsearaí atá an fhreagracht as HIQA a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil.

Cloíonn an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí leis an stiúradh leathan straitéiseach a leagann an Bord síos agus cinntíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha de réir mar a thagann siad chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta HIQA.

## 2. Freagrachtaí an Bhoird

Tá an obair a dhéanann an Bord agus na freagrachtaí atá air leagtha amach i gCód Rialachais HIQA, áit a bhfuil na hábhair atá forchoimeádta go sonrach dá gcinneadh ag an mBord leagtha amach freisin. Áirítear iad seo a leanas leis na buanmhíreanna a bhreithníonn an Bord:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó na coistí,
- tuarascálacha airgeadais agus cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- aon ábhair fhorchoimeádta a thagann chun cinn.

Ceanglaítear le halt 35 den Acht Sláinte ar Bhord HIQA na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ní mór do Bhord HIQA:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird
*(ar lean)*

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 35 den Acht Sláinte 2007. Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a cheadú. Déantar meastóireacht ar fheidhmíocht HIQA in aghaidh an phlean agus an bhuiséid bhliantúil gach bliain agus ar bhonn leanúnach.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais HIQA ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais HIQA ag an 31 Nollaig 2018.

### 3. Struchtúr an Bhoird

Cuimsíonn an Bord Cathaoirleach agus 9 ngnáthchomhalta, a gceapann an tAire Sláinte gach duine díobh.

| Ainm | Ról | Tréimhse oifige tosaithe na tréimhse | Dáta tosaithe na tréimhse oifige |
|---|---|---|---|
| **Pat O'Mahony** | Chairperson of the Board | 03/10/2018 | 02/10/2023 |
| **Mary Fennessy** | Comhalta de Bhord HIQA | 07/04/2014 | 06/04/2019 |
| **Judith Foley** | Comhalta de Bhord HIQA | 07/04/2014 | 06/04/2019 |
| **Molly Buckley** | Comhalta de Bhord HIQA | 29/07/2015 | 28/07/2020 |
| **Paula Kilbane** | Comhalta de Bhord HIQA | 29/07/2015 | 28/07/2020 |
| **Stephen O'Flaherty** | Comhalta de Bhord HIQA | 29/07/2015 | 28/07/2020 |
| **Martin Sisk** | Comhalta de Bhord HIQA | 29/07/2015 | 28/07/2020 |
| **James Kiely** | Comhalta de Bhord HIQA | 26/02/2018 | 25/02/2023 |
| **Caroline Spillane** | Comhalta de Bhord HIQA | 26/02/2018 | 25/02/2023 |
| **Enda Connolly** | Comhalta de Bhord HIQA | 26/02/2018 | 25/02/2023 |

Iarchomhaltaí Boird

| Ainm | Role | Tenure commenced | Tenure expires |
|---|---|---|---|
| **Brian McEnery** | Iar-Chathaoirleach an Bhoird | 15/05/2013 | 14/05/2018 |
| **Una Geary** | Comhalta de Bhord HIQA | 14/02/2013 | 13/02/2018 |
| **Ann Carrigy** | Comhalta de Bhord HIQA | 15/02/2013 | 14/02/2018 |
| **Bairbre O'Neill** | Comhalta de Bhord HIQA | 31/03/2014 | 14/09/2018* |
| **Deirdre Madden** | Comhalta de Bhord HIQA | 26/02/2018 | 23/01/2019* |

**Comhalta boird ar scor deonach*

Chuaigh tréimhse oifige bheirt chomhaltaí boird, Una Geary agus Ann Carrigy, as feidhm an 13 Feabhra 2018 agus an 14 Feabhra 2018 faoi seach. Chuaigh beirt chomhaltaí Boird, Bairbre O'Neill agus Deirdre Madden, ar scor go deonach ón mBord an 14 Meán Fómhair 2018 agus an 23 Eanáir 2019 faoi seach. Cheap an tAire Sláinte Cathaoirleach nua, Pat O'Mahoney, an 3 Deireadh Fómhair 2018. Cheap an tAire Sláinte ceathrar mar chomhaltaí an bhoird, James Kiely, Deirdre Madden, Caroline Spillane agus Enda Connolly an 26 Feabhra 2018.

Tá an deimhniú Rialachais SWiFT 3000 ag HIQA ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Is é deimhniú SWiFT 3000 caighdeán an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) le haghaidh rialachas corparáideach a mheasúnú. Is é cuspóir an mheasúnaithe creataí rialachais chorparáidigh eagraíochta a mheasúnú agus go sonrach leibhéal an chomhlíonta i gcoinne cód cleachtais ábhartha, agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn san áireamh.

Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht an Bhoird in 2018.

**4. Coistí an Bhoird**

Bhunaigh an Bord ceithre choiste mar seo a leanas:

a) **Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais:** Is é ról an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais tacú leis an mBord maidir lena dhualgais i leith saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialála agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tugann an Coiste tuairisc don Bhord tar éis gach cruinnithe agus tugann sé tuarascáil fhoirmiúil i scríbhinn don Bhord gach bliain. Tá an Coiste ag lorg duine seachtrach faoi láthair chun a bheith mar bhall neamhspleách.

b) **An Coiste Maoirseachta ar Acmhainní:** a dhéanann monatóireacht ar riachtanais acmhainní HIQA chun a chinntiú go bfhuil siad ar aon dul le straitéis chorparáideach HIQA. Lena chois sin, déanann sé maoirseacht ar riachtanais eagraíochtúla agus ar fheidhmíocht na bainistíochta.

c) **An Coiste Rialála:** déanann an coiste maoirseacht ar éifeachtúlacht, rialachas, comhlíonadh agus rialuithe maidir le seachadadh fheidhmeanna rialála HIQA.

d) **An Coiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta:** a dhéanann maoirseacht ar na socruithe rialachais atá i bhfeidhm le haghaidh forbairt caighdeán, faisnéis sláinte agus measúnú teicneolaíochta sláinte.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

*(ar lean)*

## 5. Sceideal freastail, táillí agus speansas do chomhaltaí Boird

Tá sceideal freastail ar chruinnithe Boird agus Coistí sa bhliain 2018 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais dheimhnithe a íocadh le gach comhalta:

### (a) Comhaltaí Reatha an Bhoird

| | Cruinniú Reachtúil an Bhoird | Cruinnithe Breise an Bhoird | Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais | Coiste Rialála | Coiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta | Coiste Maoirseachta ar Acmhainní | Táillí | Speansais dheimhnithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An líon cruinnithe | 6 | 8 | 7 | 4 | 2 | 3 | | |
| Pat O'Mahony[1] | 1 out of 1 | 1 out of 1 | N/A | N/A | N/A | 1 out of 1 | 2,884 | - |
| Enda Connolly[2] | 5 out of 5 | 5 out of 6 | 3 out of 5 | N/A | 2 out of 2 | N/A | 7,263 | - |
| James Kiely[3] | 5 out of 5 | 6 out of 6 | 1 out of 1 | N/A | 2 out of 2 | 2 out of 2 | 7,263 | 91 |
| Caroline Spillane[4] | 5 out of 5 | 5 out of 6 | 4 out of 5 | 1 out of 3 | N/A | N/A | 7,263 | 112 |
| Mary Fennessy | 5 out of 6 | 6 out of 8 | N/A | 4 out of 4 | N/A | N/A | 9,120 | 200 |
| Judith Foley | 1 out of 6 | 4 out of 8 | N/A | N/A | 0 out of 2 | 1 out of 1 | - | - |
| Stephen O'Flaherty | 5 out of 6 | 8 out of 8 | 7 out of 7 | N/A | N/A | 3 out of 3 | 9,120 | 592 |
| Paula Kilbane | 5 out of 6 | 8 out of 8 | N/A | 4 out of 4 | N/A | N/A | 9,120 | 275 |
| Martin Sisk[5] | 6 out of 6 | 7 out of 8 | 1 out of 2 | 1 out of 1 | 2 out of 2 | 2 out of 2 | 9,120 | 2,028 |
| Molly Buckley | 6 out of 6 | 5 out of 8 | 2 out of 2 | 3 out of 4 | N/A | N/A | 9,120 | 414 |
| **Iomlán** | | | | | | | **70,273** | **3,712** |

*1 Ceaptha an 3 Deireadh Fómhair 2018*

*2 Ceaptha an 26 Feabhra 2018*

*3 Ceaptha an 26 Feabhra 2018*

*4 Ceaptha an 26 Feabhra 2018*

*5 Baineann íocaíochtaí speansais le speansais a tabhaíodh i mbliana agus i mblianta roimhe seo*

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

*(ar lean)*

## (b) Iarchomhaltaí an Bhoird

| | Cruinniú Reachtúil an Bhoird | Cruinnithe Breise an Bhoird | Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais | Coiste Rialála | Coiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta | Coiste Maoirseachta ar Acmhainní | Táillí | Speansais dheimhnithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An líon cruinnithe | 6 | 8 | 7 | 4 | 2 | 3 | | |
| Brian McEnery[6] | 2 out of 2 | 6 out of 6 | N/A | N/A | N/A | 1 out of 1 | 7,838 | - |
| Una Geary[7] | 1 out of 1 | 1 out of 1 | N/A | 1 out of 1 | N/A | N/A | - | 112 |
| Anne Carrigy[8] | 0 out of 1 | 1 out of 1 | 1 out of 2 | 1 out of 1 | N/A | N/A | 1,458 | 252 |
| Bairbre O'Neill[9] | 2 out of 2 | 4 out of 7 | 5 out of 6 | N/A | N/A | 2 out of 2 | 6,854 | - |
| Deirdre Madden[10] | 3 out of 5 | 4 out of 6 | N/A | 3 out of 3 | 1 out of 2 | N/A | - | 190 |
| David Molony[11] | | | | | | | - | 337 |
| **Iomlán** | | | | | | | **16,150** | **891** |

*6 Tréimhse oifige as feidhm an 15 Bealtaine 2018*

*7 Tréimhse oifige as feidhm an 13 Feabhra 2018*

*8 Tréimhse oifige as feidhm an 14 Feabhra 2018*

*9 D'éirigh as oifig an 14 Meán Fómhair 2018*

*10 Ceaptha an 26 Feabhra 2018 agus d'éirigh as oifig an 23 Eanáir 2019*

*11 Tréimhse oifige as feidhm an 23 Meán Fómhair 2017 ach d'éiligh speansais in 2018 a bhain le tréimhse oifige ar an mbord*

Íocadh táillí leis na comhaltaí Boird de réir na rátaí caighdeánacha ceadaithe do na tréimhsí lena mbaineann. Suas lgo dtí an 30 Aibreán 2018, íocadh táillí chomhaltaí an bhoird i gcomhréir leis na rátaí bliantúla caighdeánacha (arna leagan amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) do Chomhlachtaí Stáit, agus is ionann na rátaí bliantúla don Chathaoirleach agus €20,520 agus €11,970 do chomhalta an bhoird. Ón 1 Bealtaine 2018, áfach, is iad na rátaí a mheastar infheidhme maidir le HIQA €11,970 don Chathaoirleach agus €7,695 do chomhalta boird. Tá na rátaí athbhreithnithe sin iníoctha ón 1 Bealtaine 2018.

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird
*(ar lean)*

Ní íoctar táillí do chomhaltaí an Bhoird atá fostaithe sa tseirbhís phoiblí, faoin treoir um 'Prionsabail Duine Amháin, Tuarastal Amháin' arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Mar thoradh air sin, ní bhfuair triúr comhaltaí de Bhord HIQA (Una Geary, Judith Foley agus Deirdre Madden) aon táillí le linn na bliana.

Sa bhreis ar na speansais dheimhnithe a íocadh go díreach le comhaltaí Boird, d'íoc HIQA suim eile de €2,640 as cóiríocht óstáin. Sna cásanna sin, ní dhearna an comhalta Boird lena mbaineann aon éileamh ar speansais chothaithe.


### 6. Na nochtuithe a éilítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon HIQA ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá na nochtuithe a éilítear leis an gCód leagtha amach i nótaí 5 go 7 agus 9 go 10 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### 7. Ráiteas faoi chomhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus chomhlíon HIQA an Cód ar bhonn substaintiúil ach le roinnt pointí atá fós le réiteach. Taispeánadh le hathbhreithniú athleanúna ar mholtaí le linn 2018 a bhí fós gan réiteach gur tugadh faoi na pointí sin. Seachas na ceisteanna soláthair dá dtagraítear sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach, creideann an Bord go gcomhlíonann HIQA an Cód.

Thar ceann an Bhoird,

Sínithe: 

**Pat O'Mahony**
Cathaoirleach

Dáta: 17 Aibreán 2019

Sínithe: 

**Caroline Spillane**
Comhalta Boird

Dáta: 17 Aibreán 2019

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

### Tuairim choinníollach ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 35 den Acht Sláinte 2007. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus cuimsítear iontu

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas caipitil
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim, ach amháin i gcás neamhchomhlíonadh cheanglais FRS 102 i ndáil leis na teidlíochtaí sochar scoir dá dtagraítear thíos, go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain 2018 de réir FRS 102.

### An bonn don tuairim choinníollach ar na ráitis airgeadais

I gcomhréir leis na hordacháin ón Aire Sláinte, ní thugann an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte cuntais ar chostais teidlíochtaí sochar scoir ach amháin de réir mar a éiríonn siad iníoctha. Ní thagann sé sin le FRS 102, lena gceanglaítear go n-aithneofar sna ráitis airgeadais costas iomlán na dteidlíochtaí sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Níor cainníochtaíodh an tionchar a bheadh ag an neamhchomhlíonadh sin ar ráitis airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don bhliain 2018.

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus ba de réir na gcaighdeán céanna a chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

*(ar lean)*

**Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile**

Chuir an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, tuarascáil an chathaoirligh, an ráiteas faoi rialú inmheánach agus an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí boird. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Andrew Harkess**
**Le haghaidh agus thar ceann**
**an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**24 Aibreán 2019**

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
*(ar lean)*

### Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Leagtar freagrachtaí na gcomhaltaí Boird amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird. Tá na comhaltaí Boird freagrach as na nithe seo a leanas

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a leagtar síos faoi alt 35 den Acht Sláinte 2007
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cé acu is cuí nó nach cuí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíthuairisc ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 35 den Acht Sláinte 2007 ráitis airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais orthu.

Is é an cuspóir atá agam le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuairisc ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Cé gur ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ní ráthaíonn sé go mbraithfear míthuairisc ábhartha, i ngach cás inarb ann di, nuair a dhéantar iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta. Is féidir le míthuairiscí teacht chun cinn as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha i gcás gurb amhlaidh, ina n-aonar nó i dteannta míthuairiscí eile, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar na cinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais lena mbaineann.

Mar chuid d'aon iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, bainim leas as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar fud an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh agam,

- Déanaim na rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú a bhaineann le míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais de bharr calaoise nó earráide; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míthuairisc ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Déanaim cinneadh ar a chuí atá sé bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaim cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor na nochtuithe sin, ceanglaítear orm mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Téim i dteagmháil leo sin a bhfuil freagrachtaí rialachais orthu as raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus as fionnachtana suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha ar an rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh agus, le linn dom é sin a dhéanamh, a mheas cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a gnóthaíodh le linn m'iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil go ndearnadh míthuairisc ábhartha uirthi. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míthuairisc ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

*(ar lean)*

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go bhfuil ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás gur tháinig mé ar aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha dá raibh sé beartaithe ann nó aon chás nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Tuairiscím trí eisceacht freisin i gcás, i mo thuairim féin,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| An Roinn Sláinte (Vóta 38, fotheideal E1) | | 13,200,000 | 12,300,000 |
| Táillí bliantúla agus clárúcháin | 2 | 7,210,829 | 7,069,901 |
| Ioncam eile | 3 | 1,270,653 | 927,770 |
| | | **21,681,482** | **20,297,671** |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | 4 | 15,943,111 | 14,887,024 |
| Taisteal agus cothú | 9 | 808,053 | 837,478 |
| Táillí gairmiúla | 10 | 659,904 | 603,918 |
| Costais foilsithe | | 101,803 | 101,837 |
| Costais tacaíochta | 11 | 2,137,718 | 2,024,267 |
| Costais bhunaithe | 12 | 1,850,073 | 1,751,986 |
| | | **21,500,662** | **20,206,510** |
| Barrachas don bhliain | | 180,820 | 91,161 |
| Barrachas ag 1 Eanáir | | 931,708 | 840,547 |
| Barrachas ag 31 Nollaig | | **1,112,528** | **931,708** |

Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim na gnóthachain agus na caillteanais aitheanta go léir sa bhliain, seachas dímheas agus amúchadh, atá ar áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitil.

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe:

**Pat O'Mahony**
Cathaoirleach

Dáta: 17 Aibreán 2019

Sínithe:

**Phelim Quinn**
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 17 Aibreán 2019

## **Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitil don bhliain**
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|---|
| € | | | |
| **Ioncam** | | | |
| An Roinn Sláinte (Vóta 38, fotheideal L) | | 603,783 | 549,493 |
| Amúchadh an Chuntais Chiste Caipitil | | 668,954 | 559,822 |
| | | **1,272,737** | **1,109,315** |
| **Caiteachas** | | | |
| Daingneáin agus feistis | 13 | 71,433 | 7,676 |
| Trealamh ríomhaireachta | 13 | 532,350 | 541,817 |
| Dímheas | 13 | 668,954 | 559,822 |
| | | **1,272,737** | **1,109,315** |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain** | | **-** | **-** |
| (Easnamh)/barrachas tosaigh | | - | - |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain** | | **-** | **-** |

Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim na gnóthachain agus na caillteanais aitheanta go léir sa bhliain, seachas dímheas agus amúchadh, atá ar áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitil.

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe:

**Pat O'Mahony**
Cathaoirleach

Dáta: 17 Aibreán 2019

Sínithe:

**Phelim Quinn**
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 17 Aibreán 2019

# **An Ráiteas ar Staid an**
Amhail an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|---|
| € | | | |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 13 | 2,078,843 | 2,144,014 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Suimeanna Infhaighte | 14 | 1,164,938 | 656,218 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | | 1,540,854 | 1,801,705 |
| | | 2,705,792 | 2,457,923 |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna iníoctha a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 15 | (1,593,264) | (1,526,215) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **1,112,528** | **931,708** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais** | | **3,191,371** | **3,075,722** |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | |
| Cúlchistí Ioncaim | | 1,112,528 | 931,708 |
| Cuntas Caipitil | 16 | 2,078,843 | 2,144,014 |
| | | **3,191,371** | **3,075,722** |

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.
Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe:

**Pat O'Mahony**
Cathaoirleach

Dáta: 17 Aibreán 2019

Sínithe:

**Phelim Quinn**
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 17 Aibreán 2019

# An Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

**An Barrachas Oibriúcháin a réiteach leis an Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin**

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | € | **€** | **€** |
| € | | | |
| Barrachas Oibriúcháin | | 180,820 | 91,161 |
| (Méadú)/Laghdú ar shuimeanna infhaighte | | (508,720) | (74,255) |
| (Laghdú)/Méadú ar shuimeanna iníoctha agus | | 67,049 | (91,352) |
| Ús a fuarthas | | (80) | (62) |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí** | | **(260,931)** | **(74,508)** |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí** | | | |
| Ceannach sócmhainní seasta | | 603,783 | 549,493 |
| Deontais chaipitil a fuarthas | | (603,783) | (549,493) |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí** | | **-** | **-** |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí** | | | |
| Ús a fuarthas | | 80 | 62 |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí** | | **80** | **62** |
| **(Glanlaghdú)/Glanmhéadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid** | | **(260,851)** | **(74,446)** |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag 1 Eanáir | | 1,801,705 | 1,876,151 |
| **Airgead agus Coibhéisí Airgid ag 31 Nollaig** | | **1,540,854** | **1,801,705** |

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

Sínithe:

**Pat O'Mahony**
Cathaoirleach

Dáta: 17 Aibreán 2019

Sínithe:

**Phelim Quinn**
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 17 Aibreán 2019

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

## 1. Beartais Chuntasaíochta

### 1. (a) Faisnéis ghinearálta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a glacadh leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

### 1. (b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais HIQA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 i gcomhréir le FRS 102 (an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn) arna n-athrú leis na hordacháin ón Aire Sláinte maidir le haoisliúntas. I gcomhréir leis na hordacháin ón Aire Sláinte, ní thugann HIQA cuntas ar chostais teidlíochtaí aoisliúntais ach amháin de réir mar a bhíonn siad iníoctha (féach (j) agus (k)). Ní chomhlíonann an bonn cuntasaíochta sin FRS 102, lena gceanglaítear go n-aithneofar costais den sórt sin sa bhliain ina dtuilltear an teidlíocht.

### 1. (c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Sláinte le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir alt 35 den Acht Sláinte 2007.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais HIQA.

### 1. (d) Ioncam

(i) Deontais Oireachtais

Is ionann an méid a thugtar chun cuntais sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe agus na deontais iarbhír a fuarthas sa tréimhse chuntasaíochta. Mínítear deontais chaipitiúla maidir le caiteachas caipitiúil faofa sa chuntas Ioncaim Chaipitiúil agus Caiteachais ar bhonn fabhraithe.

(ii) Ioncam ó tháillí bliantúla

Aithnítear táillí bliantúla ó sholáthraithe Lárionad Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta trí huaire gach bliain i gcomhréir le hIonstraim Reachtúil 245 de 2009, Rialacháin 2009 Acht Sláinte 2007 (Clárú Lárionad Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta) agus le hIonstraim 493 de 2013, Rialacháin 2013 Acht Sláinte 2007 (Clárú Lárionad Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta) (Leasú).

Aithnítear táillí bliantúla ó sholáthraithe Lárionad Ainmnithe do Dhaoine faoi Mhíchumas trí huaire gach bliain i gcomhréir le hIonstraim Reachtúil 366 de 2013, Rialachán 2013 Acht Sláinte 2007 (Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine (Leanaí agus Aosaigh) faoi Mhíchumas a Chlárú).

(iii) Iarratas ar tháillí a chlárú nó a athrú

Aithnítear iarratais ar tháillí a chlárú nó a athrú tráth a fhaightear an táille ábhartha de réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 245 de 2009, na Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta a Chlárú), 2009 agus de réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 366 de 2013, Rialacháin 2013 um an Acht Sláinte 2007 (Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine (Leanaí agus Aosaigh) faoi Mhíchumas a Chlárú).

(iv) Deontais eile

Is ar bhonn fabhraithe a aithnítear deontais eile, amhail deontais le haghaidh tionscadal arna gcistiú ag an Aontas Eorpach.

### 1. (e) Fostaithe - sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr suimeanna iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

### 1. (f) Suimeanna infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha. Foráil shonrach is ea an soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha agus bunaítear í sa chás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh HIQA in ann na suimeanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

Ní dhíscríobhtar fiach táillí bliantúla ach amháin tar éis don lucht bainistíochta measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht nach mbaileofaí an fiach agus tar éis dó an costas bailithe a chur i gcomparáid leis an bhfiach atá amuigh. Aithnítear gach fiach a díscríobhadh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

### 1. (g) Léas oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim thar thréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa.

### 1. (h) Cistiú caipitil

Déantar sócmhainní seasta HIQA a chistiú ó mheascán de dheontais chaipitil agus de leithdháiltí ón ioncam reatha. Maidir le cistiú a fhaightear ó dheontais, aistrítear é chuig cuntas caipitil a amúchtar ar aon dul le dímheas na sócmhainní gaolmhara. Mínítear deontais chaipitiúla maidir le caiteachas caipitiúil faofa sa Ráiteas ar Ioncam Caipitiúil agus Caiteachas ar bhonn fabhraithe.

### 1. (i) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus dímheas

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe le haghaidh aon soláthair do bhearnú. Cuirtear dímheas ar fáil ar an réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar fad ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar a saol fónta measta, mar a leanas:

- Ús léasachta — Life of the lease
- Troscán agus feistis — 20%
- Trealamh ríomhaireachta — 33.33%

Déantar ceannacháin sócmhainní a chaipitliú beag beann ar fhoinse na gcistí, ach amháin i gcás sócmhainní a chistítear ó dheontais ioncaim (neamhchaipitil) a bhfuil a luach faoi bhun na tairsí seo a leanas:

- Trealamh nó troscán agus feistis — - Níos lú ná €3,809
- Trealamh ríomhaire nó TFC — - Níos lú ná €1,270

Is ionann an luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, má tá an tsócmhainn ar aois agus i riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fónta cheana féin.

Más ann d’fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach sócmhainne, aithnítear an caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

### 1. (j) Aoisliúntas

De réir alt 27 den Acht Sláinte 2007, chuir HIQA scéim aoisliúntais ar bun arna ceadú ag an Roinn Sláinte.

Tá an scéim sin ina scéim aoisliúntais sochair shainithe le haghaidh fostaithe. Ní dhearnadh aon soláthar i leith na sochar atá iníoctha. Cuirtear ranníocaíochtaí ó fhostaithe ar baill den scéim iad sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a fhaightear iad. Déantar íocaíochtaí pinsin faoin scéim a ghearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a íoctar iad. De réir ordachán ón Aire Sláinte, ní dhearnadh aon soláthar i leith na sochar a bheidh iníoctha amach anseo.

### 1. (k) An scéim pinsin seirbhíse poiblí aonair

Tá gach duine a chuaigh isteach san earnáil phoiblí den chéad uair le héifeacht ón 1 Eanáir 2013 ina mbaill den scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair trína n-íoctar asbhaintí pinsin i leith gach fostaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déantar íocaíochtaí pinsin faoin scéim a ghearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a íoctar iad. De réir ordachán ón Aire Sláinte, ní dhearnadh aon soláthar i leith na sochar a bheidh iníoctha amach anseo.

### 1. (l) Breithiúnais agus meastacháin chriticiúla chuntasaíochta

I dtaca le hullmhú na ráiteas airgeadais, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar shuimeanna na sócmhainní agus na ndliteanas a tuairiscíodh tráth dháta an Ráitis faoin Staid Airgeadais agus na suimeanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus costas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil ó na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais:

#### Dímheas agus luachanna iarmharacha

Rinne HIQA athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas agus tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

### 2. Ioncam ó Tháillí Bliantúla agus Clárúcháin

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| € | | |
| Táillí bliantúla | 6,822,423 | 6,743,001 |
| Táillí clárúcháin | 388,406 | 326,900 |
| | **7,210,829** | **7,069,901** |

### 3. Ioncam Eile

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| € | | |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais | 440,958 | 439,588 |
| Deontais ón Aontas Eorpach agus deontais eile | 36,611 | 35,076 |
| An Coimisiún Meabhair-Shláinte | 99,625 | - |
| Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus | 24,273 | - |
| Ioncam ó thionscadal um Chomhoibriú in Éirinn um Athbhreithnithe ar Éifeachtúlacht Chliniciúil HRB | 369,266 | 151,373 |
| Deontas ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don Chlár Náisiúnta ar Eispéiris Othar | 300,000 | 300,000 |
| Ús a fuarthas | 80 | 62 |
| Ioncam ilghnéitheach | (160) | 1,671 |
| **Iomlán** | **1,270,653** | **927,770** |

### 4. Costais Foirne

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| € | | |
| Pá agus tuarastail | 12,526,070 | 11,577,355 |
| Pinsin | 425,797 | 494,694 |
| Baill foirne gníomhaireachta | 1,733,720 | 1,642,263 |
| Táillí comhaltaí Boird | 86,423 | 121,805 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasta (ÁSPC) fostóirí | 1,171,101 | 1,050,907 |
| **Iomlán** | **15,943,111** | **14,887,024** |

Rinneadh asbhaintí €643,509 (2017, €558,045) a bhain le pinsin as tuarastail na foirne agus íocadh iad sin ar aghaidh leis an Roinn Sláinte.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

## 5. Luach Saothair

### 5. (a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe

| € | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha fostaithe | 12,526,070 | 11,439,875 |
| Teidlíocht saoire bliantúla amuigh | 108,265 | 134,328 |
| Sochair fhoirceanta | - | 137,480 |
| Ranníocaíocht ón bhfostóir le leas sóisialach | 1,171,101 | 1,050,907 |
| | **13,805,436** | **12,762,590** |

Ba é 231 duine (2017, 213 duine) an líon iomlán ball foirne, mar choibhéis lánaimseartha, a bhí fostaithe ag deireadh na bliana

### 5. (b) Sochair Ghearrthéarmacha

| € | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Bunphá | 12,526,070 | 11,439,875 |
| Liúntais | - | - |
| | **12,526,070** | **11,439,875** |

### 5. (c) Sochair Fhoirceanta

| € | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Sochair fhoirceanta a gearradh ar ioncam agus caiteachas | - | 137,480 |
| | **-** | **137,480** |

### 5. (d) An Príomhphearsanra Bainistíochta

Is é atá i lucht bainistíochta HIQA na comhaltaí den Bhord, an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Rialála, an Stiúrthóir um Fhaisnéis agus Caighdeáin Sláinte, agus an Príomhoifigeach Oibríochtaí Gníomhach. Tá luach iomlán na sochar fostaithe a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | **20187** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Tuarastal | 624,954 | 619,066 |
| Táillí comhaltaí boird | 86,423 | 121,804 |
| | **711,377** | **740,870** |

Ní áirítear leis na figiúirí thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá baill den phríomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim pinsin HIQA agus ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime eiseamláirí pinsin seirbhíse poiblí.

Aisíocadh suim €25,912 (2017, €29,750) le stiúrthóirí feidhmiúcháin HIQA i leith speansais taistil, speansais chothaithe agus speansais eile a thabhaigh siad le linn dóibh a gcuid dualgas a chur i gcrích.

### 5. (e) Tuarastal agus Sochair an Phríomhfheidhmeannaigh

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Tuarastal | 151,500 | 146,123 |
| | **151,500** | **146,123** |

Tá an Príomhfheidhmeannach ina bhall de scéim pinsin HIQA agus ní théann a theidlíochtaí thar théarmaí na scéime pinsin seirbhíse poiblí atá i bhfeidhm ag HIQA. Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh sna figiúirí thuas.

## 6. Sochair ghearrthéarmacha fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| | 2018<br>Líon | 2017<br>Líon (Nóta 1) |
|---|---:|---:|
| €60,000 - €70,000 | 56 | 56 |
| €70,001 - €80,000 | 26 | 18 |
| €80,001 - €90,000 | 14 | 8 |
| €90,001 - €100,000 | 4 | 5 |
| €100,001 - €110,000 | 4 | 1 |
| €110,001 - €120,000 | 0 | 0 |
| €120,001 - €130,000 | 1 | 0 |
| €130,001 - €140,000 | 0 | 2 |
| €140,001 - €150,000 | 1 | 1 |
| €150,001 - €160,000 | 1 | 1 |

**Nóta 1** Rinneadh figiúr comparáideach 2017 a leasú chun líonta a léiriú do shochair a fuarthas, seachas tuarastail bhliantúlaithe. Ba é nialas suim iomlán na ranníocaíochtaí pinsin ón bhfostóir a íocadh le linn na bliana (2017, nialas).

Chun críocha an nochta seo, áirítear iad seo a leanas le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a íocadh i leith seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe: tuarastal; liúntais ragoibre; agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí. Ní áirítear ÁSPC ón bhfostóir leo, áfach.

## 7. Caiteachas Fáilteachais

Tá an caiteachas fáilteachais a leanas san áireamh leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe:

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---:|---:|
| Fáilteachas Seachtrach (Nóta 1) | 2,296 | 2,928 |
| Fáilteachas Boird agus Foirne | 924 | 2,160 |
| **Iomlán** | **3,220** | **5,088** |

**Nóta 1** ISan áireamh le Fáilteachas Seachtrach 2018 tá méid €1,808, a aisíoc an Líonra Eorpach um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte go hiomlán.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

### 8. Meánlíon Fostaithe

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Rialáil | 151 | 150 |
| Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte | 12 | 10 |
| Faisnéis agus Caighdeáin Sláinte | 18 | 16 |
| Baill foirne tacaíochta | 36 | 32 |
| | **217** | **208** |

Amhail an 31 Nollaig, bhí 231 duine fostaithe ag HIQA mar choibhéis lánaimseartha (2017, 213 duine).

### 9. Taisteal agus Cothú

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Intíre** | | |
| Comhaltaí Boird | 7,243 | 5,546 |
| Fostaithe | 768,906 | 810,146 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| Fostaithe | 25,872 | 13,139 |
| Seirbhísí gairmiúla seachtracha* | 6,032 | 8,647 |
| | **808,053** | **837,478** |

Áirítear le speansais taistil agus chothaithe an Bhoird suim €4,603 a íocadh go díreach le comhaltaí Boird sa bhliain 2018 (2017, €3,557). Baineann an tsuim atá fágtha – €2,640 (2017, €1,989) – le hairgead a chaith HIQA ar chóiríocht óstáin thar ceann na gcomhaltaí Boird. I gcás inar chuir HIQA cóiríocht óstáin ar fáil, ní dhearna an comhalta Boird lena mbaineann aon éileamh ar speansais chothaithe.

*Baineann an costas seo le speansais taistil agus chothaithe a thabhaigh HIQA mar chuid den chostas conarthach a bhí ag baint le seirbhísí gairmiúla áirithe a fháil.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

### 10. Táillí Gairmiúla

Áirítear le costais chomhairleachta an costas ar chomhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta. Ní áirítear leo an costas ar fheidhmeanna seachfhoinsithe 'gnáthghnó'.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Comhairleacht** | | |
| Comhairle dlí ghinearálta | - | 12,066 |
| Comhairle airgeadais agus achtúireach | - | 3,014 |
| Acmhainní daonna | 11,255 | 5,288 |
| Rialachas agus straitéis | 84,874 | 64,190 |
| **Costais chomhairleachta iomlána** | **96,129** | **84,558** |
| | | |
| **Seirbhísí gairmiúla eile** | | |
| Comhairle dlí | 63,929 | 67,735 |
| Seirbhísí gairmiúla TFC | 53,666 | 104,827 |
| Imscrúduithe agus athbhreithnithe reachtúla | 4,920 | 10,298 |
| Forbairt caighdeán agus measúnuithe ar theicneolaíocht na | 40,633 | 5,412 |
| Forbairt eagraíochta | 123,344 | 113,210 |
| Acmhainní daonna agus cur chun feidhme párolla | 42,397 | 29,962 |
| Seirbhísí suirbhé agus pobalbhreithe foirne | - | 23,555 |
| Seirbhísí éascaithe agus oiliúna | 11,181 | 10,220 |
| Creidiúnuithe seachtracha | - | 9,994 |
| Seirbhísí tacaíochta pinsin | 8,610 | 8,580 |
| Seirbhísí soláthair | 7,528 | 443 |
| Eile | 6,798 | 7,100 |
| **Seirbhísí gairmiúla iomlána** | **363,006** | **391,336** |
| | | |
| **Costais Dhlíthiúla** | | |
| Táillí dlíthiúla – imeachtaí dlí (Nótaí 1 agus 2) | 200,769 | 128,024 |
| **Iomlán** | **200,769** | **128,024** |
| | | |
| **Táillí gairmiúla iomlána** | **659,904** | **603,918** |

## 10. Táillí Gairmiúla (ar lean)

**Nóta 1** Sa tábla tugtar sonraí faoin gcaiteachas ar raon imeachtaí dlí le linn na tréimhse tuairiscithe. Áirítear leis dhá dhíospóid le FSS ar a ndearnadh éisteacht sa chúirt. Ní áirítear leis caiteachas a tabhaíodh ar an gcomhairle dlí ghinearálta a fuair HIQA. Tá an caiteachas sin san áireamh leis na costais chomhairleachta thuas.

**Nóta 2** Áirítear leis na himeachtaí dlí costais a bhaineann le hAthbhreithniú Breithiúnach, dá ndámhadh costais páirtí le páirtí do HIQA i gcoinne an iarratasóra. Iarrfaidh HIQA ar an Máistir Fómhais na costais sin a mheasúnú agus a fhaomhadh ionas gur féidir na costais a aisghabháil.

Rinneadh na costais chomhairleachta iomlána a ghearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

## 11. Costais tacaíochta

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Earcaíocht | 197,656 | 149,088 |
| Oiliúint agus forbairt foirne | 184,878 | 153,434 |
| Táillí ballraíochta agus suibscríbhinní | 63,312 | 57,367 |
| Teileafón | 113,559 | 131,748 |
| Tacaíocht agus soláthairtí TF (Nóta 1) | 1,380,775 | 1,311,943 |
| Iniúchóireacht inmheánach agus cuntasaíocht | 84,041 | 72,330 |
| Iniúchóireacht sheachtrach | 13,000 | 13,000 |
| Postas agus páipéarachas | 87,985 | 116,317 |
| Faireachán ar na meáin | 8,795 | 9,634 |
| Cúiréirí | 1,696 | 6,031 |
| Ús prasíocaíochta agus muirir phrasíocaíochta | 580 | 507 |
| Táillí bainc | 1,441 | 2,868 |
| **Iomlán** | **2,137,718** | **2,024,267** |

**Nóta 1** In 2017 rinneadh suim de €300,000 a thaifeadadh mar ghlanioncam i gcoinne an chostais bhaintigh i dtacaíocht agus soláthairtí TF. Léirítear an fáltas go leithleach anois in Ioncam Eile (Nóta 3).

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

## 12. Establishment Expenses

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cíos | 1,196,763 | 1,170,074 |
| Muirear seirbhíse foirgnimh | 105,100 | 94,447 |
| Árachas | 6,496 | 6,349 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | 72,879 | 68,745 |
| Seomraí cruinnithe ar cíos | 8,991 | 16,753 |
| Imeachtaí agus lónadóireacht do gheallsealbhóirí | 49,139 | 62,537 |
| Solas agus teas | 122,806 | 112,361 |
| Glantachán agus dramhaíl | 133,094 | 84,559 |
| Slándáil | 130,470 | 121,646 |
| Coinneáil agus stóráil taifead | 3,778 | 5,863 |
| Sláinte agus sábháilteacht | 20,557 | 8,652 |
| **Iomlán** | **1,850,073** | **1,751,986** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## For the year ended 31 December 2018

### 13. Sócmhainní seasta

| | Ús léasachta | Daingneáin agus feistis | Trealamh ríomhaireachta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Costas nó luacháil** | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 2,067,364 | 643,256 | 3,204,966 | 5,915,586 |
| Breiseanna | - | 71,433 | 532,350 | 603,783 |
| Diúscairtí | - | - | (118,683) | (118,683) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 | 2,067,364 | 714,689 | 3,618,633 | 6,400,686 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 891,564 | 601,341 | 2,278,667 | 3,771,572 |
| Muirear dímheasa don tréimhse | 109,126 | 36,964 | 522,864 | 668,954 |
| Dímheas carntha ar dhiúscairtí | - | - | (118,683 | (118,683 |
| Dímheas carntha 31 Nollaig 2018 | 1,000,690 | 638,305 | 2,682,848 | 4,321,843 |
| Glanluach de réir na leabhar amhail | **1,066,674** | **76,384** | **935,785** | **2,078,843** |
| Glanluach leabhar ag 31 Nollaig 2017 | **1,175,800** | **41,915** | **926,299** | **2,144,014** |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

### 14. Suimeanna infhaighte

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí bliantúla infhaighte | 1,405 | 164 |
| Réamhíocaíochtaí | 537,215 | 486,190 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – An Clár Náisiúnta ar Eispéiris Othar | 300,000 | - |
| An Roinn Sláinte - Deontais Chaipitil infhaighte | 83,115 | 21,783 |
| Féichiúnaithe Tionscadail | 112,915 | - |
| Infháltais Phárolla | 74,137 | 72,942 |
| Infháltais eile | 56,151 | 75,139 |
| | **1,164,938** | **656,218** |

### 15. Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Suimeanna iníoctha | 92,189 | 41,951 |
| Ioncam réamhíoctha | 50,097 | 126,683 |
| Ioncam réamhíoctha tionscadail | 17,714 | 225,210 |
| Fabhruithe trádála | 897,296 | 547,623 |
| Asbhaintí párolla | 427,703 | 450,420 |
| Fabhrú pá saoire | 108,265 | 134,328 |
| | **1,593,264** | **1,526,215** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

### 16. Cuntas Caipitil

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir | 2,144,014 | 2,154,357 |
| **Gluaiseacht don tréimhse** | | |
| Caiteachas ó dheontas caipitil | 603,783 | 549,493 |
| Diúscairtí | (118,683) | (130,729) |
| An méid arna amúchadh ar aon dul leis an dímheas don tréimhse | (668,954) | (559,822) |
| Dímheas carntha ar dhiúscairtí | 118,683 | 130,715 |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **2,078,843** | **2,144,014** |

### 17. Ceangaltais Chaipitil

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Conraithe le haghaidh | 134,950 | 7,012 |
| | **134,950** | **7,012** |

# Nótaí leis na ráitis airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

### 18. Ceangaltais Léasachta

Tá trí áitreabh léasaithe (Corcaigh, Baile Átha Cliath agus Gaillimh) á n-áitiú ag HIQA faoi láthair. Is idir an tiarna talún agus Oifig na nOibreacha Poiblí atá an comhaontú léasa do gach áitreabh.

Maidir leis an léas don áitreabh i nGeata na Cathrach, Machain, Corcaigh, chuathas isteach ann sa bhliain 2008 ar feadh téarma 20 bliain agus mí amháin. Is é €370,420 an cíos bliantúil is iníoctha. Mar thoradh ar chomhaontuithe a ndeachthas isteach iontu mar chuid den chlár díláraithe, is í Oifig na nOibreacha Poiblí a íocann an cíos sin agus ní aisghabhtar ó HIQA é.

Maidir leis an léas don áitreabh i Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath, chuathas isteach ann sa bhliain 2008 ar feadh téarma 20 bliain. Is é €1,177,560 an cíos bliantúil is iníoctha.

Maidir leis an léas don áitreabh ar Bhóthar Áth Cinn, Gaillimh, chuathas isteach ann an 1 Feabhra 2016 ar feadh téarma 10 mbliana. Is é €13,750 an cíos bliantúil is iníoctha.

### 19. Leasanna na gComhaltaí Boird

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun déileáil le coinbhleachtaí leasa, de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### 20. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais seo an 17 Aibreán 2019.

# Aguisín 1: **Tuarascáil bhliantúil maidir le nochtadh cosanta**

Is é seo an tuarascáil bhliantúil ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte maidir le nochtadh cosanta, mar a cheanglaítear faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Ag gníomhú dó faoi alt 7(2) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, rinne an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe,

Príomhfheidhmeannach an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a fhorordú mar fhaightreoir cuí nochtuithemaidir le héagóracha iomchuí i ndáil le gach ní a bhaineann leis na caighdeáin sábháilteachta agus chúraim a sholáthraítear do dhaoine a fhaigheann seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim shóisialta sna hearnálacha cúraim sláinte poiblí agus deonacha agus do dhaoine a fhaigheann seirbhísí cúraim shóisialta san earnáil cúraim sláinte phríobháideach, mar a fhoráiltear leis an Acht Sláinte 2007. Ní fhéadfar déileáil le haon nochtuithe den sórt sin ach amháin ar bhealach a thagann le ról, cearta reachtúla agus dualgais HIQA.

Sa bhliain 2018, rinneadh 311 mír imní i ndáil leis na seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim shóisialta a ndéanann HIQA monatóireacht orthu a chatagóiriú mar mhíreanna imní a fuarthas ó fhostaí de chuid soláthraí seirbhíse. De réir an bheartais atá i bhfeidhm againn, is mar nochtuithe cosanta féideartha a chaitheann HIQA leis na míreanna imní sin. Rinneadh an fhaisnéis sin a thaifeadadh agus a mheasúnú ó thaobh riosca de agus, i ngach cás, úsáideadh í chun bonn eolais a chur faoin idirghabháil is cuí a dhéanfadh HIQA mar rialaitheoir seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim shóisialta agus i gcomhréir leis na dualgais atá air faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Ní bhfuarthas aon nochtuithe cosanta inmheánacha in 2018.

Arna foilsiú ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.

**Chun tuilleadh faisnéise a fháil, déan teagmháil le:**

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte Oifig Réigiúnach
Bhaile Átha Cliath
Cúirt Sheoirse, Lána Sheoirse, Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7
D07 E98Y

Teil: +353 (0) 1 814 7400
Ríomhphost: info@hiqa.ie
URL: www.hiqa.ie

**© An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 2019**